



An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2025
(OR. en)

8983/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0236 (COD)**

**SIMPL 29
ANTICI 34
AGRI 194
AGRIFIN 46
AGRIORG 55
AGRISTR 18
AGRILEG 78
FIN 521
CODEC 603**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Bealtaine 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 236 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 236 final.

Faoi iamh: COM(2025) 236 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.5.2025
COM(2025) 236 final

2025/0236 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis

{SWD(2025) 236 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Comhthéacs ginearálta an togra

I dtreoirlínte polaitiúla an Uachtaráin von der Leyen do Choimisiún 2024-2029¹, leagtar amach plean le haghaidh an rathúnais inbhuanaithe. Leagtar béim sa phlean ar an ngá atá le borradh a chur faoin iomaíochas chun deiseanna a scaoileadh, an nuálaíocht a spreagadh agus tacú leis an bhfás san Aontas Eorpach (AE).

I dtuarascáil Mario Draghi dar teideal ‘The future of European Competitiveness’², [Todhchaí Iomaíochas na hEorpa], léirítear ualaí rialála costasacha, a dhéanann difear go háirithe do FBManna trí oibleagáidí tuairiscithe iomarcacha, bearnaí infheistíochta agus coinníollacha neamhfhabhracha chun infheistíocht phríobháideach a ghíaráil. Sa tuarascáil moltar iarrachtaí comhordaithe, bíodh sé trí chéimeanna níos lú, céimeanna carnacha, gníomhaíochtaí misniúla ar leibhéal an Aontais, nó coimhdeacht mhéadaithe chun na hualaí rialála costasacha sin a laghdú.

Treochlár straitéiseach a dhéanamh de mholtaí na tuarascála, leagtar amach i gcompás iomaíochais an Choimisiúin cúig³ chumasóir chothrománacha a chuimsíonn na beartais agus na hearnálacha uile. Áirítear leis sin iarrachtaí córasacha simpliúcháin chun ualaí rialála a chuíchóiriú, lena n-áirítear nósanna imeachta chun rochtain a fháil ar chistí an Aontais a dhéanamh níos simplí, níos tapúla agus níos éadroime. Leagtar béim sa chompás ar dhlúthnaisc leis an digitiú ar mhaithe le bainistiú sonraí níos fearr, agus costais chomhlíontachta agus riaracháin á n-íoslaghdú.

Sa teachtaireacht ‘Eoraip níos simplí agus níos tapúla’⁴, cuirtear bealach nua oibre chun cinn idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus páirtithe leasmhara de mheon na comhpháirtíochta agus an chomhair, chun rialacha an Aontais a shimpliú, chun ualaí rialála a laghdú agus chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéantar agus a gcuirtear chun feidhme na rialacha. Leagtar síos sa teachtaireacht an sprioc chun an t-ualach riaracháin a eascraíonn as rialacha an Aontais a laghdú 25 % ar a laghad le haghaidh gach cuideachta agus 35 % le haghaidh FBManna, faoi dheireadh 2029.

Mar a chuir an Coimisiún i dtábhacht sa Straitéis um Aontas na hUllmhachta⁵ an 26 Márta 2025, léirigh paindéim Covid 19 agus forbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí gur féidir le

¹ [Rogha na hEorpa, Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024–2029](#)

² [Draghi, M., The future of European competitiveness \[Todhchaí Iomaíochas na hEorpa\], Mí Mheán Fómhair 2024.](#)

³ [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gcomhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM \(2025\) 30 final: Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach.](#)

⁴ [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gcomhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM \(2025\) 47 final: Eoraip níos simplí níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú.](#)

⁵ [Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Straitéis um Eoraip na hUllmhachta, JOIN\(2025\) 130 final](#)

mórtheagmhais chriticiúla, amhail coinbhleachtaí armtha nó bagairtí hibrideacha, gur féidir leo cur isteach go mór ar gheilleagar an Aontais agus ar a shochaí ina hiomláine, agus gur gá ullmhacht a áirithiú chun bagairtí den sórt sin a chosc agus freagairt dóibh. Go háirithe, tá an Coimisiún ar an eolas faoi na dúshláin thromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist le coinbhleacht armtha ar chríoch Ballstáit nó sabaitéireacht thromchúiseach bhonneagair, mar shampla, ar sholáthairtí uisce le haghaidh feirmeoirí atá ag oibriú sa limistéar lena mbaineann. I dtaca leis sin, meabhraíonn an Coimisiún, mar a mhínítear sa Teachtaireacht maidir le *force majeure* agus imthosca eisceachtúla i Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air an 30 Bealtaine 2024⁶, go bhféadfadh coincheap *force majeure* cásanna nach luaitear go sonrach in Airteagal 3 den Rialachán sin a chumhdach freisin, amhail coinbhleacht armtha nó sabaitéireacht bhonneagair taobh istigh de chríoch Ballstáit, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha. Dá bhrí sin, na hiarmhairtí dlíthiúla a d'eascródh de ghnáth, faoi na rialacha is infheidhme, ó neamhchomhlíonadh oibleagáidí na bhfeirmeoirí a oibríonn sa limistéar lena mbaineann na teagmhais sin, féadfaidh *force majeure* iad a mhaitheadh do na feirmeoirí.

Croíphrionsabal den 'Fís don Talmhaíocht agus don Bhia'⁶ is ea dlúth-rannpháirtíocht agus dlúth-idirphlé i measc institiúidí an Aontais, feirmeoirí agus páirtithe leasmhara agraibhia eile ar gach leibhéal. Agus aitheantas á thabhairt don ról rithábhachtach atá ag feirmeoirí sa tsochaí, féachtar san Fhís le borradh a chur faoi iomaíochas agus faoi tharraingteacht na hearnála agraibhia. Agus leas á bhaint as an Idirphlé Straitéiseach maidir le Todhchaí na Talmhaíochta san Aontas⁷, leagtar amach ann na dálaí is gá chun go mbeidh rath ar an earnáil agus chun go leanfaidh sí de na tairbhí iomadúla a bhaineann léi a chur ar fáil don tsochaí anois agus go 2040. Sainaithnítear simpliú, taighde, nuálaíocht agus digitiú mar phríomhréimsí chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Cuirtear i bhfios go láidir san Fhís gur cheart 'feirmeoirí a bheith ina bhfiontraíthe agus ina soláthraithe, gan ualaí maorlathacha nó rialála nach bhfuil gá leo a bheith orthu', chun nuálaíocht agus inbhuanaitheacht a spreagadh i gcleachtais talmhaíochta. Leis an bhFís chomh maith le héagsúlacht na hearnála, éilítear cineálacha cur chuige saincheaptha seachas réitigh 'a oireann do chách', in éineacht le seiceálacha réaltachta ar reachtaíocht an Aontais, agus simpliúcháin arna n-éascú le teicneolaíochtaí nua, amhail tuairisciú uathoibrithe chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Tá sé chomh tábhachtach céanna cothromaíocht cheart a bhaint amach idir beartais rialála agus beartais atá bunaithe ar dhreasachtaí. Aithnítear san Fhís riachtanais shonracha na bhfeirmeacha beaga, agus béim á leagan ar an ngá atá le hualach riaracháin íosta agus bealaí níos éasca chun rochtain a fháil ar thacaíocht ón gComhbheartas Talmhaíochta (CBT). Is minic a bhíonn siad sin agus roinnt feirmeacha eile faoi mhíbhuntáiste maidir le rochtain a fháil ar chistiú agus úsáid a bhaint as, rud a chuireann bac ar a gcumas infheistíocht a dhéanamh, nuálaíocht a dhéanamh agus forbairt a shaothrú.

Sa tréimhse 2023-2027, tacaíonn CBT le feirmeoirí trí Phleananna Straitéiseacha náisiúnta CBT (Pleananna CBT, na Pleananna) arna dtarraingt suas ag na Ballstáit faoi chreat coiteann de chuid an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta. Cuireann an cur chuige sin borradh faoin gcoimhdeacht i mbainistiú CBT chomh maith le fócas an bheartais ar an bhfeidhmíocht, rud a fhágann gur féidir freagairtí comhtháite agus níos spriocdhírithe a thabhairt ar dhúshláin talmhaíochta ar fud chríocha na mBallstát. Faoin gcur chuige sin, tá ról tábhachtach ag na Ballstáit maidir leis an ualach riaracháin ar fheirmeoirí a choinneáil teoranta agus comhréireach.

⁶ [30.05.2024 COM\(2024\) 225 final EUR-Lex](#)

Formheasadh na Pleananna CBT in 2022, agus tá siad á gcur chun feidhme ó bhí 2023 ann, tacaíocht ioncaim dhíreach á soláthar d'fheirmeoirí leo, cistiú le haghaidh scéimeanna comhshaoil, cúnamh le haghaidh infheistíochtaí, nuálaíocht, riachtanais shonracha earnálacha talmhaíochta áirithe, agus forbairt tuaithe. Sonraítear sna Pleananna sraith ceanglas, idirghabhálacha agus spriocanna ar fud 10 gcuspóir shonracha CBT, agus déantar dul chun cinn na gcuspóirí sin a thomhas le táscairí coiteanna. Tá ról tábhachtach ag na Pleananna maidir le hioncam feirmeoirí a choinneáil ar bun agus, ag an am céanna, aistriú thalmhaíocht an Aontais chuig samhail feirmeoireachta inbhuanaithe a éascú, lena n-áirítear slándáil bia agus beogacht na gceantar tuaithe.

Tacaítear le CBT le creat seanbhunaithe chun aiseolas ó pháirtithe leasmhara a bhailiú agus a phlé trí ghrúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin, grúpaí idirphlé shibhialta le haghaidh fóraim thrasnacha, théamacha agus earnáilsonracha. Bailíonn Líonra CBT feirmeoirí agus eagraíochtaí eile, riaracháin, taighdeoirí, fiontraithe agus cleachtóirí eile le chéile chun eolas agus faisnéis a mhalartú, chun foghlaim idir piaraí a spreagadh agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt. Leis an gcreat rialachais faoi Phleananna CBT, lena n-áirítear coistí faireacháin, soláthraítear bealaí le haghaidh rannpháirtíocht na páirtithe leasmhara ar leibhéal na mBallstát.

Comhthéacs sonrach agus cuspóirí

Tharla an chéad bhliain de chur chun feidhme na bPleananna i gcomhthráth le tús chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cogadh a bhfuil difear suntasach déanta aige do mhargaí ó shin, agus a d'athraigh comhthéacs níos leithne bheartas talmhaíochta an Aontais. Ag an am céanna, bhí tionchar suntasach ag tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile ar tháirgeadh go leor feirmeoirí ar fud an Aontais.

Tar éis agóidí forleathana feirmeoirí go luath in 2024 agus plé sa Chomhairle Eorpach faoi na dúshlán atá roimh earnáil na talmhaíochta, agus aiseolas ó institiúidí an Aontais agus ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcéad bhliain de chur chun feidhme Phleananna CBT, chuir an Coimisiún sraith coigeartuithe spriocdhírith ar chreat dlíthiúil CBT chun cinn⁷. Bhí sé d'aidhm ag na coigeartuithe sin creat dlíthiúil an Aontais a ailíniú ar bhealach níos fearr le réaltachtaí ar an bhfeirm, feabhas a chur ar riar na bPleananna ag na Ballstáit, agus ualach na rialuithe ar fheirmeoirí a laghdú.

Leanadh den díospóireacht maidir le CBT a shimpliú in 2025 agus úsáid á baint as na léargais ó 2024, is é sin, an dara bliain de chur chun feidhme na bPleananna. Tháinig Airí Talmhaíochta an Aontais le chéile an 27 Eanáir 2025 agus d'iarr siad go ndéanfaí tuilleadh simpliúcháin. Ar an iomlán, léiríodh sna glaonna sin gur gá feabhas a chur ar iomaíochas fheirmeacha an Aontais, an t-ualach ar fheirmeoirí agus ar riaracháin phoiblí araon a laghdú, agus na hacmhainní teoranta a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtaí chun freastal ar éilimh athraitheacha. Léirigh siad freisin go bhfuil deiseanna áirithe a eascraíonn as CBT fós tearcúsáidte mar gheall ar chastachtaí i gcur chun feidhme agus i mbainistiú. Ní aithnítear go maith i gcónaí imthosca, cleachtais agus riachtanais shonracha grúpaí feirmeoirí áirithe, rud a bhféadfadh oibleagáidí forluiteacha a bheith mar thoradh air.

⁷ [Regulation - EU - 2024/1468 - GA - EUR-Lex](#)

Leis na coigeartuithe atá beartaithe ar reachtaíocht CBT, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún feabhas a chur ar a chur chun feidhme trí fhreagairt thapa láidir a thabhairt ar na saincheistanna a sainaithníodh agus ar na dúshláin nua. Leis an bhfreagairt sin, ba cheart cur leis an tsolúbthacht le haghaidh na mBallstát agus an t-ualach ar fheirmeoirí a laghdú ionas go mbainfidh siad leas as deiseanna uile CBT, agus ról CBT á choinneáil ar bun ag an am céanna maidir le tacú le haistriú talmhaíocht na hEorpa.

Leagadh amach san Fhís don Talmhaíocht agus don Bhia príomhréimsí den chreat reachtach talmhaíochta atá ann faoi láthair nach mór a choigeartú (agus cuireadh saincheistanna eile, níos forleithne, ar leataobh le haghaidh an phlé i gcomhthéacs CBT tar éis 2027). Tugtar aghaidh orthu sin sa togra reatha mar a leanas:

- Simpliú ar an bhfeirm agus cuíchóiriú na gceanglas chun oiriúnú níos fearr do chásanna éagsúla agus do chleachtais éagsúla feirmeoireachta. Mar shampla, déanfar é sin trí chreat coinníollachta CBT a choigeartú de réir na geleachtas atá á saothrú ag feirmeoirí orgánacha, íocaíochtaí in aghaidh beostoic agus coirceog a cheadú le haghaidh gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide agus éiciscéimeanna, agus an fheirmeoireacht orgánach go háirithe á cur san áireamh, foráil a dhéanamh maidir le níos mó solúbthachta i gcur chun feidhme GAEC 1, 2 agus 4, agus a rannchuidiú lena gcuspóirí á choinneáil ar bun ag an am céanna, rud lena dtugtar isteach an fhéidearthacht tacaíocht a íoc go tapa i gcás géarchéime, trí bhainistiú riosca a dhéanamh níos solúbtha le haghaidh barra áirithe agus cineálacha áirithe feirmeoirí;
- Tacaíocht d'fheirmeacha beaga agus meánmhéide a chuíchóiriú trí na Ballstáit agus feirmeoirí a spreagadh chun úsáid níos mó a bhaint as íocaíochtaí simplithe. Mar shampla, déanfar é sin tríd an teorainn íocaíochta cnapshuime bhliantúil le haghaidh feirmeoirí beaga a mhéadú nó trí thacú lena bhforbairt gnó;
- Borradh a chur faoin iomaíochas. Sa bhreis ar shimpliú ginearálta, déanfar é sin trí rialacha maidir le hionstraimí airgeadais a shimpliú, roghanna caighdeánacha costais le haghaidh infheistíochtaí agus cúnamh airgeadais leathnaithe le haghaidh earnáil na dtorthaí agus na nglasraí;
- Níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit chun a bPleananna Straitéiseacha CBT a bhainistiú. Mar shampla, déanfar é sin trí dheireadh a chur le hoibleagáid an athbhreithnithe ar Phlean CBT a eascraíonn as athruithe ar ghníomhartha dlí áirithe de chuid an Aontais, trí dheireadh a chur le sásra an Imréitigh Feidhmíochta Bhliantúil, trí mheasúnú cáilíochta an Chórais Chomhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) a shimpliú, trí níos mó solúbthachta a sholáthar sa mhodheolaíocht le haghaidh rialuithe coinníollachta, trí rialacha maidir le leasuithe idir an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a ailíniú ar bhealach níos fearr agus trí na leasuithe sin amháin ar de chineál straitéiseach iad a chur faoi réir formheas ón gCoimisiún, agus trí shíneadh a chur leis na teorainneacha ama a bhfuil feidhm acu maidir leis an Athbhreithniú Bliantúil ar Fheidhmíocht.

Ní bheidh iarrachtaí chun an reachtaíocht a chur chun feidhme go simplí teoranta do Phleananna Straitéiseacha CBT.

Ní mór béim a leagan freisin ar an ról ríthábhachtach a bheidh ag na Ballstáit maidir le simpliú fóinteach atá bunaithe ar an togra a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit iarrachtaí an Choimisiúin

roghanna níos leithne a chur ar fáil chun a chuspóirí beartais a bhaint amach a shaothrú freisin ionas go mbainfidh feirmeoirí lántairbhe as cuspóirí simpliúcháin an togra.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na leasuithe atá beartaithe comhsheasmhach le fealsúnacht ghinearálta bhunghníomhartha CBT atá i bhfeidhm faoi láthair, is é sin, Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116. Dá bhrí sin, tá an togra comhsheasmhach leis an mbeartas atá ann faoi láthair.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an togra, coigeartaítear roinnt forálacha i Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 atá i bhfeidhm faoi láthair, forálacha a measadh a bheith comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais agus cuirtear forálacha nua leis i gcomhréir le fealsúnacht ghinearálta bhunghníomhartha CBT atá ann cheana. Dá bhrí sin, tá an togra comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais ós rud é nach dtugtar isteach leis eilimintí nua ó bhonn sna beartais atá ann cheana.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an togra Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán (AE) 2021/2116 araon a leasú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Foráiltear le CFAE go roinntear an inniúlacht chun beartas talmhaíochta an Aontais a chinneadh idir an tAontas agus na Ballstáit. Feidhmíonn an tAontas a inniúlacht agus gníomhartha reachtacha éagsúla á nglacadh aige lena sainítear agus lena gcuirtear chun feidhme CBT an Aontais mar a fhoráiltear in Airteagail 38 go 44 CFAE. Is cuid de chreat reachtach CBT an Aontais iad Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116. Chun deacrachtaí áirithe a mhaolú, simpliú a sholáthar agus an t-ualach riaracháin a laghdú, ní mór na Rialacháin sin a leasú agus ní féidir é sin a dhéanamh ach ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Ní dhéanann an togra modhnú ar na Rialacháin atá ann cheana ach amháin a mhéid is fíorghá chun na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach. Laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit agus ar fheirmeoirí agus ní chuireann sé eilimintí nua leis ach a mhéid is fíorghá chun na Rialacháin atá ann cheana a chur in oiriúint do na cuspóirí a leagtar amach thuas.

- **An rogha ionstraime**

Toisc gur rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle iad na gníomhartha reachtacha bunaidh, ní mór na leasuithe a thabhairt isteach mar rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoin ngnáthnós imeachta reachtach.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Freagraíonn an togra d'ionchais an phobail feirmeoireachta agus do na hiarrataí a rinne an Chomhairle agus na Ballstáit arís agus arís eile aghaidh a thabhairt a luaithis is féidir ar na hualaí riaracháin agus ar na riaráistí i gcreat reachtach CBT.

Agus an togra seo á ullmhú, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar ionchur ó riaracháin náisiúnta, ó Choiste COMAGRI Pharlaimint na hEorpa, agus ó ionadaithe feirmeoirí a soláthraíodh in 2024 agus ina raibh os cionn 500 moladh aonair. Scrúdaigh sé freisin níos mó ná 400 moladh a sholáthair na Ballstáit tar éis dhíospóireacht an 27 Eanáir 2025 i gComhairle AGRIFISH. Cumhdaíodh leis na moltaí sin raon leathan saincheistean beartais, cur chun feidhme, eagrúcháin agus eacnamaíocha maidir le reachtaíocht CBT agus reachtaíocht neamh-CBT araon.

Bhreithnigh an Coimisiún aiseolas tar éis plé maidir le cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT i ngrúpaí saeolaithe de chuid an Choimisiúin agus i líonra CBT freisin, agus ionchuir spontáineacha ó ghrúpaí páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear eagraíochtaí feirmeoirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil.

Tionóladh cruinniú de Ghrúpa Idirphlé Shibhialta maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT agus Ábhair Chothrománacha an 24 Márta 2025 chun bearta simpliúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann a phlé. Ag an gcruinniú sin, roinn na rannpháirtithe smaointe maidir le reachtaíocht CBT a shimpliú agus reachtaíocht an Aontais i réimsí atá ábhartha d'fheirmeoirí ar bhonn níos leithne. Roinn siad smaointe freisin maidir le hábharthacht agus tábhacht na roghanna náisiúnta cur chun feidhme chun creat CBT a shimpliú le haghaidh feirmeoirí agus tairbhíthe eile. Sna cruinnithe sin agus i roinnt litreacha a seoladh chuig an gCoimisiún chomh maith, leag páirtithe leasmhara áirithe béim ar an ngá atá le gan simpliú a dhéanamh ar bhealach a dhéanadh dochar do chuspóirí beartais comhshaoil nó dálaí oibre cothroma. Leag cuid acu béim freisin ar an tábhacht a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil le haghaidh feirmeoirí.

Tháinig grúpa téamach um shimpliú líonra CBT an Aontais le chéile an 2 Aibreán 2025 chun tuairimí a roinnt maidir le dúshlán cur chun feidhme a bhféadfaí aghaidh a thabhairt orthu trí shimpliú agus chun samplaí a bhailiú de ghníomhaíochtaí a rinneadh cheana ar leibhéal na mBallstát a d'fhéadfaí a mhacasamhlú mar dheachleachtas i bhfeidhmeanna CBT agus i bhfaireachán, tuairisciú agus rialuithe.

Fuarthas tuilleadh fianaise trí shuirbhé faoi fheirmeoirí lenar bailíodh beagnach 27000 freagra in 2024 maidir lena dtaithí agus a mbraistintí faoi iarratas a dhéanamh ar thacaíocht CBT agus na hoibleagáidí gaolmhara. Bhí an suirbhé sin, mar aon le hagallaimh dhoimhne leantacha ar shampla freagróirí, agus suirbhéanna agus agallaimh le tairbhíthe CBT agus páirtithe leasmhara eile ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát mar bhonn eolais do staidéar ar an simpliú agus ar an ualach riaracháin le haghaidh feirmeoirí agus tairbhíthe eile faoi CBT.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuirtear san áireamh sa togra torthaí an staidéir sheachtraigh maidir le simpliú agus an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí agus ar thairbhíthe eile faoi CBT a rinneadh in 2024-2025⁸. Leis an staidéar, déantar dearcadh na dtairbhíthe agus na seirbhísí comhairleacha a léiriú agus a anailísiú maidir le príomhfhoinsí an ualaigh riaracháin agus na ndeacrachtaí a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas a bhaineann le cur chun feidhme CBT 2023-2027; déantar measúnú ar an ualach ar thairbhíthe agus sainaithnítear an t-ualach a eascraíonn as reachtaíocht CBT ar leibhéal an Aontais agus an t-ualach a bhaineann le roghanna cur chun feidhme na mBallstát agus rórialáil a d'fhéadfadh a bheith ann; agus tagtar ar chonclúidí maidir leis na gníomhaíochtaí/réimsí simpliúcháin is tábhachtaí ó thaobh tairbhíthe tacaíochta CBT de.

- **Measúnú tionchair**

Ós rud é go bhfuil géarghá le bearta a chur ar aghaidh chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a sainaithníodh, níorbh fhéidir measúnú tionchair iomlán a ullmhú. Mar sin féin, d'ullmhaigh an Coimisiún doiciméad inmheánach oibre le bheith ag gabháil leis an togra seo, ina ndéantar measúnú ar an laghdú ar chostais riaracháin.

Stiúrann an pacáiste CBT ar an gconair a leagtar amach san Fhís don Talmhaíocht agus don Bhia, rud a chumasaíonn aistriú cothrom chuig cleachtais talmhaíochta fheabhsaithe agus a thacaíonn le deiseanna forbartha gnó feirmeoirí, go háirithe le haghaidh feirmeoirí óga. Cuireann sé solúbthacht bhreise shuntasach ar fáil do na Ballstáit agus d'fheirmeoirí araon agus cruthaíonn sé dálaí chun úsáid níos mó a bhaint as deiseanna chreat dlíthiúil CBT. Aithnítear freisin sna leasuithe atá beartaithe go bhféadfadh dreasú feirmeoirí a bheith níos éifeachtaí ná athruithe a fhorchur trí cheanglais éigeantacha, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go nglacfar níos mó le feabhsuithe inbhuanaitheachta agus go gcloífear leo. Leis an togra simpliúcháin, coinnítear na comhpháirteanna fíor-riachtanacha uile d'ailtireacht ghlas CBT, lena n-áirítear caighdeáin GAEC agus ionstraimí tacaíochta CBT uile a leanfar dá gceapadh chun dul níos faide ná na caighdeáin éigeantacha.

Ar an iomlán, léirítear sa mheasúnú go gcuirtear deiseanna ar fáil leis an bpacáiste chun an t-ualach a bhaineann le CBT a laghdú go suntasach, go háirithe le haghaidh feirmeoirí. Beidh a mhéid a bhainfear amach costais agus tairbhí laghdaithe agus a ndáileadh ag brath go mór, áfach, ar na roghanna a dhéanfaidh na Ballstáit. Tá ról ríthábhachtach ag na Ballstáit maidir leis na deiseanna nua a ghíaráil agus simpliú inláimhsithe a bhaint amach le haghaidh feirmeoirí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra ceaptha go sonrach chun simpliú tábhachtach ar chreat dlíthiúil CBT an Aontais a éascú agus chun an t-ualach riaracháin ar fheirmeoirí agus ar riaracháin náisiúnta a laghdú.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear na ceartha bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

⁸ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um Thalmhaíocht agus Fhorbairt Tuaithe (2025): Staidéar ar shimpliú agus ar an ualach riaracháin le haghaidh feirmeoirí agus tairbhíthe eile faoi CBT, nasc: <https://eu-cap-network.ec.europa.eu/publications/study-simplification-and-administrative-burden-farmers-and-other-beneficiaries-under>

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh tionchar buiséadach ag an togra mar gheall ar leasú ar Airteagal 52(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, lena n-éascaítear an méadú ar chúnamh airgeadais an Aontais le haghaidh idirghabhálacha eárnála in eárnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

An cúnamh airgeadais ón Aontas d'eagraíochtaí táirgeoirí torthaí agus glasraí a rinne na Ballstáit a fhormheas chun cláir oibríochtúla (CO) a chur chun feidhme, beidh sé teoranta do chéatadán áirithe (ó 4,1 % go 5,5 % ag brath ar chineál na dtairbhíthe agus na gcuspóirí atá á saothrú) de luach táirgthe arna mhargú na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin. Leis an leasú atá beartaithe ar Airteagal 52(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, d'fhéadfaí méadú 0,5 pointe céatadán a dhéanamh ar na teorainneacha sin le haghaidh idirghabhálacha an Phlean Straitéisigh CBT, faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh. Ag brath ar rogha na heagraíochta táirgeoirí, is féidir leis sin an caiteachas a mhéadú. Ós rud é go gcuirfear na cláir oibríochtúla uile chun feidhme ó 2026 ar aghaidh faoin bPlean Straitéiseach CBT agus go mbeidh siad bunaithe ar fhorghníomhú na hearnála sa bhliain airgeadais 2024 (EUR 1,15 billiún), is é EUR 5,75 milliún (EUR 1,15 billiún x 0.05) an caiteachas breise bliantúil measta. Chun úsáid a bhaint as an méadú a d'fhéadfadh a bheith ann, beidh ar eagraíochtaí táirgeoirí a glár oibríochtúla a leasú, agus dá bhrí sin déanann an tionchar airgeadais difear do 2026 agus 2027. Fanfaidh aon chaiteachas gaolmhar faoi fho-uasteorainn an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT).

Thairis sin, tá tionchar buiséadach neamh-inchainníochtaithe ag an togra a eascraíonn as an leasú ar Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/2116. Leis an leasú atá beartaithe ar an bhforáil sin, eisiatar ón maoiniú faoin gcúlchiste talmhaíochta na bearta lena dtugtar tacaíocht d'fheirmeoirí atá buailte ag tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha. Ní athraíonn an togra méid foriomlán an chúlchiste. Mar sin féin, d'fhéadfadh caiteachas níos ísle faoin gcúlchiste a bheith mar thoradh ar an bhforáil, i gcás nach n-úsáidfear í le haghaidh bearta in aghaidh suaitheadh sa mhargadh (Airteagal 219 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013), bearta a bhaineann le galair ainmhithe agus lotnaidí plandaí agus muinín tomhaltóirí a chailliúint (Airteagal 220 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013), bearta eile chun fadhbanna sonracha a réiteach (Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013) nó comhaontuithe agus cinntí le linn tréimhsí míchothromaíochtaí tromchúiseacha i margaí (Airteagal 222 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013) (tá an dara ceann faoi réir ghlacadh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus teacht i bhfeidhm na forála gaolmhaire sa togra ón gCoimisiún maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú (COM(2024) 577 final). Ós rud é nach féidir a bheartú roimh ré cé na himthosca eisceachtúla ar féidir leo cáiliú do thacaíocht i bhfoirm bearta eisceachtúla, ní féidir an tionchar buiséadach sin a chainníochtú. D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag an leasú atá beartaithe (má thagann na leasuithe atá beartaithe i bhfeidhm faoin am sin) ón 16 Deireadh Fómhair 2025 ar a luaithe, agus dá bhrí sin sa bhliain airgeadais 2026, ós rud é gur leithdháileadh cistí cheana féin faoi chúlchiste 2025 le haghaidh eárnálacha a ndéanann teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha difear dóibh⁹. Fanfaidh aon chaiteachas gaolmhar faoi fho-uasteorainn an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT).

⁹ RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/441 ÓN GCOIMISIÚN an 6 Márta lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte le teagmhais dhíobhálacha aeráide agus le tubaistí nádúrtha sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/441, 10.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/441/oj).

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Mar a leagtar síos in Airteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115, bunaíodh creat feidhmíochta faoi fhreagracht chomhroinnte na mBallstát agus an Choimisiúin. Leis an gcreat feidhmíochta, déantar foráil maidir le tuairisciú, faireachán, agus meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT le linn chur chun feidhme an phlean. Modhnaítear an creat sin beagán leis an togra mar gheall ar choigeartú na dtáscairí aschuir i ngeall ar bhunú na mbeart géarchéime. Cuirtear ceanglas tuairiscithe nua ar na Ballstáit isteach freisin faoi Airteagal 13a nua de Rialachán (AE) 2021/2116.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar (is rialachán é an téacs dlíthiúil).

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Molann an Coimisiún na hathruithe seo a leanas ar an dá Rialachán CBT:

Sainmhínte creata: Is léir ón taithí a fuarthas agus an sainmhíniú ar fhéarthailte buana á chur chun feidhme go mbíonn sé deacair ar chórais feirmeoireachta a bhfuil uainíochtaí agranamaíocha fada acu é a chur i bhfeidhm, go háirithe chun fiailí a chomhrac. Dá bhrí sin, leasaítear an fhoráil a bhaineann leis an sainmhíniú sin ionas go bhféadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh síneadh a chur leis an teorainn ama sula dtiocfaidh an sainmhíniú ar fhéarthailte buana i bhfeidhm ar limistéar féarthalamh ó 5 bliana go 7 mbliana.

Córas coinníollachta: Léiríonn an taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm an chórais coinníollachta in 2023-2024 go bhfuil gá le tuilleadh oiriúnaithe. Ba cheart an t-idirnascaid idir rialacha agus ceanglais náisiúnta i gcaighdeáin GAEC a shoiléiriú chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit chun ceanglais éagsúla a ailíniú. I bhfianaise cheanglais Rialachán (AE) 2018/848¹⁰ agus na gcleachtais feirmeoireachta a chuirtear chun feidhme san earnáil orgánach, ba cheart a mheas go gcomhlíonann feirmeoirí atá deimhnithe faoin Rialachán sin caighdeáin GAEC áirithe, sa bhreis ar chaighdeán 7 GAEC. De réir meitea-anailís a rinne Alvarez 2021¹¹ le déanaí, braitheann córais orgánacha go mór ar chleachtais amhail uainíocht barr, ilchuraíocht, coinneáil fuíoll barr, curaíocht nó curaíocht íosta, úsáid aoiligh ainmhíthe agus aoiligh ghlasa, dramhaíl orgánach taobh amuigh den fheirm agus gnéithe de rialú bitheolaíoch lotnaidí chun táirgiúlacht ithreach a choinneáil, cothaithigh plandaí a sholáthar agus lotnaidí a rialú. Téann na cleachtais sin chun tairbhe do chosaint agus do chaomhnú ithreach chomh maith le cúrsaí abhann a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha. Cur i bhfeidhm chaighdeán 1 GAEC, arb é is aidhm dó an cóimheas féarthalamh bhuain a choinneáil ar bun, ba cheart é a dhéanamh níos solúbtha tríd an laghdú a d'fhéadfadh teacht ar fhéarthalamh buan a mhéadú gan an t-athrú chuig fearthailte buana idir 5 agus 10 faoin gcéad a spreagadh chun athruithe struchtúrtha ar fheirm a chur san áireamh, san earnáil beostoic go háirithe. Cur i bhfeidhm chaighdeán GAEC 4, arb é is aidhm dó cúrsaí abhann a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha, ba cheart é a shoiléiriú freisin chun an deis a thabhairt do na Ballstáit an sainmhíniú ar chúrsaí uisce a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an sainmhíniú ar chúrsaí

¹⁰ [Rialachán — 2018/848 — GA — EUR-Lex](#)

¹¹ Alvarez, R., (2021) Comparing Productivity of Organic and Conventional Farming Systems: A Quantitative Review: <https://doi.org/10.1080/03650340.2021.1946040>

uisce a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta, ar choinníoll go bhfuil an sainmhíniú sin i gcomhréir le príomhchuspóir an chaighdeáin GAEC sin d'fhonn, i measc nithe eile, a sheachaint go n-eisiafar ón sainmhíniú ar chúrsaí uisce níos lú cúrsaí uisce a d'fhéadfadh truailliú a thabhairt le sruth, agus b'fhéidir thar theorainneacha chuig Ballstáit eile freisin. Déantar an modh rialaithe maidir le ceanglais choinníollachta a urramú a chuíchóiriú freisin. Ar deireadh, ós rud é go bhfuil teorainn leis an limistéar talmhaíochta arna bhainistiú ag feirmeoirí beaga a fhaigheann íocaíochtaí faoi Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115, cé gur sciar suntasach d'fheirmeoirí san Aontas iad, ba cheart costais riaracháin a laghdú ar na Ballstáit agus feirmeoirí beaga araon trína ndíolmhú ó chur i bhfeidhm an chórais coinníollachta.

Íocaíochtaí díreacha: Is léir ón taithí a fuarthas ón gcur chun feidhme nár ghlac mórán Ballstát leis an íocaíocht le haghaidh feirmeoirí beaga (Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115), ina bhfuil íocaíocht chnapshuime agus próiseas iarratais níos simplí. Dá bhrí sin, leis an togra méadaítear an íocaíocht chnapshuime uasta a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh feirmeoirí rannpháirteacha go EUR 2500. Ina theannta sin, tá sé beartaithe go mbeidh an deis ag na Ballstáit cead a thabhairt d'fheirmeoirí a thairbhíonn den íocaíocht chnapshuime iarratas a dhéanamh ar íocaíochtaí faoi éiciscéimeanna.

Éiciscéimeanna agus gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide: Chun a bheith in ann costais a bhaineann le cur chun feidhme GAEC 2 a chumhdach, arb é is aidhm dó tailte portaigh agus bogaigh a chaomhnú, agus nach n-athraítear leis an togra reatha, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit an GAEC sin a eisiáimh ó bhonnlíne na n-éiciscéimeanna agus na ngealltanais agra-chomhshaoil-aeráide. Ag an am céanna, féadfaidh éiciscéimeanna, má chinneann na Ballstáit amhlaidh, leanúint de tacaíocht a chur ar fáil do chleachtais bhainistíochta maidir le bogaigh agus tailte portaigh lasmuigh dá gcosaint, amhail iad a athbhunú trí athfhliuchadh nó trí riascshaothrú a chur chun feidhme, chun feabhas a chur, go háirithe, ar acmhainneacht ceaptha carbóin na limistéar sin.

Ina theannta sin, chun gur féidir tacaíocht a thabhairt do mhodhanna feirmeoireachta orgánaí le haghaidh beostoic, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann tacaíocht a dheonú do ghealltanais a bhaineann le cleachtais agus modhanna feirmeoireachta orgánaí a thiontú nó a chothabháil i bhfoirm íocaíocht bhliantúil le haghaidh aonaid bheostoic. Ba cheart é a bheith indéanta freisin tacaíocht a dheonú le haghaidh gealltanais lena bhfeabhsaítear cleachtais feirmeoireachta a bhaineann le beachadóireacht i bhfoirm íocaíocht bhliantúil le haghaidh coirceog beach, ós rud é gur gá tacú le cleachtais inbhuanaithe táirgeoirí beachadóireachta agus nach iomchuí aonaid bheostoic a úsáid chun na críche sin.

Cineálacha idirghabhála de réir earnála: Bunaithe ar thaithí na mBallstát ar idirghabhálacha de réir earnála a chur chun feidhme in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, ba cheart an fhéidearthacht maidir le tacaíocht fheabhsaithe a leathnú chun seasamh na bhfeirmeoirí sa slabhra soláthair sna hearnálacha sin a threisiú.

Léirigh taithí ar **íocaíochtaí géarchéime** go n-úsáidtear an cúlchiste talmhaíochta den chuid is mó chun aghaidh a thabhairt ar thubaistí nádúrtha agus ar theagmhais dhíobhálacha aeráide, cé gurb é is príomhchuspóir dó cabhrú le feirmeoirí i gcás suaiththeadh sa mhargadh. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe a húsáid a theorannú go soiléir d'imeachtaí den sórt sin. Thairis sin, i bhfianaise mhinicíocht mhéadaitheach na dteagmhais dhíobhálach aeráide sin agus na gcaillteanas suntasach a ghineann siad, tá sé beartaithe rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha agus cineálacha idirghabhála forbartha tuaithe a leasú chun dhá íocaíocht ghéarchéime bhreise a bhunú a d'fhéadfadh na Ballstáit a shlógadh i gcás tubaistí nádúrtha agus teagmhais dhíobhálacha aeráide. Chun tionchar díreireach ar idirghabhálacha eile a leagtar amach i bpleananna CBT a sheachaint, ba cheart na méideanna atá le tiomnú do na hidirghabhálacha sin a theorannú d'uaschéatadán d'iomlán na leithdháiltí bliantúla le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe, agus níor cheart go ndéanfaidh na híocaíochtaí

an trádáil a shaobhadh. Leis an togra eisiatar na híocaíochtaí géarchéime comhlántacha nua faoi íocaíochtaí díreacha ó raon feidhme chur i bhfeidhm an chórais coinníollachta agus an chórais coinníollachta sóisialta, a bhfuil feidhm aige maidir le híocaíochtaí limistéarbhunaithe agus ainmhíbhunaithe, ós rud é gurb é is cuspóir dóibh staid dheacair na bhfeirmeoirí atá thíos le caillteanais mhóra a mhaolú. Ar deireadh, chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag íocaíochtaí den sórt sin a mhéadú, tugtar isteach forálacha chun go mbeifear in ann maoiniú náisiúnta a íoc.

Bainistíocht riosca: is léir ón taithí a fuarthas ar an gcur chun feidhme gur baineadh úsáid íseal as Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/2115 lena gceadaítear cuid d'íocaíochtaí díreacha feirmeoirí a úsáid mar ranníocaíochtaí le scéimeanna bainistithe riosca. Chomh maith leis sin, ní raibh na rialacha maidir le caillteanais a ríomh le haghaidh idirghabhálacha bainistithe riosca a dtacaíonn CBT leo dea-oiriúnaithe do chineálacha áirithe talún agus do chatagóirí áirithe feirmeoirí. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe Airteagail 19 agus 76 de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun cuidiú a thuilleadh le glacadh scéimeanna den sórt sin.

Leasuithe eile maidir le cineálacha idirghabhála san fhorbairt tuaithe:

- Chun na prionsabail a bhaineann le ríomh na n-íocaíochtaí le haghaidh míbhuntáistí a eascraíonn as ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar a ailíniú le hathruithe a dhéantar i ndáil le caighdeán 2 GAEC, agus leis na rialacha a bhaineann le ríomh íocaíochtaí le haghaidh éiciscéimeanna agus gealltanais agra-chomhshaoil agus aeráide, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann míbhuntáistí a eascraíonn as na ceanglais faoi chaighdeán 2 GAEC a áireamh sa ríomh deireanach sin. Ina theannta sin, ba cheart a bheith in ann íocaíochtaí in aghaidh na n-aonad beostoic agus íocaíochtaí in aghaidh na coirceoige beach a dhéanamh le haghaidh gealltanais maidir le bainistiú agra-chomhshaoil-aeráide.
- Ba cheart forbairt gnó feirmeacha beaga a chur chun cinn chun a n-iomaíochas agus a n-inmharthanacht a fheabhsú, agus an íocaíocht a choinneáil simplí ag an am céanna. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe íocaíocht thiomnaithe a bhunú chun na críche sin. Ba cheart borradh a chur faoin úsáid a bhaintear as Roghanna Costais Simplithe, a bhfuil acmhainneacht thábhachtach simpliúcháin ag baint leo, tríd an bhféidearthacht a thabhairt isteach na Roghanna Costais Simplithe a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/1060 a úsáid gan gá le réasúnú breise.
- Maidir le húsáid ionstraimí airgeadais, is léir ón taithí a fuarthas ar an gcur chun feidhme go bhfuil sineirgí le saothrú i gcur chun feidhme agus i rialú ionstraimí airgeadais CBT agus na n-ionstraimí airgeadais eile a rialaítear le Rialachán (AE) 2021/1060, go háirithe maidir leis an rian iniúchóireachta, neamhrialtachtaí agus ceartuithe airgeadais nó rialacha incháilitheachta maidir leis an gcáin bhreisluacha ar cheart í a ailíniú. Ina theannta sin, leasíodh an córas ginearálta Státhabhrach faoi Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2023/2831¹² ón gCoimisiún le déanaí, agus is gá an uasteorainn choibhéiseach deontais chomhláin is infheidhme a ailíniú dá réir.

¹² [Regulation - EU - 2023/2831 - GA - EUR-Lex](#)

- Maidir le haistrithe leithdháiltí CETFT arna ndéanamh ag na Ballstáit chuig InvestEU, is gá an reachtaíocht atá ann cheana a leasú chun go bhféadfadh lánúsáid a bhaint as na féidearthachtaí nua a tugadh isteach faoi Airteagal 10a(4) de Rialachán (AE) 2021/523¹³.

Leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT: Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil an iliomad eilimintí teicniúla agus straitéiseacha sna leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a fhágann go bhfuil siad casta le haghaidh na mBallstát. Chun éifeachtúlacht na nósanna imeachta um leasú a shimpliú agus a fheabhsú, go háirithe maidir le gnéithe de na Pleananna Straitéiseacha CBT nach de chineál straitéiseach iad, níor cheart formheas ón gCoimisiún a cheangal ach amháin le haghaidh leasuithe straitéiseacha ar Phleananna Straitéiseacha CBT. Ina theannta sin, léirigh cur chun feidhme freisin go bhféadfadh rialacha éagsúla is infheidhme maidir le hidirghabhálacha arna maoiniú ag CERT agus CETFT, faoi seach, éiginnteacht a chruthú le haghaidh feirmeoirí agus castacht a mhéadú le haghaidh na mBallstát agus leasuithe ar Phleananna CBT á moladh acu. Chun sineirgí idir CERT agus CETFT a fheabhsú, is gá Airteagail 86 agus 119(8) de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun incháilitheacht caiteachais le haghaidh ranníocaíocht CERT a chumasú ó dháta éifeachta an leasaithe arna shocrú ag an mBallstát, a fhéadfaidh sé a shocrú do dháta i ndiaidh an dáta a chuirtear an iarraidh ar leasú faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart an togra maidir le dáta éifeachta le haghaidh leasuithe a bhaineann le CERT a chur le liosta na n-ítimí a dteastaíonn tuairim ón gcoiste faireacháin ina leith chun a áirithiú go mbeidh dóthain ama ag feirmeoirí agus tairbhíthe eile an leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT a chur san áireamh. Déantar forálacha eile a choigeartú chun na leasuithe ar Airteagal 119 de Rialachán (AE) 2021/2115 a léiriú.

Imréiteach feidhmíochta bhliantúil: I bhfianaise na taithí a fuarthas tar éis an chéad chleachtaidh imréitigh feidhmíochta bhliantúil le haghaidh na bliana airgeadais 2023, ba cheart deireadh a chur leis an imréiteach feidhmíochta bhliantúil chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú. Mar thoradh ar an simpliú sin, agus feidhmíocht CBT á coimirciú trí na coinníollacha incháilitheachta maidir le caiteachas in Airteagal 37(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2116 agus san athbhreithniú feidhmíochta débhlíantúil dá dtagraítear in Airteagal 135 de Rialachán (AE) 2021/2115, déanfar an tuarascáil feidhmíochta bhliantúil a shimpliú freisin toisc nach mbeidh gá a thuilleadh le faisnéis a cheanglaítear chun críoch imréitigh feidhmíochta bhliantúil agus chun na gearrthóir sin amháin. An fhéidearthacht foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach a mhéid a bhaineann leis na leasuithe a bhaineann le scríosadh an imréitigh feidhmíochta bhliantúil agus na leasuithe comhfhreagracha ar Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 ón mbliain airgeadais 2025, beidh sí ag brath ar inneachar beacht agus ar dháta theacht i bhfeidhm na leasuithe sin a áirítear sa Rialachán seo. Ní féidir a chinneadh faoi láthair an féidir foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach den sórt sin. Ba cheart a indéantacht a phlé leis na comhreachtóirí i bhfianaise inneachar deiridh agus dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Tuarascáil feidhmíochta bhliantúil agus forálacha eile: Maidir leis an tuarascáil feidhmíochta bhliantúil, is léir ón taithí a fuarthas gur gá an nasc atá aici leis an athbhreithniú feidhmíochta bhliantúil a neartú, trína shoiléiriú gur cheart na húdair le heasnamh ar gharspriocanna chun críocha athbhreithniú feidhmíochta débhlíantúil a chur san áireamh sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil. Déantar athbhreithniú freisin ar na teorainneacha ama maidir le measúnú a dhéanamh ar an tuarascáil i bhfianaise na taithí a fuarthas ar an gcur chun feidhme.

SPR a thabhairt cothrom le dáta le gníomhartha reachtacha nua: Áirithítear le hAirteagail 120 agus 159 de Rialachán (AE) 2021/2215 go ndéanfaidh na Ballstáit liosta ghníomhartha reachtacha an Aontais in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a thabhairt cothrom le dáta agus a ghlacadh mar bhonn chun a mheas ar cheart a

¹³ [Rialachán — 2021/523 — GA — EUR-Lex](#)

bPleananna Straitéiseacha CBT a leasú. Ós rud é go bhfuilimid i lár thréimhse cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT agus nach ndearnadh ach fíorbheagán gníomhartha a ghlacadh nó a leasú as an nua agus atá ábhartha do na Pleananna Straitéiseacha CBT sin, chuirfeadh modhnuithe straitéiseacha den sórt sin isteach ar chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha sin a scríosadh chun cobhsaíocht chreat dlíthiúil an Aontais a áirithiú go dtí deireadh na clárthréimhse.

Ar deireadh, déantar Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 a oiriúnú do na hathruithe thuas chun táscairí aschuir nua a chur san áireamh le haghaidh na gcineálacha nua tacaíochta a tugadh isteach faoi Airteagal 41a agus Airteagal 78a a cuireadh ón nua leis an Rialachán sin agus chun liosta na dtáscairí aschuir a ailíniú leis an leasú ar Airteagal 75 den Rialachán sin, agus chun an mhír ábhartha de Chomhaontú EDT maidir leis an Talmhaíocht a léiriú le haghaidh na n-idirghabhálacha a bunaíodh ón nua agus chun athruithe ar chaighdeán 1 agus 4 GAEC a thabhairt isteach.

Rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta CBT: In éagmais struchtúr comhordúcháin ar leibhéal na mBallstát, chomh maith leis na difríochtaí a thugtar faoi deara san aistriú digiteach i measc na mBallstát, cuirtear bac ar chur chun feidhme éifeachtach na hidir-inoibritheachta, lena n-áirítear malartú rianúil sonraí, idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT agus na tairbhí a bhaineann leis a chur chun feidhme agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air. Dá bhrí sin, moltar forálacha chun a áirithiú go n-ainmnéoidh gach Ballstát údarás amháin a bheidh freagrach as treochlár a tharraingt suas agus a chur chun feidhme chun idir-inoibritheacht agus malartú rianúil sonraí a bhaint amach agus a chothabháil.

Cúlchiste talmhaíochta a úsáid: Leagtar síos in Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2021/2116 rialacha maidir leis an gcúlchiste talmhaíochta. Is léir ón taithí a fuarthas ar a chur chun feidhme gur baineadh úsáid níos mó aisti le blianta beaga anuas chun cuidiú le feirmeoirí atá thíos le caillteanais de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha. Leasaítear an fhoráil ionas go ndíríonn an cúlchiste talmhaíochta ar an gcuspóir bunaidh a bhí beartaithe dó, is é sin tionchair shuaití sa mhargadh a mhaolú.

Rialuithe agus seiceálacha ar fheirmeoirí: maidir le seiceálacha ar fheirmeoirí, is é is aidhm do na leasuithe an t-ualach agus an brú rialaithe ar fheirmeoirí a laghdú tríd an gcuspóir ‘rialú amháin in aghaidh na bliana’ a thabhairt isteach, lena bhforáiltear gur cheart do na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a eagrú ar iarratais ar chabhair, ar éilimh íocaíochta nó ar choinníollacht ar bhealach a chuireann teorainn a mhéid is féidir leis an iliomad seiceálacha ar thairbhí ar feadh bliana ach amháin nuair a éilíonn na himthosca an dara rialú chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú.

Léiríonn an taithí a fuarthas leis na measúnuithe cáilíochta ar an gCóras Aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta (LPIS), ar an Iarratas Geospásúil (IG) agus ar an gCóras Faireacháin Limistéir (CFL) go bhféadfadh sineirgí a bheith ann a d’fhéadfaí a shaothrú, agus ag an am céanna an cur chun feidhme a shimpliú agus an gá le cuairteanna ar an láthair a laghdú. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe na córais sin a chumasc.

Maidir le taithí ar rialuithe coinníollachta a fuarthas agus an córas rialaithe coinníollachta á chur i bhfeidhm, léiríodh go bhfuil coinníollacha áirithe dolúbtha gan ghá agus go gcuireann siad ualach míchuí ar na Ballstáit, agus ní gá go gcuirfidís feabhas ar chosaint chistí an Aontais. Chun an córas rialaithe a chuíchóiriú, ba cheart an ceanglas maidir le hathbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialaithe a bhaint agus ba cheart na tosca atá le cur san áireamh san anailís riosca a fhágáil faoi rogha na mBallstát. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh tairbhíthe beaga seachas feirmeoirí tairbhiú de na díolúintí ó rialuithe coinníollachta agus pionóis a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2024/1468. Tá an limistéar a bhainistíonn na tairbhíthe sin teoranta agus tá na pionóis íseal go ginearálta. I bhfianaise

an réimse a chumhdaítear agus an ualaigh riaracháin a bhaineann leis na rialuithe agus le cur i bhfeidhm na bpionós maidir le coinníollacht, ba cheart forálacha a dhéanamh ionas go mbeidh tairbhíthe beaga seachas feirmeoirí díolmhaithe freisin ó rialuithe coinníollachta agus ó phionóis riaracháin a chur i bhfeidhm maidir le ceanglais choinníollachta.

Ar deireadh, Airteagail 102 agus 103 de Rialachán (AE) 2021/2116 lena leagtar síos rialacha a bhaineann le feidhmiú aistriú na cumhachta chuig an gCoimisiún agus an nós imeachta coiste, ba cheart iad a leasú chun leasuithe ar fhorálacha eile de Rialachán (AE) 2021/2116 a thugtar isteach leis an togra seo a chur san áireamh.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹⁴,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹⁵,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘A Competitiveness Compass for the EU’ [Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach]¹⁶ agus in ‘Simpler and Faster Europe’ [Eoraip níos Simplí níos Tapúla]: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú¹⁷, leag sé béim ar an ngá atá le hiomaíochas a fheabhsú, nuálaíocht a chothú, agus tacú le fás ar fud an Aontais, ar tosca cumasúcháin rithabhachtacha iad simpliú agus laghdú an ualaigh riaracháin ina leith. Is gá, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar ualaí rialála costasacha, ar chastachtaí na reachtaíochta agus ar a cur chun feidhme, lena n-áirítear tuairisciú iomarcach, agus aird á tabhairt an tráth céanna ar riachtanais shonracha na n-eintiteas beag agus meánmhéide.
- (2) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘A Vision for Agriculture and Food’¹⁸ [Fís don Talmhaíocht agus don Bhia] cuirtear i dtábhacht gur cheart feirmeoirí a bheith ina bhfiontraithe agus ina soláthraithe nach bhfuil ualaí maorlathacha nó rialála neamhriachtanacha orthu chun an nuálaíocht agus an inbhuanaitheacht a spreagadh i

¹⁴ IO C , , lch. .

¹⁵ IO C , , lch. .

¹⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Compás Iomaíochais don Aontas, COM (2025) 2025 final.

¹⁷ ‘Eoraip níos simplí níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú’, an Coimisiún Eorpach 2024-2029, [8556fc33-48a3-4a96-94e8-8ecacef1ea18_en](#).

¹⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún - Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia Earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht’ 19.2.2025, COM(2025) 75 final.

gleachtais talmhaíochta. Leis an bpeirspictíocht sin agus le héagsúlacht na hearnála, iarrtar cuir chuige saincheaptha seachas réitigh ‘a oireann do chách’, in éineacht le seiceálacha réaltachta ar reachtaíocht an Aontais, agus simplithe, agus na tairbhí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha á gcur san áireamh freisin, amhail na teicneolaíochtaí sin lena gcumasaítear tuairisciú uathoibrithe. Tá gá le cothromaíocht níos fearr idir ceanglais agus dreasachtaí chun aistriú inbhuanaitheachta na feirmeoireachta a threorú agus chun an nuálaíocht a chothú. Mar gheall ar riachtanais speisialta na bhfeirmeacha beaga, atá mar bhonn agus mar thaca ag beogacht na bpobal tuaithe, trí chosaint a thabhairt don dúlra agus do shlíthe beatha, tá gá le tacaíocht níos oiriúnaí agus níos simplí faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), lena n-íoslaghdaítear an t-ualach riaracháin. Is minic a bhíonn feirmeacha beaga agus roinnt feirmeacha eile faoi mhíbhuntáiste maidir le rochtain a fháil ar chistiú agus úsáid a bhaint as, rud a chuireann bac ar a gcumas infheistíocht a dhéanamh, nuálaíocht a dhéanamh agus deiseanna forbartha a shaothrú.

- (3) Le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,¹⁹ bunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (‘Pleananna Straitéiseacha CBT’) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Le Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰, bunaítear rialacha maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air. In 2024, glacadh Rialachán (AE) 2024/1468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹, Rialachán arb é ab aidhm dó creat tacaíochta CBT an Aontais a choigeartú ar bhealach níos fearr do réaltachtaí ar an bhfeirm, feabhas a chur ar riar Phleananna Straitéiseacha CBT ag na Ballstáit agus an t-ualach a bhaineann le rialuithe a laghdú. Ina theannta sin, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1235²² lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126²³, a mhéid a bhaineann le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC), lena

¹⁹ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj>).

²⁰ Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj>). <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj>).

²¹ Rialachán (AE) 2024/1468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le caighdeán maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe, leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT, athbhreithniú ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus díolúintí ó rialuithe agus pionóis (IO L, 2024/1468, 24.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1468/oj>).

²² Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1235 ón gCoimisiún an 12 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC), IO L, 2024/1235, 26.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1235/oj.

²³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/126 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le ceanglais bhreise maidir le cineálacha áirithe idirghabhála arna sonrú ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023 go 2027 faoin Rialachán sin mar aon le rialacha maidir leis an gcóimheas i dtaca le caighdeán 1 maidir leis an dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC) IO L 20, 31.1.2022, lch. 52., ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/126/oj.

bhforáiltear go háirithe go bhféadfaidh na Ballstáit an cóimheas tagartha le haghaidh chaighdeán GAEC 1 a choigeartú bunaithe ar athruithe struchtúracha ar chórais feirmeoireachta agus maidir le maoluithe ar an oibleagáid oibleagáidí ath-thiontaithe a fhorchur ar fheirmeoirí agus ar thairbhíthe eile.

- (4) An t-aiseolas agus taithí ón dá bhliain de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT faoi chreat dlíthiúil CBT an Aontais atá ann faoi láthair, cuireann sé in iúl go bhfuil gá le tuilleadh coigeartuithe teoranta ar an reachtaíocht sin chun aghaidh a thabhairt ar na scrogaill agus na castachtaí a sainaithníodh. Áirítear orthu sin nach gcuirtear imthosca, cleachtais agus riachtanais shonracha grúpaí áirithe feirmeoirí — amhail feirmeoirí orgánacha, feirmeoirí óga, feirmeoirí beaga agus feirmeoirí beostoic — san áireamh go leordhóthanach fós i gcreat dlíthiúil CBT an Aontais, rud nach gceadaíonn do na Ballstáit na hionstraimí éagsúla a chur in oiriúint do chúinsí, riachtanais agus cleachtais shonracha na bhfeirmeoirí sin. Chomh maith leis sin, tá tearcúsáid á baint as deiseanna simpliúcháin áirithe laistigh de CBT, ar nós cnapshuimeanna nó roghanna costais simplithe a úsáid, mar gheall ar chastachtaí maidir lena gcur chun feidhme agus lena mbainistiú. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le ceanglais fhorluiteacha nó dhébhríocha le haghaidh feirmeoirí, rochtain feirmeoirí ar thacaíocht a dhéanamh níos casta, agus bac a chur ar dheiseanna forbartha gnó le haghaidh feirmeoirí, ar nós feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua. Tá dolúbthachtaí áirithe sna rialacha a bhfuil tionchar acu ar an gcaoi a ndéanann na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha CBT a bhainistiú agus a leasú agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad a n-oibleagáidí tuairiscithe. Ar deireadh, ní mór an t-ualach a bhaineann le cuairteanna agus rialuithe ar an bhfeirm a mhaolú fós, is é sin an t-ualach ar fheirmeoirí agus ar chomhlachtaí riaracháin araon, go háirithe trí mhodheolaíochtaí níos éifeachtúla a thabhairt isteach le haghaidh measúnuithe cáilíochta agus rialuithe coinníollachta ar an gCóras Comhtháite Riaracháin agus Rialúcháin (CCRR). Trí na scrogaill agus na dolúbthachtaí sin a sháru, ba cheart go gcuideofaí leis na Ballstáit úsáid a bhaint as Pleananna Straitéiseacha CBT chun deiseanna a uasmhéadú ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhíthe eile CBT, chun an t-ualach riaracháin agus an chastacht a laghdú, agus chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní tearca.
- (5) Bunaítear le hAirteagal 4(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115, i gcás ina n-úsáidtear limistéar talmhaíochta mar fhéarthalamh agus nár áiríodh é in uainíocht barr an ghabháiltais ar feadh 5 bliana nó níos mó, go measfar gur féarthalamh buan é. Mar sin féin, le roinnt córais feirmeoireachta ar thalamh arúil baintear úsáid as uainíocht barr i gcás nach n-áirítear na féara nó an foráiste luibheach eile san uainíocht barr ar feadh tréimhsí níos faide ná cúig bliana, ach i gcás ina ndéantar na limistéir sin a threabhadh chun go bhfanfaidh siad ina dtalamh arúil. Mar thoradh air sin, bíonn deacrachtaí ag feirmeoirí sna Ballstáit ina gcuirtear córais feirmeoireachta den sórt sin i bhfeidhm maidir lena n-uainíocht agranamaíoch a bhainistiú agus maidir le fanacht inmharthana agus na ceanglais maidir le cur chun feidhme Chaighdeán 1 GAEC á gcomhlíonadh acu. Ina theannta sin, ach uainíochtaí barr níos faide a bheith á n-úsáid le féarthailte, d'fhéadfadh tairbhí suntasacha a bheith ann i dtéarmaí bithéagsúlachta agus seirbhísí éiceachórais, agus an tráth céanna d'fhéadfaí níos mó solúbthachta a thabhairt d'fheirmeoirí maidir lena mbainistiú agranamaíoch. Dá bhrí sin, chun cleachtais agranamaíocha sholúbtha agus inbhuanaithe den sórt sin a chur chun cinn maidir le féarthailte a bhainistiú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann síneadh ó 5 bliana go 7 mbliana a chur leis an tréimhse lena gcinntear aicmiú limistéir mar fhéarthalamh buan. Ar an mbonn sin, ba cheart Airteagal 4(3), pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú.
- (6) Chun an riosca a íoslaghdú go n-imreofar tionchair dhiúltacha ar an margadh aonair agus ar thrádáil idirnáisiúnta na n-íocaíochtaí nua géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide agus teagmhais thurraingeacha i gcomhréir le hAirteagail

41a agus 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart do na Ballstáit na hidirghabhálacha faoina bhfuil an tacaíocht sin ón Aontas le deonú a cheapadh sa chaoi go gcáileoidh siad faoi chritéir Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir leis an Talmhaíocht ('Bosca Glas').

- (7) Le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/2115 déantar foráil maidir le sásra chun an Meabhrán Tuisceana maidir le síolta ola a chur chun feidhme, lena n-áirítear forálacha maidir le méaduithe ar aschuir atá beartaithe agus comhéifeachtaí laghdaithe ionas nach sárófar an limistéar uasta tacaíochta le haghaidh an Aontais ina iomláine. Is gá an fhoráil sin a choigeartú chun leasuithe ar Airteagal 119 den Rialachán sin, a thugtar isteach leis an Rialachán seo, a chur san áireamh.
- (8) I bhfianaise chineál eisceachtúil na híocaíochta a gheobhadh an feirmeoir i gcás géarchéime, tar éis dó caillteanais shuntasacha táirgeachta de dheasca tubaistí nádúrtha a fhulaingt, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile, agus chun comhleanúnachas a áirithiú leis na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, níor cheart feidhm a bheith ag an gcóras coinníollachta dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán sin maidir le híocaíochtaí fhorlíontacha le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi íocaíochtaí díreacha, dá dtagraítear in Airteagal 41a den Rialachán sin.
- (9) Is é is aidhm don chóras coinníollachta lena gcuimsítear Ceanglais Reachtúla Bhainistíochta (CRB) agus Caighdeáin maidir le Dea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil Talún (GAEC) rannchuidiú le talmhaíocht inbhuanaithe a fhorbairt trí fheasacht mhéadaithe a bheith ag na tairbhíthe ar an ngá atá leis na bunchaighdeáin agus na buncheanglais sin a chomhlíonadh. Is é is aidhm dó freisin comhsheasmhacht CBT leis na cuspóirí comhshaoil, sláinte phoiblí, sláinte plandaí agus leasa ainmhithe a shaothraítear le reachtaíocht an Aontais a mhéadú. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil teorainn leis an limistéar talmhaíochta atá á bhainistiú ag feirmeoirí beaga a thairbhíonn d'íocaíochtaí faoi na hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115, ní leor na tairbhí a bhaineann leis an gcóras coinníollachta a chur i bhfeidhm maidir leis na feirmeoirí beaga sin a bhainistíonn formhór na bhfeirmeacha san Aontas i gcomparáid le costais shuntasacha, agus cuireann sé ualach riaracháin mór ar na feirmeoirí agus ar na riaracháin náisiúnta sin. Chun na costais sin a laghdú agus chun an t-ualach riaracháin gaolmhar a éascú, is iomchuí feirmeoirí beaga a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm an chórais coinníollachta.
- (10) Is cuid den chóras coinníollachta dá dtagraítear in Airteagal 12 den Rialachán sin iad na caighdeáin GAEC dá dtagraítear in Airteagal 12 de Rialachán (AE) 2021/2115. Rannchuidíonn siad le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, le cosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear uisce, ithir agus bithéagsúlacht éiceachóras. Áirítear ar na prionsabail ghinearálta ar a bhfuil táirgeadh orgánach de bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ bunaithe caomhnú eilimintí den tírdhreach nádúrtha, ar nós láithreáin oidhreacht nádúrtha agus úsáid fhreagrach fuinnimh agus acmhainní nádúrtha, amhail uisce, ithir, ábhar orgánach agus aer.
- (11) Is é is aidhm do chaighdeán GAEC 1, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 féarthalamh buan a choinneáil ar bun chun stoc carbóin a chaomhnú. Le pointí 1.7.3 agus 1.9.1.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848, cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé úsáid innilte agus féaraigh a uasmhéadú,

²⁴ Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj>).

rud a chuireann cosc ar fhéarthalamh buan a thiontú ar mhaithe le húsáidí talún eile, agus i gcomhréir le príomhchuspóir chaighdeán 1 GAEC, caomhnaítear stoc carbóin i bhféarthailte buana. Is é is aidhm do chaighdeáin GAEC 3, 5 agus 6, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ábhar orgánach ithreach a choinneáil ar bun, creimeadh a theorannú, agus ithreacha a chosaint le linn tréimhsí íogaire, faoi seach. Baintear na cuspóirí sin amach cheana féin trí na cleachtais curaíochta agus saothraithe a chuirtear i bhfeidhm i dtáirgeadh plandaí orgánacha, go háirithe iad siúd dá dtagraítear i bpointe 1.9. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848. Is é is aidhm do chaighdeán GAEC 4, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, uisce a chosaint ar thruailliú. Ar an gcaoi chéanna, is é is aidhm do phointí 1.5, 1.7, 1.9 agus 1.10 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 an riosca truaillithe uisce a laghdú trí úsáid táirgí íocshláinte tréidliachta a theorannú, úsáid leasachán agus lotnaidicídí a shrianadh, agus dlús stocála a shrianadh. Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil tionchar dearfach ag an bhfeirmeoireacht orgánach a mhéid a bhaineann le láisteadh cothaitheach agus rith chun srutha cothaitheach, rud a fhágann gur lú an dóchúlacht go gcuirfeadh feirmeoir orgánach cáilíocht an uisce i mbaol, agus ar an gcaoi sin go mbainfí amach príomhchuspóir chaighdeán GAEC 4. Dá bhrí sin, i bhfianaise na bprionsabal agus na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848 agus na gcleachtas atá ann cheana faoi na córais feirmeoireachta orgánaí, feirmeoirí orgánacha a bhfuil a ngabháltas iomlán deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848, ba cheart a mheas go gcomhlíonann siad caighdeáin GAEC 1, 3, 4, 5 agus 6, mar is amhlaidh cheana i ndáil le caighdeán GAEC 7.

- (12) Chun comhsheasmhacht na gceanglas ar fheirmeoirí a fheabhsú agus chun socrú chaighdeáin GAEC ag na Ballstáit a shimpliú, ba cheart Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun a shoiléiriú go bhféadfaidh na Ballstáit caighdeáin GAEC a leagan amach ina bPleananna Straitéiseacha CBT i gcomhréir le ceanglais náisiúnta éigeantacha, ar choinníoll go gcomhlíonann na ceanglais náisiúnta sin na caighdeáin GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Ba cheart a shoiléiriú go háirithe nach gá do chaighdeáin GAEC a leagtar síos sna Pleananna Straitéiseacha CBT dul thar na ceanglais náisiúnta éigeantacha atá ann cheana, ar choinníoll go gcomhlíonann na ceanglais náisiúnta sin na caighdeáin GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, go háirithe príomhchuspóirí na gcaighdeán GAEC sin.
- (13) I bhfianaise chineál eisceachtúil na híocaíochta a gheobhadh an feirmeoir i gcás géarchéime, tar éis dó cailíteanais shuntasacha táirgeachta de dheasca tubaistí nádúrtha a fhulaingt, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile, agus chun comhleanúnachas a áirithiú leis na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, níor cheart feidhm a bheith ag an gcóras coinníollachta dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán sin maidir le híocaíochtaí forlíontacha le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a den Rialachán sin.
- (14) Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht, déine agus fad na dtubaistí nádúrtha, na dteagmhais dhíobhálacha aeráide agus na dteagmhais turraingeach agus tá tionchar suntasach acu ar earnáil na talmhaíochta san Aontas. Le Rialachán (AE) 2021/2115, soláthraítear cheana sraith uirlisí d'fheirmeoirí chun athléimneacht a fhorbairt agus chun freagairt do ghéarchéimeanna. Mar sin féin, i ngeall ar scála na n-imeachtaí agus a gcineál tobann urghnách, tá gá le hionstraimí leathnaithe atá ar fáil do na Ballstáit. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le híocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí agus iad a áireamh mar chineál nua idirghabhála i bhfoirm íocaíochtaí díreacha in Airteagal 16 den Rialachán sin.

- (15) Le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/2115, beidh Ballstát in ann suas le 3 % de na híocaíochtaí díreacha a íoc le feirmeoir chun tacú le ranníocaíocht na bhfeirmeoirí le huirlis bainistithe riosca. Na Ballstáit a chinneann an rogha sin a úsáid, ní mór dóibh í a chur i bhfeidhm i maidir le gach tairbhí a fhaigheann íocaíochtaí díreacha in aon bhliain ar leith. Is léir ón taithí a fuarthas nach mbaineann ach fíorbheagán Ballstát úsáid as an rogha sin. Léiríodh sa phlé leis na Ballstáit gur bac ar chur chun feidhme na forála sin é an easpa uirlisí bainistithe riosca, arna mbunú ag na Ballstáit nó atá ar fáil trí árachas príobháideach, atá ar fáil do gach feirmeoir a fhaigheann íocaíochtaí díreacha. Chun glacadh agus úsáid na deise dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Rialachán sin a mhéadú, is gá a chur chun feidhme a dhéanamh níos solúbtha agus é a chur in oiriúint do na huirlisí bainistíochta atá ann cheana sna Ballstáit. Mar thoradh ar an leasú sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann suas le 3 % de na híocaíochtaí díreacha a choinneáil, íocaíochtaí atá le híoc leis na feirmeoirí sin ar ar mhaithe leo amháin is ann do scéimeanna bainistithe riosca in aon bhliain ar leith. Na Ballstáit inarb ann do scéimeanna bainistithe riosca le haghaidh gach tairbhí íocaíochtaí díreacha, ba cheart dóibh a bheith in ann leanúint de suas le 3 % d'íocaíochtaí díreacha na dtairbhíthe sin go léir a choinneáil.
- (16) Leis an scéim íocaíochta shimplithe a cheap na Ballstáit le haghaidh feirmeoirí beaga faoi Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115, laghdaítear castacht an phróisis iarratais ar thacaíocht ioncaim, le haghaidh feirmeoirí beaga agus údaráis riaracháin araon. Chun a tharraingteacht a fheabhsú agus líon níos mó feirmeoirí beaga a spreagadh chun tairbhiú den scéim sin, ba cheart an t-uasmhéid is féidir a fháil faoin scéim sin a mhéadú. Chun rannpháirtíocht feirmeoirí beaga a thairbhíonn de na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115 sna héiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán sin a chothú, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na Ballstáit íocaíochtaí a fhaigheann na feirmeoirí sin faoi éiciscéimeanna a eisiamh ón uasmhéid íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 28 den Rialachán sin.
- (17) I gcás ina gcinntíodh Ballstát de bhun Airteagal 28, an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2021/2115 nach gcuirfear an íocaíocht le feirmeoirí beaga dá dtagraítear in Airteagal 28, an chéad fhomhír den Rialachán sin, in ionad na tacaíochta le haghaidh éiciscéimeanna arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán sin, ba cheart do na héiciscéimeanna leanúint de na ceanglais uile a leagtar síos in Airteagal 31(5) den Rialachán sin a chomhlíonadh. Ba cheart an prionsabal sin a urramú freisin maidir le hidirghabhálacha faoi Airteagal 70 den Rialachán sin i ndáil le feirmeoirí a fhaigheann íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 den Rialachán sin. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an prionsabal ginearálta nach ndéantar foráil maidir le híocaíochtaí ach amháin i gcás gealltanais a théann thar na ceanglais choinníollachta, agus chun uailmhian na n-idirghabhálacha, ar cuid d'ollstruchtúr comhshaoil agus aeráide CBT iad, a choimirciú, níor cheart d'fheirmeoirí a fhaigheann íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115 íocaíochtaí a fháil faoi éiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán sin ná íocaíochtaí faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 70 den Rialachán sin ach amháin má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 31(5), an chéad fhomhír, pointe (a) den Rialachán sin nó na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 70(3), an chéad fhomhír, pointe (a) den Rialachán sin, faoi seach.
- (18) Chun a áirithiú, nuair a thagann méadú ar líon na gcuspóirí comhshaoil, aeráide, leasa ainmhithe agus frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhicróbacha a eiríonn leis na Ballstáit a thabhairt i gcrích, trí reachtaíocht náisiúnta a choinneáil ar bun nó a ghlacadh a théann thar na híoscheanglais chomhfhreagracha a leagtar síos i ndlí an Aontais, go bhféadfár tionchar na gceanglas sin ar staid airgeadais agus eacnamaíoch na bhfeirmeoirí lena mbaineann a choinneáil teoranta, is gá Airteagal 31(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 a

leasú chun go mbeidh na Ballstáit in ann tacaíocht a dheonú le haghaidh gealltanais a rannchuidíonn le comhlíonadh na gceanglas sainordaitheach arna bhforchur leis an dlí náisiúnta a théann thar na híoscheanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais, is cuma cé acu a forchuireadh nó nár forchuireadh iad le déanaí nó arbh ann dóibh cheana. Thairis sin, trí dheireadh a chur le teorainn na tréimhse ar lena linn a fhéadfar tacaíocht a dheonú le haghaidh gealltanais faoi éiciscéimeanna, ba cheart bainistiú na n-éiciscéimeanna a shimpliú le haghaidh na mBallstát, ós rud é gur cheart go laghdódh sé an gá atá le modhnuithe ar éiciscéimeanna sna Pleananna Straitéiseacha CBT le linn na clárthréimhse sin mar gheall ar athruithe ar an reachtaíocht náisiúnta sin nó mar gheall ar dhul in éag na tréimhse 24 mhí ar lena linn a fhéadfar tacaíocht a dheonú le haghaidh gealltanais a rannchuidíonn le comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta sin.

- (19) Is é is aidhm do chaighdeán GAEC 2, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, ithreacha ar mhórán carbóin a chosaint. Is léir ón taithí a fuarthas gur chruthaigh na ceanglais a leagtar amach i bPleananna Straitéiseacha CBT faoi chaighdeán 2 GAEC dúshlán le haghaidh feirmeoirí agus na mBallstát, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinmharthanacht eacnamaíoch na bhfeirmeoirí lena mbaineann agus cosaint ithreacha ar mhórán carbóin á ráthú an tráth céanna. D'fhéadfadh comhlíonadh ceanglas áirithe arna mbunú faoi chaighdeán 2 GAEC, ar nós na gceanglas sin lena mbaineann teorannú táirgeachta, a bheith costasach le haghaidh feirmeoirí agus teorainn shuntasach a chur lena n-acmhainneacht úsáid a gcuid talún a athrú nó a choigeartú. Thairis sin, bíonn tionchar níos mó ag caighdeán GAEC 2 ar fheirmeoirí i roinnt Ballstát ná i mBallstáit eile mar gheall ar chion éagsúil na mbogach agus na dtailte portaigh laistigh dá gcíocha. Agus na ceanglais atá ann cheana faoi chaighdeán 2 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil á gcoinneáil ar bun, ceanglais a leagtar amach go comhsheasmhach le ceanglais náisiúnta éigeantacha, mar a thugtar isteach leis an Rialachán seo, ba cheart a bheith in ann feirmeoirí a chúiteamh as comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gcaighdeán sin. Dá bhrí sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann caighdeán 2 GAEC a eisiamh ón gceanglas a leagtar síos in Airteagal 31(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115. Leis sin, ba cheart é a chur ar a gcumas do na Ballstáit foráil a dhéanamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir le tacaíocht faoi na héiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán sin ionas gur féidir le feirmeoirí gníomhacha lena mbaineann caighdeán 2 GAEC ceanglais an chaighdeáin sin a chomhlíonadh agus ardleibhéal cosanta le haghaidh bogaigh agus tailte portaigh á choinneáil ar bun an tráth céanna, go háirithe acmhainneacht ceaptha carbóin na limistéar sin.
- (20) Chun gur féidir tacaíocht a thabhairt do mhodhanna feirmeoireachta orgánaí le haghaidh beostoic mar chuid de na héiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh go bhféadfaidh tacaíocht a dheonaítear do ghealltanais a bhaineann le cleachtais agus modhanna feirmeoireachta orgánaí a thiontú nó a choinneáil ar bun i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 a bheith i bhfoirm íocaíocht bhliantúil le haghaidh aonaid beostoic. Ba cheart a shoiléiriú freisin go bhféadfar tacaíocht do ghealltanais lena bhfeabhsaítear cleachtais feirmeoireachta a bhaineann le beachadóireacht a dheonú i bhfoirm íocaíocht bhliantúil le haghaidh coirceog bheach toisc go simpleoidh sé sin ríomh na n-íocaíochtaí le haghaidh na ngealltanais sin. Chun comhleanúnachas na sainmhínte a úsáidtear i bPleananna Straitéiseacha CBT a áirithiú, ba cheart coincheap na coirceoige beach chun tacaíocht a dheonú faoi éiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/2115 a bheith comhionann le coincheap na coirceoige beach arna shainiú ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 56, pointe (b), den Rialachán sin.

- (21) Sna chéad bhlianta de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT, bhí tionchar ag tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile ar tháirgeacht roinnt mhaith feirmeoirí ar fud an Aontais. Tá coinne le go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh amach anseo. Dá bhrí sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann íocaíochtaí géarchéime a thairiscint i bhfoirm tacaíocht ioncaim dhírigh mhéadaithe ionas gur féidir na feirmeoirí is mó a ndéantar difear dóibh a chúiteamh go tapa. Chun an dreasacht le haghaidh feirmeoirí a choinneáil ar bun chun a dtáirgeacht a árachú, ba cheart do na Ballstáit ráta cúitimh níos airde a leagan síos le haghaidh na bhfeirmeoirí sin a chumhdaítear trí scéim árachais nó trí uirlis bainistithe riosca eile. Chun na cistí atá le húsáid chun tacú le feirmeoirí a mhéadú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit na híocaíochtaí géarchéime sin a chómhaoiniú le maoiniú náisiúnta breise suas le 200 %. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, áfach, nach mbeidh róchúiteamh ná cistiú dúbailte ann mar thoradh ar an gcúiteamh iomlán a fhaigheann an feirmeoir, agus é á charnadh le foirmeacha eile tacaíochta de chuid an Aontais nó de thacaíocht arna maoiniú go náisiúnta (lena n-áirítear maoiniú náisiúnta breise), árachas príobháideach nó scéimeanna bainistithe riosca eile.
- (22) Ba cheart Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun an tagairt d'imréiteach feidhmíochta bliantúil a scríosadh, i bhfianaise an nós imeachta sin a bhaint de Rialachán (AE) 2021/2116 leis an Rialachán seo.
- (23) Tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí táirgeoirí agus ag comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí maidir le seasamh na bhfeirmeoirí sa slabhra soláthair a threisiú. Tá tacaíocht ó CBT do na heagraíochtaí sin ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna sonracha agus ar chuspóirí earnála nó chun cleachtais thairbheacha a chúiteamh. Dá bhrí sin, eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí a chuireann chun feidhme ina gcláir oibríochtúla idirghabháil earnála amháin nó níos mó atá nasctha le haon cheann de na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 46, pointí (d), (e), (f), (h), (i) nó (j), de Rialachán (AE) 2021/2115, is iomchuí cead a thabhairt dóibh tairbhiú den teorainn mhéadaithe ar chúnamh airgeadais ón Aontas dá dtagraítear in Airteagal 52(2) den Rialachán sin, ar choinníoll go gcaithfear an méid atá os cionn na dteorainneacha a leagtar síos in Airteagal 52(2), an chéad fhomhír, den Rialachán sin chun na hidirghabhálacha earnála sin a mhaoiniú agus chuige sin amháin.
- (24) Ba cheart Airteagal 69 de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun teideal an chineáil idirghabhála le haghaidh forbairt tuaithe dá dtagraítear i bpointe (e) den Airteagal sin a chur i gcomhréir leis na leasuithe ar Airteagal 75 den Rialachán sin agus chun teideal an chineáil nua idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 78a den Rialachán sin a chur san áireamh.
- (25) Chun a áirithiú, nuair a thagann méadú ar líon na gcuspóirí comhshaoil, aeráide, leasa ainmhithe agus frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhíocróbacha a eiríonn leis na Ballstáit a thabhairt i gcrích, trí reachtaíocht náisiúnta a choinneáil ar bun nó a ghlacadh a théann thar na híoscheanglais chomhfhreagracha a leagtar síos i ndlí an Aontais, go bhféadfar tionchar na gceanglas sin ar staid airgeadais agus eacnamaíoch na bhfeirmeoirí lena mbaineann a choinneáil teoranta, is gá Airteagal 70(3) de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun go mbeidh na Ballstáit in ann tacaíocht a dheonú le haghaidh gealltanais a rannchuidíonn le comhlíonadh na gceanglas sainordaitheach arna bhforchur leis an dlí náisiúnta a théann thar na híoscheanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais, is cuma cé acu a forchuireadh nó nár forchuireadh iad le déanaí nó arbh ann dóibh cheana. Thairis sin, trí dheireadh a chur le teorainn na tréimhse ar lena linn a fhéadfar tacaíocht a dheonú le haghaidh gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide, ba cheart bainistiú na ngealltanais sin a shimpliú le haghaidh na mBallstát, ós rud é gur cheart go laghdódh sé an gá atá le modhnuithe ar na hidirghabhálacha sin sna Pleananna Straitéiseacha CBT le linn na clárthréimhse sin mar gheall ar athruithe ar an reachtaíocht náisiúnta sin nó mar gheall ar

dhul in éag na tréimhse 24 mhí ar lena linn a fhéadfar tacaíocht a dheonú le haghaidh gealltanais a rannchuidíonn le comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta sin.

- (26) Is léir ón taithí a fuarthas gur chruthaigh na ceanglais a leagtar amach i bPleananna Straitéiseacha CBT faoi chaighdeán 2 GAEC dúshlán nach beag le haghaidh feirmeoirí agus na mBallstát, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinmharthanacht eacnamaíoch na bhfeirmeoirí lena mbaineann agus cosaint ithreacha ar mhórán carbóin á ráthú an tráth céanna. D'fhéadfadh comhlíonadh ceanglas áirithe arna mbunú faoi chaighdeán 2 GAEC, ar nós na gceanglas sin lena mbaineann teorannú táirgeachta, a bheith costasach le haghaidh feirmeoirí agus teorainn shuntasach a chur lena n-acmhainneacht úsáid a gcuid talún a athrú nó a choigeartú. Thairis sin, bíonn tionchar níos mó ag caighdeán GAEC 2 ar fheirmeoirí i roinnt Ballstát ná i mBallstáit eile mar gheall ar chion éagsúil na mbogach agus na dtailte portaigh laistigh dá gcríocha. Agus na ceanglais atá ann cheana faoi chaighdeán 2 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil á gcoinneáil ar bun, ceanglais a leagtar amach go comhsheasmhach le ceanglais náisiúnta éigeantacha, mar a thugtar isteach leis an Rialachán seo, ba cheart a bheith in ann feirmeoirí a chúiteamh as comhlíonadh na n-oibleagáidí a eascraíonn as an gcaighdeán sin. Dá bhrí sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann caighdeán 2 GAEC a eisiamh ón gceanglas a leagtar síos in Airteagal 70(3), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le hidirghabhálacha bunaithe ar Airteagal 70 den Rialachán sin. Leis sin, ba cheart é a chur ar a gcumas do na Ballstáit foráil a dhéanamh ina bPleananna Straitéiseacha CBT maidir le tacaíocht faoi idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 70 den Rialachán sin ionas gur féidir le feirmeoirí agus tairbhíthe eile lena mbaineann caighdeán 2 GAEC ceanglais an chaighdeáin a chomhlíonadh agus ardleibhéal cosanta le haghaidh bogaigh agus tailte portaigh á choinneáil ar bun an tráth céanna, go háirithe acmhainneacht ceaptha carbóin na limistéar sin.
- (27) De bhun Airteagal 70(8) de Rialachán (AE) 2021/2115, bunóidh na Ballstáit íocaíochtaí le haghaidh gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide chomh maith le gealltanais chun an t-aistriú chuig feirmeoireacht orgánach nó feirmeoireacht orgánach a choinneáil ar bun mar íocaíochtaí in aghaidh an heicteáir amháin. Chun comhsheasmhacht leis an tacaíocht faoi na héiciscéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 31 den Rialachán sin a áirithiú, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, tacaíocht a dheonú le haghaidh na ngealltanais sin i bhfoirm íocaíocht in aghaidh an aonaid beostoic. Chun gníomhaíochtaí atá chun leasa an chomhshaoil a éascú i gcás na beachadóireachta, ba cheart go bhféadfaí tacaíocht a dheonú le haghaidh gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide nó gealltanais aistriú chuig an bhfeirmeoireacht orgánach nó í a chothabháil i bhfoirm íocaíocht in aghaidh na coirceoige beach. Chun comhleánúnachas na sainmhínte a úsáidtear i bPleananna Straitéiseacha CBT a áirithiú, ba cheart coincheap na coirceoige beach chun tacaíocht a dheonú le haghaidh na ngealltanais sin a bheith comhionann le coincheap na coirceoige beach arna shainiú ag an gCoimisiún ar bhonn Airteagal 56, pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/2115.
- (28) Le hAirteagal 72(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar síos rialacha maidir le ríomh na gcostas breise agus an ioncaim a tarscaoileadh chun íocaíochtaí a dheonú le haghaidh míbhuntáistí a bhaineann go sonrach le limistéar a eascraíonn as ceanglais éigeantacha áirithe a théann thar na caighdeáin ábhartha GAEC. Ní dheonaítear leis íocaíochtaí le haghaidh míbhuntáistí a bhaineann go sonrach le limistéar a eascraíonn as na caighdeáin ábhartha GAEC. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith costasach le haghaidh fheirmeoirí ceanglais áirithe arna mbunú faoi chaighdeán GAEC 2 a chomhlíonadh toisc go mbaineann teorainneacha táirgeachta leo mar gheall ar shrianta suntasacha ar úsáid talún. Chun costais áirithe a bhaineann le ceanglais éigeantacha áirithe a bhaineann le hurramú chaighdeán 2 GAEC a chomhtháthú sna prionsabail a bhaineann le ríomh na n-íocaíochtaí le haghaidh

míbhuntáistí a bhaineann go sonrach le limistéar, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann míbhuntáistí a eascraíonn as ceanglais chaighdeán 2 GAEC a áireamh sa ríomh sin.

- (29) Chun a áirithiú go mbeidh níos mó ama agus solúbthachta ag feirmeoirí chun iad féin a chur in oiriúint do reachtaíocht nua an Aontais i gcomhthéacs teannas geopholaitiúil, dúshlán struchtúracha agus deacrachtaí eacnamaíocha a bhaineann, i measc nithe eile, le praghsanna arda fuinnimh agus ionchuir, ba cheart Airteagal 73(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun síneadh a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfar tacaíocht a dheonú d'infheistíochtaí a rannchuidíonn le comhlíonadh ceanglas nua arna bhforchur le dlí an Aontais ó 24 mhí go 36 mhí ón dáta a bheidh na ceanglais nua sin éigeantach le haghaidh an ghabhála.
- (30) Tá deacrachtaí déimeagrafacha ag earnáil feirmeoireachta an Aontais, agus lucht saothair ag dul in aois. Cé go bhfuil sé rithábachtach feirmeoirí óga a mhealladh chun todhchaí inbhuanaithe a áirithiú le haghaidh na talmhaíochta, tá dúshlán airgeadais ag baint le cruthú agus forbairt gníomhaíochta eacnamaíche nua in earnáil na talmhaíochta ag feirmeoirí óga. Chun a mbunú den chéad uair a éascú tuilleadh, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse incháilitheachta le haghaidh infheistíochtaí chun caighdeán nua an Aontais a chomhlíonadh i gcás feirmeoirí óga.
- (31) Chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht chóras bia an Aontais a neartú, tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha agus le forbairt gnólachtaí. Go háirithe, ba cheart spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na bhfeirmeacha beaga, a bhfuil dúshlán ar leith rompu agus a d'fhéadfadh a bheith inmharthana ar bhonn eacnamaíoch. An tráth céanna, is gá cur chun feidhme na tacaíochta d'fheirmeacha beaga a shimpliú chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú. Chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin, is iomchuí Airteagal 75 de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun forbairt gnó na bhfeirmeacha beaga a áireamh i measc na n-idirghabhálacha a bhféadfaidh na Ballstáit tacú leo agus chun foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht chnapshuime EUR 50 000 le haghaidh na hidirghabhála sin. Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart do na Ballstáit feirmeacha beaga a shainmhíniú ar an mbealach céanna chun críocha infheistíochtaí de bhun Airteagal 73(4), pointe (b) den Rialachán sin agus chun críocha forbartha gnó de bhun Airteagal 75 den Rialachán sin.
- (32) Tá idirghabhálacha bainistithe riosca an-úsáideach chun feirmeoirí a dhéanamh níos athléimní agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a spreagadh. Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil na rialacha atá ann faoi láthair ródhocht chun leas iomlán a bhaint as an gcineál idirghabhála sin. Go háirithe, dealraíonn sé nach bhfuil an fhoirmle atá ann faoi láthair chun caillteanais a ríomh curtha in oiriúint do chás sonrach tairbhíthe áirithe, ar nós feirmeoirí óga, limistéir ina bhfuil barra buana nó cásanna eile a bhfuil bonn cirt leo nach iomchuí foirmle ríofa na gcaillteanas ina leith. Chun úsáid agus glacadh uirlisí bainistithe riosca a mhéadú faoi Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart níos mó solúbthachta a bheith ag na Ballstáit chun na caillteanais le haghaidh tairbhíthe nó barra den sórt sin a ríomh, chun a gcásanna sonracha a chur san áireamh.
- (33) Chun tacaíocht éifeachtúil a thabhairt d'fheirmeoirí a ndearna tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha eile damáiste dá dtáirgeacht, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann íocaíochtaí géarchéime a phleanáil, ní hamháin trí idirghabhálacha tacaíochta ioncaim díri, ach trí idirghabhálacha le haghaidh forbairt tuaithe freisin. Leis na cineálacha tacaíochta sin, ba cheart solúbthacht leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit maidir leis na hidirghabhálacha a phleanáil. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit comhsheasmhacht a áirithiú idir na hidirghabhálacha sin. Dá réir sin, na forálacha maidir le spriocdhíríú tacaíochta agus an éifeacht dreasachta, ba cheart iad a bheith mar an gcéanna. Chun bainistíocht fhónta airgeadais chistí an Aontais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a

áirithiú nach mbeidh róchúiteamh ná cistiú dúbailte ann mar thoradh ar an gcúiteamh iomlán a fhaigheann an feirmeoir, agus é á charnadh le foirmeacha eile tacaíochta de chuid an Aontais nó de thacaíocht arna maoiniú go náisiúnta (lena n-áirítear maoiniú náisiúnta breise), árachas príobháideach nó scéimeanna bainistithe riosca eile.

- (34) Le hAirteagal 79(1) de Rialachán (AE) 2021/2115 leagtar síos na rialacha a bhaineann le húdarais bhainistíochta chun critéir roghnúcháin a leagan amach le haghaidh idirghabhálacha a bhaineann le cineálacha áirithe idirghabhála. Maidir leis an liosta cineálacha idirghabhála ar ina leith a n-úsáidfídh na Ballstáit critéir roghnúcháin, ba cheart é a leasú chun na leasuithe ar na cineálacha idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 75 den Rialachán sin a chur san áireamh.
- (35) In Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/2015, leagtar síos na rialacha agus na prionsabail maidir le cur chun feidhme ionstraimí airgeadais in CBT. Le hAirteagal 80(2) den Rialachán sin, áirithítear comhsheasmhacht le forálacha Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁵ maidir le hionstraimí airgeadais. Chun an tsineirgíocht sa chur chun feidhme agus sa rialú idir ionstraimí airgeadais CBT agus na hionstraimí airgeadais eile a rialaítear le Rialachán (AE) 2021/1060 a neartú a thuilleadh, ba cheart Airteagal 80 de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun a áirithiú go mbeidh na ceanglais maidir leis an rian iniúchóireachta le haghaidh ionstraimí airgeadais mar an gcéanna i Rialachán (AE) 2021/2115 agus i Rialachán (AE) 2021/1060.
- (36) In Airteagal 80(3) de Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar amach an uasteorainn ar an gcoibhéis deontais chomhláin is infheidhme nuair a thacaíonn ionstraimí airgeadais le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 den Chonradh. Chun ailíniú leis na hathruithe nua a tugadh isteach sa chóras ginearálta Státchabhrach faoi Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2023/2831²⁶ ón gCoimisiún a áirithiú, ní mór an uasteorainn a mhéadú dá réir. Thairis sin, ba cheart an tréimhse thagartha a athrú ó ‘blianta fioscacha’ go ‘blianta’ chun í a chur i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Rialachán sin ón gCoimisiún. A mhéid a bhaineann le tacaíocht le haghaidh caipiteal oibre le haghaidh gníomhaíochtaí nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, tá feidhm fós ag rialacha ginearálta maidir le státchabhair.
- (37) Sainmhínítear in Airteagal 80(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 incháilitheacht an chaiteachais i gcás ina soláthraítear tacaíocht trí ionstraimí airgeadais. Chun soiléireacht agus cóir chomhionann a áirithiú faoi na hionstraimí airgeadais uile a rialaítear le Rialachán (AE) 2021/1060, ba cheart Airteagal 80(5) de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun na rialacha incháilitheachta a leagan amach maidir leis an gcáin bhreisluacha (‘CBL’).
- (38) Le hAirteagal 81 de Rialachán (AE) 2021/2015 leagtar síos na rialacha agus na coinníollacha maidir le haistrithe leithdháiltí CETFT a dhéanann na Ballstáit chuig an gClár InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

²⁵ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha comhchoiteanna maidir le Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste um Aistriú Cóir agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leo siúd agus maidir leis an gCiste um Tearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Thacaíocht Airgeadais do Bhainistíocht Teorann agus Beartas Viosáí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj>).

²⁶ Rialachán (AE) 2023/2831 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2023 maidir hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cabhair *de minimis* (IO L, 2023/2831, 15.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2831/oj>).

gComhairle²⁷. Chun glacadh iomlán na ndeiseanna nua a tugadh isteach faoi Airteagal 10a(4) de Rialachán (AE) 2021/523 a áirithiú, ba cheart Airteagal 81 de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú.

- (39) Le hAirteagal 83 de Rialachán (AE) 2021/2115 leagtar síos na rialacha maidir le roghanna costais simplithe a ríomh agus a chur i bhfeidhm. Chun cur chun feidhme infheistíochtaí agus idirghabhálacha eile le haghaidh forbairt tuaithe a shimpliú agus borradh a chur fúthu agus chun úsáid roghanna costais simplithe a mhéadú, ba cheart a bheith in ann úsáid a bhaint as na modhanna ríofa a bunaíodh faoi Rialachán (AE) 2021/1060 gan gá le réasúnú breise a sholáthar.
- (40) Le hAirteagal 86(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar síos rialacha maidir le hincháilitheacht an chaiteachais a eascraíonn as leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh ranníocaíocht ó CERT agus CETFT, faoi seach. Chun na rialacha maidir le hincháilitheacht chaiteachais a shimpliú, chun feabhas a chur ar shineirgí idir CERT agus CETFT agus chun an tsolúbthacht a mhéadú le haghaidh na mBallstát chun dátaí éifeachta na leasuithe a bhaineann le CERT ar Phleananna Straitéiseacha CBT a chinneadh, is iomchuí incháilitheacht caiteachais a eascraíonn as leasú straitéiseach formheasta ar Phlean Straitéiseach CBT le haghaidh ranníocaíocht CERT a cheadú ó dháta éifeachta an leasaithe arna shocrú ag an mBallstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 119(8) den Rialachán sin, ach tráth nach luaithé ná an dáta a chuirtear an iarraidh ar leasú faoi bhráid an Choimisiúin. I gcás leasuithe eile ar Phleananna Straitéiseacha CBT a bhaineann le CERT, ba cheart an caiteachas a bheith incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CERT ón dáta a thabharfar fógra faoin leasú don Choimisiún, mar a leagtar síos in Airteagal 119(9) de Rialachán (AE) 2021/2115, arna leasú leis an Rialachán seo. Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na rialacha a bhaineann le hincháilitheacht do ranníocaíocht ó CERT agus CETFT i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide, incháilitheacht an chaiteachais arna mhaoiniú ag CERT a bhaineann le leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a bhaineann le híocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí faoi íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a den Rialachán sin, ba cheart a bheith in ann a shuí i bPleananna Straitéiseacha CBT go bhféadfaidh siad tosú ón dáta ar tharla an teagmhas.
- (41) Chun maoiniú leordhóthanach a áirithiú le haghaidh na gcineálacha nua idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha dá dtagraítear in Airteagal 41a agus 78a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann sciar áirithe d'íocaíochtaí díreacha agus de chistiú CETFT araon a fhorchoimeád le haghaidh na gcineálacha idirghabhála sin. Mar sin féin, d'fhonn a áirithiú go mbeidh maoiniú leordhóthanach ar fáil fós chun tosaíochtaí eile CBT a bhaint amach, ba cheart an sciar sin a theorannú d'uasmhéid bliantúil atá ar fáil in aghaidh an Bhallstáit, méid a chomhfhreagraíonn do 3 % d'iomlán na n-íocaíochtaí díreacha agus de chistiú CETFT in aghaidh na bliana. Chun na Ballstáit a spreagadh chun tús áite a thabhairt d'úsáid na hionstraime a leagtar amach in Airteagal 41a den Rialachán sin agus a mhaoinítear le cistiú íocaíochtaí díreacha, ba cheart an t-uasmhéid bliantúil is féidir le Ballstát a chur i leataobh le haghaidh an chineáil idirghabhála sin a bheith comhfhreagairt do 4 % d'iomlán na n-íocaíochtaí díreacha agus de chistiú CETFT in aghaidh na bliana, má chinneann an

²⁷ Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/523/oj>).

Ballstát gan tacaíocht a sholáthar d'íocaíochtaí géarchéime faoi Airteagal 78a den Rialachán sin.

- (42) Mar gheall ar a gcineál ar leith, na cineálacha nua idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoi íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a de Rialachán (AE) 2021/2115 agus faoin bhforbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a den Rialachán sin, ba cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid rannchuidiú leis na táscairí toraidh a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (43) An maoiniú náisiúnta breise le haghaidh íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 41a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart é a áireamh in Iarscríbhinn V a ghabhann le Plean Straitéiseach CBT an Bhallstáit.
- (44) Foráiltear le hAirteagal 119(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 go bhformheasfaidh an Coimisiún iarrataí ar leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a chuireann na Ballstáit isteach. Le hAirteagal 119(9) den Rialachán sin, cuirtear ar a gcumas do na Ballstáit modhnuithe a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm ar phleananna straitéiseacha CBT a bhaineann leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III, Caibidil IV, den Rialachán sin, arna bhformheas ag an gCoimisiún in éineacht leis an gcéad iarraidh eile ar leasú. Is léir ón taithí a fuarthas gur minic a bhíonn roinnt mhaith eilimintí teicniúla sna leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a fhágann go mbíonn siad casta, dochraideach do na Ballstáit, agus go mbíonn moilleanna ar na nósanna imeachta formheasa mar thoradh orthu cé nach bhfuil aon athrú ar threoshuíomh straitéiseach na bPleananna. Cuireann sé sin isteach ar Phleananna Straitéiseacha CBT a oiriúnú go tráthúil agus go héifeachtach do réaltacht eacnamaíoch atá ag athrú agus do riachtanais feirmeoirí agus tairbhíthe eile sna Ballstáit agus bíonn tionchar diúltach aige ar chur chun feidhme na bPleananna sin. Chun éifeachtúlacht na nósanna imeachta um leasú a shimpliú agus a fheabhsú, go háirithe maidir le gnéithe de na Pleananna Straitéiseacha CBT nach de chineál straitéiseach iad, níor cheart formheas ón gCoimisiún a cheangal ach amháin le haghaidh leasuithe straitéiseacha ar Phleananna Straitéiseacha CBT. Chun na críche sin, ba cheart leasuithe straitéiseacha a shainmhíniú i Rialachán (AE) 2021/2115 mar leasuithe ar eilimintí tábhachtacha de Phleananna Straitéiseacha CBT a mbíonn tionchar suntasach acu ar straitéis agus loighic idirghabhála na bpleananna sin, lena n-áirítear aistrithe leithdháiltí airgeadais idir CETFT agus CERT, leithdháilte airgeadais uasta agus íosta, agus athruithe ar phleananna sprice agus airgeadais. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann gach leasú eile ar a bPleananna Straitéiseacha CBT a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún fúthu, agus níor cheart na leasuithe eile sin a bheith faoi réir formheas a fháil ón gCoimisiún.
- (45) Chun comhoiriúnacht na bPleananna Straitéiseacha CBT le creat dlíthiúil CBT an Aontais a áirithiú, ba cheart an chumhacht a bheith ag an gCoimisiún agóid a dhéanamh in aghaidh leasuithe ar tugadh fógra ina leith i gcás ina measann sé nach bhfuil na leasuithe sin comhoiriúnach le Rialachán (AE) 2021/2115, Rialachán (AE) 2021/2116 ná na gníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme arna nglacadh dá mbun. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'fheirmeoirí agus do thairbhíthe eile, tar éis dóibh agóid in aghaidh leasú a fháil, ar leasú é ar tugadh fógra ina leith, níor cheart do na Ballstáit an leasú sin a chur i bhfeidhm agus ba cheart an leasú sin a bhaint den Phlean Straitéiseach CBT leasaithe a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Níor cheart caiteachas a bhaineann le leasuithe den sórt sin a bheith incháilithe ach oiread do ranníocaíocht ó EAFG nó CETFT, faoi seach. Is léir ón taithí a fuarthas go bhféadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt faoi roinnt leasuithe casta ar a bPleananna Straitéiseacha CBT. Dá bhrí sin, ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ag an gCoimisiún chun measúnú a dhéanamh ar na leasuithe ar tugadh fógra ina leith agus chun agóidí a dhéanamh leis na Ballstáit, i gcás inar gá. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag na

Ballstáit leasuithe a chur isteach a ndearna an Coimisiún agóidí ina leith lena bhformheas mar chuid d'iarraidh ar leasú straitéiseach dá dtagraítear in Airteagal 119(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, arna leasú leis an Rialachán seo, chun a áirithiú nach mbeidh éifeacht dhlíthiúil leis na leasuithe sin ach amháin má chomhlíonann siad Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán (AE) 2021/2116, chomh maith le gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme atá bunaithe orthu.

- (46) Foráiltear le hAirteagal 119(8), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/2115 go bhfuil na Ballstáit le dáta éifeachta a chinneadh le haghaidh leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a bhaineann le CERT le haghaidh dáta is déanaí ná dáta formheasta na hiarrata ar leasú ag an gCoimisiún. Chun an tsolúbthacht a mhéadú le haghaidh na mBallstát maidir leis na dátaí éifeachta a shocrú le haghaidh leasuithe straitéiseacha ar Phleananna Straitéiseacha CBT a bhaineann le CERT agus chun sineirgí a mhéadú idir na rialacha is infheidhme maidir le leasuithe straitéiseacha a bhaineann le CERT ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus leasuithe a bhaineann le CETFT ar Phleananna Straitéiseacha CBT, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann dáta éifeachta na leasuithe straitéiseacha ar Phleananna Straitéiseacha CBT a shocrú idir an dáta a chuirfear an iarraidh ar leasú straitéiseach a fhormheas dá dtagraítear in Airteagal 119(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, arna leasú leis an Rialachán seo, faoi bhráid an Choimisiúin, agus dáta formheasta na hiarrata ar leasú ón gCoimisiún.
- (47) Le hAirteagal 120 de Rialachán (AE) 2021/2115, áirithítear go dtabharfar na Pleananna Straitéiseacha CBT cothrom le dáta chun ionas go mbeidís ina léiriú ar leasuithe a rinneadh ar na gníomhartha reachtacha a liostaítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin agus a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, ar leasuithe iad ar cheart do na Pleananna Straitéiseacha CBT rannchuidiú leo agus a bheith comhsheasmhach leo. Chun na críche sin, tá na Ballstáit le measúnú a dhéanamh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart a bPleananna Straitéiseacha CBT a leasú, agus i gcás inar gá, tá siad le hiarraidh ar leasú a chur isteach, i gcás ina modhnaítear aon cheann de na gníomhartha reachtacha. Chun próisis riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint ag céim dhéanach chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT, ba cheart Airteagal 120 de Rialachán (AE) 2021/2115 a scríosadh.
- (48) Ba cheart Airteagal 122 de Rialachán (AE) 2021/2115 a choigeartú chun na leasuithe ar Airteagal 119 den Rialachán sin a léiriú, leasuithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo.
- (49) Ba cheart Airteagal 124(4) de Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun é a chur ar a chumas don Choiste Faireacháin a thuairim a thabhairt maidir le dáta éifeachta na leasuithe uile a bhaineann le CERT chun a áirithiú go mbeidh a ndóthain ama ag feirmeoirí agus tairbhíthe na leasuithe atá beartaithe a chur san áireamh.
- (50) In Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115, leagtar amach ceanglais maidir le hábhar agus nós imeachta na dtuarascálacha feidhmíochta bliantúla, tuarascálacha ar bonn iad le haghaidh imréiteach feidhmíochta bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116. Ós rud é go gcuirtear deireadh leis an nós imeachta maidir le himréiteach feidhmíochta bliantúil leis an Rialachán seo, ba cheart na ceanglais sin a mhodhnú chun faisnéis a scríosadh a theastaíonn chun críocha an nós imeachta sin amháin, mar shampla faisnéis maidir le haonadmhéideanna réadaithe agus na réasúiníthe atá le tabhairt ag na Ballstáit i gcás ina sáraíonn na haonadmhéideanna réadaithe na haonadmhéideanna comhfhreagracha atá beartaithe a leagtar amach i bPleananna Straitéiseacha CBT.
- (51) Ní mór Airteagal 134(7) de Rialachán (AE) 2021/2115 a shoiléiriú chun an nasc idir an tuarascáil feidhmíochta bhliantúil agus an t-athbhreithniú débhlíantúil ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 135 den Rialachán sin a neartú, a mhéid a bhaineann le húdair le

heasnaimh i gcás nár baineadh garspriocanna amach chun críoch athbhreithnithe dhébhliantúil ar fheidhmíocht a áireamh sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil.

- (52) De bhun Airteagal 134(13) de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt maidir le tuarascáil feidhmíochta bhliantúil laistigh de mhí amháin ó cuireadh isteach í. Is léir ón taithí a fuarthas maidir leis an measúnú ar inghlacthacht na tuarascála feidhmíochta bliantúla de bhun Airteagal 134(3) den Rialachán sin agus measúnú cuimsitheach ar an tuarascáil feidhmíochta bhliantúil a cuireadh isteach, nach féidir iad a dhéanamh i gcomhthráth le chéile. Dá bhrí sin, is gá an dáta óna ríomhfar an teorainn ama chun barúlacha a sheoladh, dá dtagraítear in Airteagal 134(13) den Rialachán sin, a mhodhnú go dtí an dáta a bheidh an tuarascáil feidhmíochta bhliantúil inghlactha, i gcomhréir le hAirteagal 134(3) den Rialachán sin.
- (53) An maoiniú náisiúnta breise le haghaidh íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí dá bhforáiltear i gcomhréir le hAirteagal 41a de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart é a bheith faoi réir na rialacha céanna le maoiniú náisiúnta faoin bhforbairt tuaithe.
- (54) De bhun Airteagal 159 de Rialachán (AE) 2021/2115, tá an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar an liosta gníomhartha reachtacha in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis an Rialachán sin agus le tograí reachtacha a dhéanamh chun gníomhartha reachtacha breise a chur leis an Iarscríbhinn sin. I bhfianaise scríosadh Airteagal 120 den Rialachán sin, ba cheart Airteagal 159 den Rialachán sin a scríosadh chun comhleanúnachas agus cobhsaíocht a áirithiú agus chun cur isteach ar chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT ag údarais náisiúnta, ag feirmeoirí agus ag tairbhíthe eile a sheachaint.
- (55) Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 táscairí tionchair, toraidh agus aschuir de bhun Airteagal 7 den Rialachán sin. An tábla ‘Imréiteach feidhmíochta bliantúil — OUTPUT’ in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, ba cheart é a ionadú chun táscairí aschuir a thabhairt isteach atá nasctha leis na cineálacha idirghabhála nua a tugadh isteach agus leis na cineálacha idirghabhála leasaithe agus chun scríosadh an imréitigh feidhmíochta bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116 leis an Rialachán seo a chur san áireamh.
- (56) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, liostaítear ina míreanna ábhartha d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thalmhaíocht (‘Bosca Glas’) le haghaidh gach cineáil idirghabhála den Rialachán sin. Dá bhrí sin, na cineálacha idirghabhála a tugadh isteach le déanaí le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoi íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a de Rialachán (AE) 2021/2115 agus le haghaidh forbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a den Rialachán sin, ba cheart iad a áireamh san Iarscríbhinn sin.
- (57) Is é is aidhm do chaighdeán GAEC 1, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, féarthailte buana a choinneáil ar bun chun stoc carbóin a chaomhnú bunaithe ar chóimheas féarthalamh buan i ndáil leis an limistéar talmhaíochta ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, foréigiúnach, grúpa gabháltas nó gabháltas i gcomparáid leis an mbliain tagartha 2018, le huaslaghdú 5 % i gcomparáid leis an mbliain tagartha. Athruithe struchtúracha ar fheirmeacha a d’fhéadfadh tarlú le linn na clárthréimhse 2023-2027, go háirithe in earnáil an bheostoic. D’fhéadfadh athruithe tapa ar úsáid talún ar leibhéal na feirme a bheith ag gabháil leis na hathruithe sin, go háirithe chun tionchair an athraithe aeráide ar bheatha agus ar infhaighteacht farae a mhaolú, rud nach mbeadh le feiceáil sna sonraí atá ar fáil, áfach, gan mhoill. D’fhéadfadh athruithe struchtúracha den sórt sin ar fheirmeacha a fhágáil go mbeidh éagsúlachtaí ann sa chóimheas féarthailte buana bliantúil i gcomparáid leis an mbliain tagartha 2018. I bhfianaise na n-éagsúlachtaí sin agus d’fhonn cur chun feidhme chaighdeán 1 GAEC a éascú, ba cheart uaschéatadán an

laghdaithe ar an gcóimheas féarthailte buana i gcomparáid leis an mbliain tagartha 2018 a mhéadú go 10 %, chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na forbairtí le linn na clárthréimhse 2023-2027 agus riachtanais na bhfeirmeacha, go háirithe in earnáil an bheostoic, a chur san áireamh.

- (58) Is é is aidhm do chaighdeán GAEC 4, a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, cúrsaí abhann a chosaint ar thruailliú agus ar rith chun srutha trí stiallacha maoláin a bhunú feadh uiscebhealaí. Is léir ón taithí a fuarthas gur cheart an deis a bheith ag na Ballstáit an sainmhíniú ar ‘uiscebhealach’ chun críocha an chaighdeáin GAEC seo a ailíniú leis an sainmhíniú ar uiscebhealaí arna bhunú ag na Ballstáit sa reachtaíocht náisiúnta, lena n-áirítear reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear chun feidhme reachtaíocht an Aontais, ar cuid de SMR é a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin. Mar sin féin, ba cheart an sainmhíniú ar uiscebhealach a úsáideann na Ballstáit chun críocha chaighdeán 4 GAEC a bheith i gcomhréir le príomhchuspóir an chaighdeáin GAEC sin, go háirithe chun an riosca a laghdú go n-eisiafaí uiscebhealaí níos lú, a d’fhéadfadh truailliú a thabhairt le sruth, ó raon feidhme an chaighdeáin GAEC sin.
- (59) Trí idir-inoibritheacht a fheabhsú, lena n-áirítear malartú rianúil sonraí, idir córais faisnéise talmhaíochta poiblí, cuirtear réimse tairbhí oibríochtúla, staidrimh agus beartais ar fáil, mar shampla an t-ualach laghdaithe maidir le bailiú sonraí agus éifeachtúlacht fheabhsaithe, comhtháthú agus bailíochtú uathoibrithe sonraí, cruinneas agus iontaofacht sonraí feabhsaithe, faireachán feabhsaithe ar bheartais agus comhar níos éifeachtaí laistigh de na Ballstáit. Mar sin féin, in éagmais struchtúr comhordaithe ar leibhéal na mBallstát, chomh maith leis na difríochtaí a thugtar faoi deara i ndul chun cinn an aistrithe dhigitigh idir na Ballstáit, cuirtear bac ar chur chun feidhme éifeachtach na hidir-inoibritheachta agus ar na tairbhí a bhaineann léi. I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘A Vision for Agriculture and Food’ [Fís don Talmhaíocht agus don Bhia], ina leagtar béim ar an bprionsabal ‘bailigh uair amháin, bain úsáid as níos mó ná uair amháin’, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbaileoidh na húdaráis sonraí ach aon uair amháin, is é sin na húdaráis atá freagrach as CBT a chur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT agus na sonraí sin a athúsáid, gan iarraidh ar na feirmeoirí na sonraí céanna a sholáthar roinnt uaireanta.
- (60) Chun idir-inoibritheacht a bhaint amach agus a choinneáil ar bun idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT a chur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar CBT, agus malartú rianúil sonraí idir na córais faisnéise sin ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhí eile CBT agus an riarachán, agus an geilleagar i gcoitinne, más féidir, agus i bhfianaise na Straitéise Eorpaí maidir le Sonraí²⁸ agus tionscnaimh ábhartha eile de chuid an Aontais agus tionscnaimh náisiúnta eile, mar atá an Spás Coiteann Sonraí do Shonraí Talmhaíochta na hEorpa agus an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach²⁹, ba cheart do gach Ballstát údarás amháin a ainmniú a bheidh freagrach as treochlár a tharraingt suas agus a chur chun feidhme ina mbeidh bearta agus gníomhaíochtaí. Chun na críche sin, ba cheart don údarás ainmnithe, i gcás inarb ábhartha, comhoibriú le húdaráis náisiúnta eile agus le hinstiúidí agus comhlachtaí an Aontais. Chun a áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún obair leantach thráthúil agus iomchuí, ba cheart do na Ballstáit a dTreochláir a chur faoi bhráid an

²⁸ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN, Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, COM(2020) 66 final.

²⁹ Rialachán (AE) 2024/903 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leagtar síos bearta maidir le hardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí ar fud an Aontais (an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach), IO L, 2024/903, 22.3.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/903/oj>

Choimisiúin. Ba cheart an fhéidearthacht a bheith ag an gCoimisiún barúlacha a thabhairt maidir leis na Treochláir a chuireann na Ballstáit isteach d'fhonn comhleanúnachas agus idir-inoibritheacht idir córais faisnéise talmhaíochta poiblí a áirithiú. Cuireann cur chuige neamh-chomhchuibhithe maidir le haitheantóirí digiteacha nó sásraí comhroinnte sonraí bac ar dhul chun cinn maidir le hidir-inoibritheacht. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chreat aonair céannachta digití a bhunú agus ar ailíniú le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁰, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an Tiachóg Eorpach Céannachta Digití do dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha. Ba cheart do na Ballstáit an Treochlár a bhunú agus a chur chun feidhme bunaithe ar a staid shonrach agus ar a riachtanais shonracha agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh na bearta is gá ann chun idir-inoibritheacht idir córais faisnéise talmhaíochta poiblí a bhaint amach agus a choinneáil ar bun chomh maith leis an amlíne ina gcuirfí na bearta sin chun feidhme. Níor cheart ainmniú an Údaráis ná tarraingt suas agus cur chun feidhme an Treochláir a mheas mar cheanglais bhunúsacha de chuid an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (c), de Rialachán (AE) 2021/2116.

- (61) Is léir ón taithí a fuarthas agus an cúlchiste talmhaíochta á chur chun feidhme go bhfuil sé luachmhar i gcás géarchéime chun tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí a ndéantar difear dóibh agus chun cuidiú leis na margaí cothromaíocht níos fearr a bhaint amach arís. Le blianta beaga anuas, áfach, bhí méadú ag teacht ar an úsáid a baineadh as chun cás na bhfeirmeoirí a fhulaingíonn caillteanais dhíreacha de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha a mhaolú, cé gurbh é an cuspóir bunaidh a bhí leis mar ionstraim maoiniúcháin le haghaidh an mhargaidh díriú ar thionchair shuaití sa mhargadh a chúiteamh agus a mhaolú. I bhfianaise na ndúshlán méadaitheach atá roimh earnáil talmhaíochta an Aontais, lena n-áirítear teannas trádála, neamhchinnteacht gheopholaitiúil agus tionchar indíreach méadaithe saincheisteanna sláinte ainmhithe ar chothromaíocht an mhargaidh, is cosúil go bhfuil údar leis an gcúlchiste a athdhíriú ar a chuspóir bunaidh. Na Ballstáit atá i gceannas ar straitéisí láidre bainistithe riosca agus géarchéime a fhorbairt le tacaíocht airgeadais óna bPleananna Straitéiseacha CBT, lena n-áirítear na hionstraimí nua a bhunaítear leis an Rialachán seo, ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar chúiteamh d'fheirmeoirí as éifeachtaí díreacha tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha, amhail iad siúd as a n-eascraíonn caillteanais fhisiceacha plandaí, ainmhithe agus táirgí díobh. Maidir le bearta chun an tionchar diúltach ar fheirmeoirí a eascraíonn as suaitheadh sa mhargadh a chothromú, ar nós na mbearta sin a dhéanann difear do phraghsanna, do chostais nó do dhíolacháin, agus nuair a ghintear iad mar éifeachtaí indíreacha tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha, ba cheart leanúint de na bearta sin a mhaoiniú leis an gcúlchiste talmhaíochta.
- (62) Ba cheart Airteagal 21(1) agus Airteagal 32(8) de Rialachán (AE) 2021/2116 lena leagtar amach rialacha maidir le híocaíochtaí míosúla agus eatramhacha, faoi seach, a leasú chun a chur san áireamh gur scriosadh an t-imríteach feidhmíochta bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 54 den Rialachán sin leis an Rialachán seo. Thairis sin, ba cheart Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 a leasú freisin chun a áirithiú, tar éis na leasuithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo in Airteagal 86(2) agus Airteagal 119(8) de Rialachán (AE) 2021/2115, nach ndearbhófar don Choimisiún caiteachas a éireoidh ina chaiteachas

³⁰ Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73–114, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj>).

incháilithe do ranníocaíocht CERT ó dháta éifeachta, a thagann roimh fhormheas an leasaithe ag an gCoimisiún ach tar éis an dáta a cuireadh an iarraidh ar leasú faoi bhráid an Choimisiúin, go dtí go bhformheasfaidh an Coimisiún an leasú i gcomhréir le hAirteagal 119(10) de Rialachán (AE) 2021/2115. Chuige sin, caiteachas nach féidir a dhearbhu sa mhílena mbaineann de bharr formheas ar leasú a bheith ar feitheamh, ba cheart a bheith in ann é a dhearbhu sna míonna ina dhiaidh sin den bhliain airgeadais chéanna nó, ar a dhéanaí, i gcuntais bhliantúla na bliana airgeadais sin atá le cur chuig an gCoimisiún faoin 15 Feabhra den bhliain tar éis na bliana airgeadais sin. Agus dáta éifeachta leasaithe á chinneadh agus chun a áirithiú gur féidir aon chaiteachas a eascraíonn as an leasú a íocadh cheana le tairbhíthe a dhearbhu fós laistigh den bhliain airgeadais faoi seach, ba cheart do na Ballstáit na teorainneacha ama le haghaidh an nós imeachta formheasa a leagtar síos in Airteagal 119 de Rialachán (AE) 2021/2115 a chur san áireamh.

- (63) Ní mór Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2021/2116 maidir le híocaíochtaí a chur ar fionraí i ndáil le riachtanais an imréitigh feidhmíochta bhliantúil a leasú chun a chur san áireamh gur scriosadh an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 54 den Rialachán sin leis an Rialachán seo.
- (64) Le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2116, foráiltear, ar bhonn na faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, pointe (a) agus pointe (d) den Rialachán sin, go bhfuil an Coimisiún le gníomhartha cur chun feidhme ina mbeidh a chinneadh maidir le cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe a imréiteach, le haghaidh an chaiteachais dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 den Rialachán sin. Ba cheart Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2116 a leasú chun a chur san áireamh gur scriosadh an t-imréiteach feidhmíochta bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 54 den Rialachán sin leis an Rialachán seo.
- (65) In Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116, foráiltear, i gcás nach mbeidh aschur comhfhreagrach, mar a thuairiscítear sa tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 9(3) agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/2116 agus in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 ag an gcaiteachas dá dtagraítear in Airteagal 5(2) agus Airteagal 6 den Rialachán sin agus atá i gcomhréir leis na hidirghabhálacha dá dtagraítear i dTeideal III de Rialachán (AE) 2021/2115, tá an Coimisiún le gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh roimh an 15 Deireadh Fómhair den bhliain tar éis na bliana buiséadaí lena gcinnfear na méideanna atá le laghdú ó mhaoiniú an Aontais ('imréiteach feidhmíochta bliantúil'). Léiríonn an taithí a fuarthas ón gcéad bhliain de chur chun feidhme an chleachtaidh maidir le himréiteach feidhmíochta bliantúil, agus ó ullmhú an chleachtaidh le haghaidh an dara bliain, go bhfuil ualach riaracháin díréireach ar na Ballstáit maidir leis an bhfaisnéis is gá le haghaidh na tuarascála feidhmíochta bliantúla agus le linn an imréitigh feidhmíochta bhliantúil a ullmhú. Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, ba cheart deireadh a chur leis an imréiteach feidhmíochta bliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116. An ceanglas go ndéanfar caiteachas arna dhéanamh ag gníomhaireachtaí íocaíochta a mheaitseáil le haschur comhfhreagrach, a leagtar síos in Airteagal 37(1), pointe (b)(i), den Rialachán sin, cumhdaítear é leis an nós imeachta comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 55 den Rialachán sin.
- (66) An ceanglas go ndéanfar caiteachas i gcomhréir leis na córais rialachais is infheidhme, a leagtar síos in Airteagal 37(1), pointe (b)(ii), de Rialachán (AE) 2021/2116, rialaíonn na gníomhaireachtaí íocaíochta é, agus fíoraíonn comhlachtaí deimhniúcháin é ina dhiaidh sin ar bhonn bliantúil, agus fíoraíonn an Coimisiún é i bhfoirm athbhreithnithe ar thuairimí agus tuarascálacha an Chomhlachta Deimhniúcháin agus mar chuid d'obair leantach ar na torthaí, agus le linn nósanna imeachta comhréireachta dá dtagraítear in Airteagal 55 den Rialachán sin. Soláthraíonn na nósanna imeachta sin an dearbhú is gá go mbaintear amach na haschuir

réadaithe i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais. In éineacht leis an athbhreithniú débhlantúil ar fheidhmíocht dá dtagraítear in Airteagal 135 de Rialachán (AE) 2021/2115, áirithítear leis na nósanna imeachta sin freisin go mbainfidh na Ballstáit amach na garspriocanna agus na spriocanna dá dtagraítear in Airteagal 109(1), pointe (a), den Rialachán sin, arna leagan síos acu mar chuid dá gcórais feidhmíochta sna Pleananna Straitéiseacha CBT. Ba cheart Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116 a scriosadh, dá bhrí sin.

- (67) Ní mór ailíniú breise ar ionstraimí airgeadais idir CBT agus na beartais eile faoi bhainistíocht chomhroinnte a bhaint amach i gcomhthéacs neamhrialtachtaí agus ceartuithe airgeadais, nuair a léiríonn comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme gur comhlíonadh tacar carnach gníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/2116 a leasú chun comhsheasmhacht le hAirteagal 103(6) de Rialachán (AE) 2021/1060 a áirithiú.
- (68) Thuairiscigh feirmeoirí arís agus arís eile an brú a bhaineann le rialuithe iomadúla i rith na bliana. Tá an fhéidearthacht ag na Ballstáit cheana roinnt rialuithe a ghrúpáil in aon chuairt amháin. Chun an líon cuairteanna allamuigh in aghaidh na feirme a laghdú agus, ar an gcaoi sin, an t-ualach riaracháin ar thairbhíthe a mhaolú, i gcás inar féidir, níor cheart do na Ballstáit tairbhí a roghnú a roghnaíodh cheana le haghaidh seiceáil ar an láthair le haghaidh na bliain sin, ach amháin i gcás ina n-éilítear an dara rialú leis na himthosca chun cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Ina theannta sin, níor cheart leibhéal na seiceálacha a laghdú leis an laghdú sin. Chun na críche sin, ba cheart Airteagal 60(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116 a leasú dá réir.
- (69) Ba cheart Airteagal 67(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 a leasú chun an tagairt d'imréiteach feidhmíochta bliantúil a scriosadh dá dtagraítear in Airteagal 54 den Rialachán sin.
- (70) Bunaithe ar na chéad bhlianta den chur chun feidhme, is cosúil go bhfuil sé iomarcach seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar idirghabhálacha a ndéantar faireachán orthu le sonraí satailíte ó na satailítí Sentinel de chuid chlár Copernicus nó le sonraí eile a bhfuil luach coibhéiseach ar a laghad acu, rud a chuireann ualach gan údar ar na Ballstáit agus ar na feirmeoirí. Dá bhrí sin, i gcás na gcoinníollacha incháilitheachta sin, níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit seiceálacha ar an láthair a dhéanamh, lena n-áirítear na seiceálacha sin a dhéantar go cianda le húsáid na teicneolaíochta. Chun na críche sin, ba cheart Airteagal 72 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116 a leasú dá réir.
- (71) Léiríonn an taithí a fuarthas gur cheart na measúnuithe cáilíochta ar an gCóras Aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta (LPIS), ar an bhFeidhmchlár Geospásúil (GSA) agus ar an gCóras Faireacháin Limistéir (AMS) faoi seach a chumasc. Ós rud é go bhfuil na córais nasctha go dlúth, is dúshlán é measúnú a dhéanamh ar cháilíocht córais amháin gan an tionchar ar na córais eile a mheas. Thairis sin, trí na measúnuithe cáilíochta sin a chumasc, thairbhíodh riaracháin na mBallstát d'ualach oibre laghdaithe a bhaineann leis na nósanna imeachta cigireachta agus na hoibleagáidí tuairiscithe. Ina theannta sin, nuair is gá, bheadh sé de bhuntáiste ag na Ballstáit gníomhaíocht cheartaitheach aonair a mholadh lena gcuimseofaí na trí chóras uile (LPIS, GSA agus AMS), seachas gníomhaíochtaí ar leithligh a chur chun feidhme, rud a mhéadódh a n-éifeachtúlacht. Chun na críche sin, ba cheart Airteagal nua a thabhairt isteach i Rialachán (AE) 2021/2116 agus ba cheart na tagairtí ábhartha a leasú dá réir.
- (72) Is léir ón taithí a fuarthas i gcur chun feidhme an chórais rialúcháin coinníollachta, lena n-áirítear trí nósanna imeachta comhréireachta, léiríodh go bhfuil coinníollacha áirithe dolúbtha gan ghá agus go gcuireann siad ualach míchuí ar na Ballstáit, agus ní gá go gcuirfidís feabhas ar chosaint chistí an Aontais. Chun an córas rialúcháin a chuíchóiriú agus

an t-ualach riaracháin a laghdú agus, an tráth céanna, a éifeachtacht a choinneáil ar bun maidir le comhlíonadh na gceanglas coinníollachta a fhíorú, ba cheart níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit agus a gcórais rialaithe á gceapadh acu. Chuige sin, ba cheart an ceanglas maidir le hathbhreithniú bliantúil ar an gcóras rialúcháin a bhaint agus ba cheart na tosca ar bheart breithniú orthu san anailís riosca a fhágáil faoi rogha na mBallstát.

- (73) Le Rialachán (AE) 2024/1468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³¹, leasaíodh Airteagail 83 agus 84 de Rialachán (AE) 2021/2216 chun an t-ualach ar fheirmeoirí beaga agus ar riaracháin náisiúnta a laghdú, ualach a bhaineann le rialuithe agus pionóis choinníollachta. Go sonrach, díolmhaítear leis feirmeoirí ag a bhfuil uasmhéid gabhálaí nach mó ná 10 heicteár de limistéar talmhaíochta arna dhearbhu i gcomhréir le hAirteagal 69(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 ó rialuithe coinníollachta agus ó chur i bhfeidhm pionós riaracháin maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas coinníollachta. Mar sin féin, áirítear san iarratas geospásúil dá dtagraítear in Airteagal 69(1) de Rialachán (AE) 2021/2116 limistéir seachas limistéar talmhaíochta agus tá srianta teicniúla ann maidir leis na limistéir thalmhaíochta a ríomh, ós rud é go bhféadfadh sé nach dtomhaistear cuid de na heilimintí agus de na gnéithe tírdhreacha agus go bhféadfadh athrú ó thaobh méide de le himeacht ama. Dá bhrí sin, ba cheart na díolúintí a bheith bunaithe ar an limistéar atá incháilithe do na hÍocaíochtaí agus ar an tacaíocht atá ábhartha don choinníollacht.
- (74) Thairis sin, ní fhéadfaidh tairbhíthe beaga seachas feirmeoirí, ar nós bainisteoirí talún, tairbhiú de na díolúintí ó rialuithe coinníollachta agus pionóis. Mar sin féin, an t-ualach riaracháin a bhaineann leis na rialuithe agus cur i bhfeidhm pionós le haghaidh na gceanglas coinníollachta sin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/2116, is féidir leis a bheith ard ar bhealach díréireach le haghaidh na dtairbhíthe sin. Ar an mbonn céanna, ós rud é go bhfuil an limistéar talmhaíochta a bhainistíonn na tairbhíthe sin teoranta agus go mbíonn na pionóis íseal i gcoitinne do thairbhíthe beaga, d'fhéadfadh sé freisin go gcuirfeadh cur i bhfeidhm pionós ualach díréireach ar riaracháin na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart tairbhíthe beaga seachas feirmeoirí a dhíolmhú freisin ó rialuithe coinníollachta agus ó chur i bhfeidhm pionós riaracháin maidir le ceanglais choinníollachta. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go leanfaidh CBT de bheith ag rannchuidiú leis na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointí (d), (e) agus (f), de Rialachán (AE) 2021/2115 trí cheanglais choinníollachta agus chun cobhsaíocht na gceanglas sin a áirithiú mar bhonnline choiteann le haghaidh na mBallstát agus na dtairbhíthe. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith fós ag na ceanglais choinníollachta maidir leis na tairbhíthe uile a liostaítear in Airteagal 83(1) de Rialachán (AE) 2021/2116.
- (75) Airteagail 102 agus 103 de Rialachán (AE) 2021/2116 lena leagtar síos rialacha a bhaineann le feidhmiú tarmhigean na cumhachta chun gníomhartha a ghlacadh agus an nós imeachta coiste, ba cheart iad a leasú chun leasuithe ar fhorálacha eile de Rialachán (AE) 2021/2116 a thugtar isteach leis an Rialachán a chur san áireamh, go háirithe scriosadh Airteagal 54 den Rialachán sin.
- (76) Chun comhleanúnachas a áirithiú i measc fhorálacha éagsúla Rialachán (AE) 2021/2116, ba cheart an Rialachán sin a leasú chun tagairtí don nós imeachta maidir le himreiteach feidhmíochta bliantúil a bhaint, go háirithe d'Airteagal 54 agus d'Airteagal 40(1) den Rialachán sin.

³¹ Rialachán (AE) 2024/1468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le caighdeán maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe, leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT, athbhreithniú ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus díolúintí ó rialuithe agus pionóis (IO L, 2024/1468, 24.5.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1468/oj>).

- (77) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a leasú dá réir.
- (78) Ba cheart forálacha idirthréimhseacha a leagan síos i dtaca le leasuithe ar Airteagal 119 de Rialachán (AE) 2021/2115, a thugtar isteach leis an Rialachán seo, chun a áirithiú go bhformheasfar iarrataí ar leasú agus fógraí faoi mhodhnuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo trí úsáid a bhaint as na nósanna imeachta is infheidhme tráth a chuirtear isteach na hiarrataí sin ar leasú nó ar fhógraí.
- (79) Chun cur chun feidhme rianúil na mbeart a thugtar isteach leis an Rialachán seo a áirithiú agus mar ábhar práinne chun an t-ualach riaracháin ar údarais na mBallstát a bhfuil baint acu le hullmhú na tuarascála feidhmíochta bliantúla le haghaidh na bliana airgeadais 2025 a laghdú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (80) Ós rud é gur leithdháileadh cistí cheana féin ó chúlchiste talmhaíochta 2025 le haghaidh earnálacha a ndéanann teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha difear dóibh dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/441 ón gCoimisiún³², ba cheart feidhm a bheith ag Airteagal 2, pointe (5) den Rialachán seo ón mbliain airgeadais talmhaíochta 2026, i.e. ón 16 Deireadh Fómhair 2025 amháin.
- (81) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725³³ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim an [...]

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/2115

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 mar a leanas:

- (1) Airteagal 4(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘is é a bheidh i gceist le ‘féarthailte buana agus féarach buan’ (dá dtagraítear i dteannta a chéile mar ‘féarthailte buana’) talamh a úsáidtear chun fear nó foráiste luibheach eile a fhás go nádúrtha (féinsíolaithe) nó trína shaothrú (síolaithe) agus nár áiríodh in uainíocht bharr an ghabháiltais ar feadh 5 bliana nó níos mó nó, i gcás ina gcinneann na Ballstáit amhlaidh, ar feadh 7 mbliana nó níos mó agus, i gcás ina gcinneadh na Ballstáit amhlaidh, nár treabhadh, ná nár saothraíodh, ná nár athshíolaíodh le cineálacha difriúla fear nó foráiste luibheach eile, ar feadh 5 bliana nó níos mó nó ar feadh 7 mbliana nó níos mó. Féadfaidh speicis eile amhail toir nó crainn atá in-innilte, agus, i gcás ina gcinneadh na Ballstáit amhlaidh, speicis eile amhail toir nó crainn lena ndéantar beatha

³² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/441 ón gCoimisiún an 6 Márta lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta a ndéanann teagmhais dhíobhálacha aeráide agus le tubaistí nádúrtha difear dóibh sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

³³ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39–98), ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>.

ainmhithe a tháirgeadh a bheith mar chuid de sin, ar choinníoll go bhfuil na féara agus an foráiste luibheach eile ceannasach i gcónaí.’;

(2) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Go háirithe, an tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta, an tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta, an tacaíocht ioncaim fhorlíontach d’fheirmeoirí óga agus na scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe, agus na híocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi íocaíochtaí díreacha agus faoin bhforbairt tuaithe, cáileoidh siad faoi na critéir i míreanna Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh na n-idirghabhálacha sin. Do na hidirghabhálacha eile, is míreanna táscacha iad na míreanna d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht agus a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus, ina ionad sin, féadfaidh na hidirghabhálacha sin mír d’Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála maidir leis an Talmhaíocht a chomhlíonadh, nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, má shonraítear agus má mhínítear sin sa Phlean Straitéiseach CBT.’;

(3) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. I gcás ina mbeidh sé ar intinn ag Ballstáit cur lena n-aschuir bheartaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leagtar amach ina Phlean Straitéiseach CBT agus a d’fhormheas an Coimisiún sna Pleananna Straitéiseacha CBT, tabharfaidh siad fógra maidir lena aschuir bheartaithe athbhreithnithe don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 119(9) faoin 1 Eanáir den bhliain roimh an mbliain éilimh lena mbaineann.’

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Faoin 31 Márta den bhliain roimh an mbliain éilimh lena mbaineann, cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann fógra isteach i gcomhréir le hAirteagal 119(9) leis an gcomhéifeacht laghdaithe dá dtagraítear sa dara fomhír.’

(4) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áireoidh na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT córas coinníollachta faoina mbeidh feirmeoirí agus tairbhíthe eile a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoin Chaibidil II, cé is moite de na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 41a, nó íocaíochtaí bliantúla faoi Airteagal 70, Airteagal 71 agus Airteagal 72 faoi réir pionós riaracháin mura gcomhlíonfaidh siad na ceanglais reachtúla bainistíochta faoi dhlí an Aontais agus na caighdeáin GAEC a bhunaítear sa Phleananna Straitéiseacha CBT, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III, a bhaineann leis na réimsí sonracha seo a leanas:

(a) an aeráid agus an comhshaol, lena n-áirítear uisce, ithir agus bithéagsúlacht na n-éiceachóras;

(b) an tsláinte phoiblí agus sláinte plandaí;

(c) leas ainmhithe.’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an gcóras coinníollachta maidir le tairbhíthe íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 28.’;

(5) in Airteagal 13(1), cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

‘Feirmeoirí a bhfuil a ngabháltas iomlán deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, measfar go gcomhlíonann siad na caighdeáin 1, 3, 4, 5, 6 agus 7 GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Agus a gcaighdeáin á socrú acu, féadfaidh na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 109(2)(a)(i) a shocrú ionas go mbeidh siad comhsheasmhach leis na ceanglais éigeantacha arna mbunú leis an dlí náisiúnta agus nach rachaidh siad thar na ceanglais sin, ar choinníoll go gcomhlíonann na ceanglais éigeantacha náisiúnta sin na caighdeáin GAEC a liostaítear in Iarscríbhinn III.’

* Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj>).’;

(6) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ar a dhéanaí, amhail ón 1 Eanáir 2025, sonródh na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT go mbeidh feirmeoirí agus tairbhíthe eile a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoi Chaibidil II cé is moite de na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 41a, nó na híocaíochtaí bliantúla faoi Airteagal 70, Airteagal 71 agus Airteagal 72 le bheith faoi réir pionóis riaracháin mura gcomhlíonfaidh siad na ceanglais a bhaineann leis na dálaí oibre agus fostaíochta is infheidhme, nó oibleagáidí fostóra a eascraíonn as na gníomhartha dlíthiúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV.’;

(7) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Féadfaidh na cineálacha idirghabhála faoin gCaibidil seo a bheith i bhfoirm íocaíochtaí díreacha díchúpláilte agus cúpláilte agus i bhfoirm íocaíochtaí géarchéime forlíontacha.’;

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4. Is éard a bheidh in íocaíochtaí géarchéime forlíontacha íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha.’

(8) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Na Ballstáit a chinnfidh an fhoráil seo a úsáid, cuirfidh siad i bhfeidhm í maidir le gach feirmeoir ar ann d’uirlis bainistithe riosca maidir leis in aon bhliain ar leith.’;

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 28:

‘Airteagal 28

Íocaíochtaí le haghaidh feirmeoirí beaga

Féadfaidh na Ballstáit íocaíocht a dheonú d’fheirmeoirí beaga, arna cinneadh ag na Ballstáit, trí bhíthin cnapshuime nó méideanna eile in aghaidh an heicteáir a chuirfear in ionad na n-íocaíochtaí díreacha faoin Roinn seo agus faoi Roinn 3 den Chaibidil seo. Déanfaidh na Ballstáit an idirghabháil chomhfhreagrach a cheapadh sa Phlean Straitéiseach CBT sa chaoi is gur idirghabháil roghnach a bheidh ann ag feirmeoirí.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh sa Phlean Straitéiseach CBT nach gcuirfear an íocaíocht le feirmeoirí beaga dá dtagraítear sa chéad fhomhír in ionad íocaíochtaí díreacha a dhéantar chun tacú le héiciscéimeanna arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 31.

Ní bheidh an íocaíocht bhliantúil le haghaidh gach feirmeora faoin gcéad fhomhír níos mó ná EUR 2 500.

Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh cnapshuimeanna nó méideanna éagsúla in aghaidh an heicteáir a leagan amach a bheidh nasctha le tairseacha limistéir éagsúla.’;

(10) Leasaítear Airteagal 31 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(1) (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Maidir leis na gealltanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), i gcás ina bhforchuirtear leis an dlí náisiúnta ceanglais a théann thar na híoscheanglais chomhfhreagracha shainordaitheacha a leagtar síos i ndlí an Aontais, féadfar tacaíocht a dheonú do ghealltanais lena rannchuidítear le comhlíonadh na gceanglas sin.’;

(b) (ii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go n-eisiafar ón gceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír, pointe (a), caighdeán GAEC 2 a bhunaítear faoi Chaibidil I, Roinn 2, den Teideal seo.’;

(c) leasaítear mír 7 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, íocaíochtaí a dheonaítear i gcomhréir le pointe (b) den fhomhír sin le haghaidh gealltanais maidir le leas ainmhithe, gealltanais lena ndéantar an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac, gealltanais maidir le cleachtais talmhaíochta a théann chun sochair don aeráid agus cleachtais agus modhanna feirmeoireachta orgánaí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848 a choinneáil ar bun, féadfaidh siad a bheith i bhfoirm íocaíocht bhliantúil le haghaidh na n-aonad beostoic freisin.’;

(ii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh íocaíochtaí arna ndeonú i gcomhréir le pointe (b) den fhomhír sin, i gcás inarb iomchuí, a bheith i bhfoirm íocaíocht bhliantúil le haghaidh coirceog beach. Chun críocha an mhaolaithe seo, beidh feidhm ag an sainmhíniú ar ‘choirceog beach’ a leagtar amach sa ghníomh tarmlichte dá dtagraítear in Airteagal 56, pointe (b).’;

(11) i dTeideal III, Caibidil II, cuirtear isteach an Roinn seo a leanas:

‘Roinn 4

Íocaíochtaí géarchéime forlíontacha

Airteagal 41a

Íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi íocaíochtaí díreacha

1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime forlíontacha a sholáthar chun tairbhíthe íocaíochtaí díreacha faoi Roinn 2 agus Roinn 3 den Chaibidil seo a chúiteamh, ar tairbhíthe iad a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh. Is é is aidhm do na híocaíochtaí sin leanúnachas ghníomhaíocht talmhaíochta na dtairbhíthe sin a áirithiú agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus a shonraíonn na Ballstáit a thuilleadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. An tacaíocht faoin Airteagal seo, beidh sí faoi réir aithint fhoirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide nó teagmhas turraingeach, mar atá sainmhínithe ag an mBallstát, agus gurbh iad na teagmhais sin, nó bearta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun galar plandaí nó lotnaid a dhíothú nó a shrianadh, nó bearta arna nglacadh chun galair ainmhithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun

Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún* a rialú, a chosc nó a dhíothú nó bearta arna nglacadh maidir le galar atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429 ba chúis dhíreach le damáiste a raibh scriosadh 30 % ar a laghad de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh. Ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabhála, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabhála san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an réimse sonrach lena mbaineann.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndíreofar tacaíocht faoin Airteagal seo ar na feirmeoirí is mó a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh, trí choinníollacha incháilitheachta a chinneadh ar bhonn na fianaise atá ar fáil.

4. Bunóidh na Ballstáit na rátaí tacaíochta is infheidhme chun an caillteanas táirgeachta a chúiteamh. Beidh na rátaí sin níos airde i gcás feirmeoirí a chumhdaítear le scéim árachais nó le huirlis bainistithe riosca eile. Féadfar innéacsanna a úsáid chun caillteanas táirgeachta a ríomh.

5. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh na híocaíochtaí a chómhaoiniú le maoiniú náisiúnta breise suas le 200 % i gcomhréir le hAirteagal 115(5) agus le hAirteagal 146.

6. Agus tacaíocht á deonú faoin Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hidirghabhálacha faoin Airteagal seo comhsheasmhach leo siúd atá bunaithe ar Airteagal 78a agus go seachnófar róchúiteamh mar thoradh ar theaghlaim d'idirghabháil faoin Airteagal seo le hionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó le hionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó le scéimeanna árachais phríobháidigh.

7. De mhaolú ar Airteagal 111, an chéad fhomhír, ní bheidh feidhm ag pointí (h) agus (i) den fhomhír sin maidir le tacaíocht faoin gcineál idirghabhála seo.

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).’;

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 48:

‘Airteagal 48

Pleanáil agus tuairisciú ar leibhéal an chláir oibríochtúil

Beidh feidhm ag Airteagal 7(1), pointe (a), Airteagal 102, Airteagal 111, pointe (g) agus pointe (h), Airteagal 112(3), pointe (b), agus Airteagal 134 maidir leis na cineálacha idirghabhála sna hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 42, pointí (a), (d), (e) agus (f) ar leibhéal na gclár oibríochtúil, seachas ar leibhéal na hidirghabhála. Déanfar an phleanáil agus an tuairisciú le haghaidh na gcineálacha idirghabhála sin ar leibhéal na gclár oibríochtúil freisin.’;

(13) in Airteagal 52(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Féadfar na teorainneacha sin a mhéadú 0,5 pointe céatadáin, i gcás ina mbeidh sa chlár oibríochtúil idirghabháil amháin nó níos mó atá nasctha le haon cheann de na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 46, pointí (d), (e), (f), (h), (i) nó (j), ar choinníoll nach n-úsáidtear an méid atá os cionn an chéatadáin ábhartha a leagtar amach sa chéad fhomhír ach amháin chun caiteachas a eascraíonn as cur chun feidhme na n-idirghabhálacha sin a mhaoiniú. I gcás comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí, lena n-áirítear comhlachais eagraíochtaí táirgeoirí thrasnáisiúnta, féadfaidh an comhlachas na hidirghabhálacha sin a chur chun feidhme thar ceann a chomhaltaí.’;

(14) Leasaítear Airteagal 69 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

‘(e) cabhrú le feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua dul i mbun gnó, tionscnamh gnólachtaí tuaithe agus forbairt gnó feirmeacha beaga;’;

(b) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(i) íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi fhorbairt tuaithe.’;

(15) Leasaítear Airteagal 70 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(b) (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Maidir leis na gealltanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b), i gcás ina bhforchuirtear ceanglais leis an dlí náisiúnta, a théann thar na híoscheanglais chomhfhreagracha shainordaitheacha a leagtar síos i ndlí an Aontais, féadfar tacaíocht a dheonú do ghealltanais lena rannchuidítear le comhlíonadh na gceanglas sin.’

curtear isteach an fhomhír seo a leanas:

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go n-eisiafar ón gceanglas a leagtar síos sa chéad fhomhír, pointe (a), caighdeán 2 GAEC a bhunaítear faoi Chaibidil I, Roinn 2, den Teideal seo.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. I gcás ina ndéantar tacaíocht faoin Airteagal seo a dheonú i leith gealltanais agra-chomhshaoil-aeráide nó gealltanais aistriú chuig cleachtais agus modhanna feirmeoireachta orgánaí nó iad a choinneáil ar bun mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848, bunóidh na Ballstáit íocaíocht in aghaidh an heicteáir, nó i gcás inarb iomchuí, in aghaidh na coirceoige, faoi mar a shainmhínítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 56, pointe (b), den Rialachán seo. I gcás gealltanais eile, féadfaidh na Ballstáit aonaid eile nach heicteáir iad a chur i bhfeidhm. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a thabhairt faoin Airteagal seo mar chnapshuim.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh tacaíocht do ghealltanais agra-chomhshaoil-aeráide a théann chun sochair don aeráid agus gealltanais aistriú chuig cleachtais agus modhanna feirmeoireachta orgánaí nó iad a choinneáil ar bun mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848 a bheith i bhfoirm íocaíochta le haghaidh na n-aonad beostoic.’;

(16) in Airteagal 72(5), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh costais bhreise agus ioncam a tarscaoileadh a áireamh sa ríomh i ndáil le míbhuntáistí a eascraíonn as comhlíonadh chaighdeán 2 GAEC a bhunaítear faoi Chaibidil I, Roinn 2, den Teideal seo.’;

(17) in Airteagal 73, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

5. I gcás ina mbeidh sé mar thoradh ar dhlí an Aontais go gcuirfear ceanglais nua ar fheirmeoirí, féadfar tacaíocht a dheonú d’infheistíochtaí chun na ceanglais sin a chomhlíonadh ar feadh uastréimhse 36 mhí ón dáta a bheidh siad éigeantach le haghaidh an ghabháiltais talmhaíochta.

I gcás feirmeoirí óga atá ag dul i mbun gnó den chéad uair i ngabháltas talmhaíochta mar cheann an ghabháiltais, féadfar tacaíocht le haghaidh infheistíochtaí chun ceanglais dhlí an Aontais a chomhlíonadh a dheonú ar feadh uastréimhse 36 mhí ó dháta an bhunaithe, nó go dtí go gcuirfear na gníomhaíochtaí a shainítear sa phlean gnó dá dtagraítear in Airteagal 75(3) i gcrích.’;

(18) Leasaítear Airteagal 75 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Cabhrú le feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua dul i mbun gnó agus le tionscnamh gnólachtaí tuaithe;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Féadfaidh na Ballstáit, d’fhonn rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6(1) agus (2) a ghnóthú, tacaíocht a dheonú chun cabhrú le feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua dul i mbun gnó agus le tionscnamh gnólachtaí tuaithe, lena n-áirítear cabhrú le feirmeoirí óga dul i mbun gnó, agus le forbairt gnó feirmeacha beaga faoi na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a bhfuil sonraí breise ina dtaobh tugtha ag na Ballstáit ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

(c) i mír 2, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(d) forbairt gnó feirmeacha beaga, a chinn na Ballstáit de bhun Airteagal 73(4), an dara fomhír, pointe (b).’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Deonóidh na Ballstáit an tacaíocht i bhfoirm cnapshuimeanna nó i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó mar mheascán den dá rud. Déanfar tacaíocht a theorannú don mhéid seo a leanas:

(a) uasmhéid na cabhrach EUR 100 000 le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a), (b) agus (c);

(b) uasmhéid na cabhrach EUR 50 000 le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2, pointe (d).

Féadfar tacaíocht a dhifreáil i gcomhréir le critéir oibiachtúla.’;

(19) in Airteagal 76(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Áiríteoidh na Ballstáit nach ndeonófar tacaíocht ach chun caillteanais a sháraíonn tairseach 20 % ar a laghad den mheántáirgeacht bhliantúil nó de mheánioncam an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a chur san áireamh, a chúiteamh. Leis na huirlisí bainistithe riosca táirgeachta earnála, ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabháiltais, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabháiltais san earnáil lena maineann nó i ndáil leis an limistéar sonrach faoi árachas.

I gcás barra buana agus i gcásanna eile a bhfuil údar leo nach iomchuí na modhanna ríomha dá dtagraítear sa chéad fhomhír ina leith, féadfaidh na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar na caillteanais ar bhonn meántáirgeacht bhliantúil nó mheánioncam an fheirmeora thar thréimhse nach faide ná 8 mbliana, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh.

Féadfaidh na Ballstáit measúnú malartach iomchuí a chur i bhfeidhm chun na caillteanais le haghaidh feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua a ríomh.’;

(20) i dTeideal III, Caibidil IV, Roinn 1, cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

‘Airteagal 78a

Íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha faoi fhorbairt tuaithe

1. Féadfaidh na Ballstáit íocaíochtaí géarchéime a sholáthar d’fheirmeoirí gníomhacha a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh. Is é is aidhm do na híocaíochtaí sin leanúnachas ghníomhaíocht talmhaíochta na bhfeirmeoirí sin a áirithiú agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo agus a shonraíonn na Ballstáit a thuilleadh ina bPleananna Straitéiseacha CBT.

2. An tacaíocht faoin Airteagal seo, beidh sí faoi réir aithint fhoirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit gur tharla tubaiste nádúrtha, teagmhas díobhálach aeráide nó teagmhas turraingeach, mar atá sainmhínithe ag an mBallstát, agus gurbh iad na teagmhais sin, nó bearta arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031 chun galar plandaí nó lotnaid a dhíothú nó a shrianadh, nó bearta arna nglacadh chun galair ainmhithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún a chosc nó a dhíothú nó bearta arna nglacadh maidir le galar atá ag teacht chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 6(3) agus Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429 ba chúis dhíreach le damáiste a raibh 30 % ar a laghad de mheántáirgeacht bhliantúil an fheirmeora sa tréimhse 3 bliana roimhe sin nó meán 3 bliana bunaithe ar an tréimhse 5 bliana roimhe sin, gan an iontráil is airde ná an iontráil is ísle a áireamh. Ríomhfar na caillteanais ar leibhéal an ghabhála, ar leibhéal ghníomhaíocht an ghabhála san earnáil lena mbaineann nó i ndáil leis an réimse sonracha lena mbaineann.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndíreofar tacaíocht faoin Airteagal seo ar na feirmeoirí is mó a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh, trí choinníollacha incháilitheachta a chinneadh ar bhonn na fianaise atá ar fáil.

4. Bunóidh na Ballstáit na rátaí tacaíochta is infheidhme chun an caillteanas táirgeachta a chúiteamh. Beidh na rátaí sin níos airde i gcás feirmeoirí a chumhdaítear le scéim árachais nó le huirlis bainistithe riosca eile. Féadfar innéacsanna a úsáid chun caillteanas táirgeachta a ríomh.

5. Agus tacaíocht á deonú faoin Airteagal seo, áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil na hidirghabhálacha faoin Airteagal seo comhsheasmhach leo siúd atá bunaithe ar Airteagal 41a agus go seachnófar róchúiteamh mar thoradh ar theaghlaim d'idirghabháil faoin Airteagal seo le hionstraimí tacaíochta náisiúnta eile nó le hionstraimí tacaíochta eile de chuid an Aontais nó le scéimeanna árachais phríobháidigh.

6. De mhaolú ar Airteagal 111, an chéad fhomhír, ní bheidh feidhm ag pointí (h) agus (i) den fhomhír sin maidir le tacaíocht faoin gcineál idirghabhála seo.’;

(21) in Airteagal 79(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Tar éis dul i gcomhairle leis an gcoiste faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 124 (‘an coiste faireacháin’), déanfaidh an t-údarás bainistíochta náisiúnta, na húdaráis bhainistíochta réigiúnacha i gcás inarb ábhartha, nó comhlachtaí idirmheánacha ainmnithe na critéir roghnúcháin a leagan amach maidir le hidirghabhálacha a bhaineann leis na cineálacha idirghabhála seo a leanas: infheistíochtaí, cabhrú le feirmeoirí óga agus feirmeoirí nua dul i mbun gnó, tionscnamh gnólachtaí tuaithe agus forbairt gnó feirmeacha beaga, comhar, malartú eolais agus scaipeadh faisnéise. Beidh sé d’aidhm leis na critéir roghnúcháin sin cóir chomhionann i leith na n-iarratasóirí, úsáid fheabhsaithe acmhainní airgeadais agus spriocdhíríú na tacaíochta i gcomhréir le cuspóir na n-idirghabhálacha a áirithiú’;

(22) Leasaítear Airteagal 80 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

I gcás ina ndeonófar tacaíocht i bhfoirm ionstraimí airgeadais, beidh feidhm ag na sainmhínithe ar ‘ionstraim airgeadais’, ‘táirge airgeadais’, ‘faighteoir deiridh’, ‘ciste sealbhaíochta’, ‘ciste sonracha’, ‘éifeacht ghíarála’, ‘cóimheas iolraitheora’, ‘costais bhainistíochta’ agus ‘táillí bainistíochta’ a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2021/1060 agus ag forálacha Theideal V, Caibidil II, Roinn II agus Pointe II d’Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.’;

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhíre de mhír 3:

‘I gcás gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE, ní mó ná coibhéis deontais chomhláin EUR 300 000 thar aon tréimhse de 3 bliana a bheidh sa mhéid iomlán tacaíochta do chaipiteal oibre a chuirtear ar fáil d’fhaighteoir deiridh.’;

(c) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

‘Beidh cáin bhreisluacha (‘CBL’) incháilithe a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí a rinne tairbhíthe deiridh i gcomhthéacs ionstraimí airgeadais. I gcás ina dtugtar tacaíocht do na hinfheistíochtaí sin le hionstraimí airgeadais in éineacht le tacaíocht ó chlár i bhfoirm deontais dá dtagraítear in Airteagal 58(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní bheidh CBL incháilithe don chuid den chostas infheistíochta a chomhfhreagraíonn don tacaíocht ó chlár i bhfoirm deontais, ach amháin mura féidir CBL ar an gcostas infheistíochta a aisghabháil faoin reachtaíocht náisiúnta CBL.’;

(23) Leasaítear Airteagal 81 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Sa togra le haghaidh Plean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 118 nó san iarraidh ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 119, féadfaidh na Ballstáit leithdháileadh a dhéanamh ar mhéid suas le 3 % den leithdháileadh tosaigh CETFT don Phlean Straitéiseach CBT atá le ranníoc le InvestEU agus arna sheachadadh trí ráthaíocht AE nó trí d an ionstraim airgeadais InvestEU dá dtagraítear in Airteagal 10a de Rialachán (AE) 2021/523 agus trí Mhol Comhairleach InvestEU. Beidh réasúnú sa Phlean Straitéiseach CBT ar úsáid InvestEU agus luafar an bealach ar rannchuidigh sé le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6(1) agus (2) den Rialachán seo agus a roghnaítear sa Phlean Straitéiseach CBT a ghnóthú.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Úsáidfear an méid dá dtagraítear i mír 1 chun soláthar don chuid de ráthaíocht AE nó don chistiú a sholáthraítear faoin ionstraim airgeadais InvestEU faoi urrann an Bhallstáit agus le haghaidh Mhol Comhairleach InvestEU, ar thabhairt i gcrích an chomhaontaithe ranníocaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 10(3) nó Airteagal 10a(3) de Rialachán (AE) 2021/523. Féadfaidh an Coimisiún na gealltanais bhuiséadacha ón Aontas maidir le gach comhaontú ranníocaíochta a dhéanamh i dtráthchodanna bliantúla le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2027.’;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

I gcás nár tugadh i gcrích comhaontú ranníocaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 10(2) nó Airteagal 10a(2) de Rialachán (AE) 2021/523 le haghaidh an mhéid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo arna leithdháileadh sa Phlean Straitéiseach CBT tar éis ghlacadh an chinnidh chur chun feidhme ón gCoimisiúin lena bhformheastar an Plean Straitéiseach CBT sin i gcomhréir le hAirteagal 118 den Rialachán seo, déanfar an méid comhfhreagrach a athdháileadh sa Phlean Straitéiseach CBT tar éis iarraidh ón mBallstát ar leasuithe a fhorghnas, arna dtaisceadh i gcomhréir le hAirteagal 119 den Rialachán seo.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5, mhír 6 agus mhír 7:

‘5. I gcás nach bhfuil comhaontú ráthaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 10(4), an dara fómhír nó in Airteagal 10a(4), an dara fómhír, de Rialachán (AE) 2021/523, tugtha i gcrích laistigh de 12 mí ón tráth a fhorghnasfar an comhaontú ranníocaíochta, cuirfear deireadh nó síneadh leis an gcomhaontú ranníocaíochta trí chomhaontú frithpháirteach.

I gcás ina scoirfear de rannpháirtíocht Bhallstáit in InvestEU, na méideanna lena mbaineann arna n-íoc isteach ag an mBallstát sin sa chiste don soláthar coiteann mar sholáthar nó arna leithdháileadh faoin ionstraim airgeadais InvestEU, déanfar iad a aisghabháil mar ioncam sannta inmheánach, de bhun Airteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais agus cuirfidh an Ballstát iarraidh isteach ar leasú ar a Phlean Straitéiseach CBT chun na méideanna arna n-aisghabháil agus na méideanna arna leithdháileadh ar bhlianta féilire amach anseo a úsáid i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo.

Déanfar an foirceannadh nó leasú ar an gcomhaontú ranníocaíochta a thabhairt i gcrích an tráth céanna le glacadh an chinnidh cur chun feidhme ón gCoimisiúin lena bhformheastar leasú ábhartha an Phlean Straitéisigh CBT agus ar a dhéanaí an 31 Nollaig 2026.

6. Mura gcuirfear comhaontú ráthaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 10(4), an tríú fomhír, nó in Airteagal 10a(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) 2021/523, chun feidhme go hiomchuí laistigh den tréimhse a comhaontaíodh sa chomhaontú ranníocaíochta, ach nach mó ná 4 bliana tar éis shíniú an chomhaontaithe ráthaíochta, leasófar an comhaontú ranníocaíochta. Féadfaidh an Ballstát a iarraidh go gcaithfí leis na méideanna a ranníocadh le ráthaíocht AE nó leis an ionstraim airgeadais InvestEU faoi mhír 1 den Airteagal seo agus a gealladh sa chomhaontú ráthaíochta ach nach gcumhdaítear leo iasachtaí foluiteacha, infheistíochtaí cothromais ná ionstraimí rioscúla eile i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo.

7. Acmhainní a gineadh leis na méideanna arna ranníoc le ráthaíocht AE, nó atá inchurtha i leith na méideanna sin, i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfear ar fáil do na Ballstáit iad i gcomhréir le hAirteagal 10(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2021/523 agus úsáidfear le haghaidh tacaíochta iad faoin gcuspóir céanna nó faoi na cuspóirí céanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha. Acmhainní a ghintear leis na méideanna arna ranníoc le hionstraim airgeadais InvestEU, nó atá inchurtha i leith na méideanna sin i gcomhréir leis an Airteagal seo, cuirfear iad ar fáil do na Ballstáit i gcomhréir leis an gcomhaontú ranníocaíochta agus úsáidfear iad le haghaidh tacaíochta faoin gcuspóir céanna nó faoi na cuspóirí céanna i bhfoirm ionstraimí airgeadais nó ráthaíochtaí buiséadacha.’;

(24) in Airteagal 83(2), cuirtear isteach an pointe seo a leanas i ndiaidh phointe (b):

‘(ba) i gcomhréir leis na modhanna ríofa a bhunaítear de bhun Airteagal 54, Airteagal 55 agus Airteagal 56(1) agus (3) de Rialachán (AE) 2021/1060;’;

(25) in Airteagal 86, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. An caiteachas a thagann chun bheith incháilithe mar thoradh ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT, beidh sé incháilithe do ranníocaíocht ó CERT ó dháta éifeachta an leasaithe a shocraigh an Ballstát lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 119(8), ach tráth nach luaithe ná an dáta a chuirtear an t-iarraitas ar leasú faoi bhráid an Choimisiúin, nó ón dáta a thugtar fógra faoi mhodhnú, dá dtagraítear in Airteagal 119(9).’;

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfar foráil a dhéanamh sa Phlean Straitéiseach CBT, i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide, go bhféadfar tús a chur le hincháilitheacht an chaiteachais arna mhaoiniú ag CERT a bhaineann le leasuithe ar an bPlean Straitéiseach CBT a bhaineann le hidirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 41a ón dáta a tharla an teagmhas.

3. An caiteachas a thagann chun bheith incháilithe mar thoradh ar leasú ar Phlean Straitéiseach CBT, beidh sé incháilithe do ranníocaíocht ó CETFT ón dáta a chuirtear an t-iarraitas ar leasú faoi bhráid an Choimisiúin, nó ón dáta a thugtar fógra dá dtagraítear in Airteagal 119(9).

De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo agus ar mhír 4, an dara fhomhír, i gcásanna ina bhfuil bearta éigeandála i gceist i ngeall ar thubaistí nádúrtha, teagmhais thurraingeacha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide nó i ngeall ar athrú suntasach agus tobann ar dhálaí socheacnamaíocha an Bhallstáit nó an réigiúin, féadfar a fhoráil sa Phlean Straitéiseach CBT go bhféadfaidh incháilitheacht an chaiteachais arna mhaoiniú le CETFT a bhaineann le leasanna ar an bPlean Straitéiseach CBT a thosú ón dáta a tharla an teagmhas.’

(26) i dTeideal IV, cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

Leithdháiltí airgeadais uasta le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha.

1. I gcás gach Ballstáit, beidh an t-uasmhéid is féidir a fhorchoimeád le haghaidh na n-íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí tar éis tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha dá dtagraítear in Airteagal 41a agus Airteagal 78a teoranta do na méideanna bliantúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XV, Tábla 1.

Maidir le blianta féilire 2025 agus 2026, ní sháróidh an caiteachas bliantúil iomlán ar na híocaíochtaí géarchéime forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 41a an leithdháileadh tascach airgeadais le haghaidh an chineáil sin idirghabhála le haghaidh na bliana féilire ábhartha, arna bhunú ag na Ballstáit ina bpleananna airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 112(2), pointe (a), agus arna fhorpheas ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 119. Uasteorainn airgeadais arna socrú le dlí an Aontais a bheidh san uasteorainn airgeadais sin.

An caiteachas CETFT iomlán ar na híocaíochtaí géarchéime dá dtagraítear in Airteagal 78a, ní sháróidh sé suim na leithdháiltí tascacha airgeadais le haghaidh an chineáil sin idirghabhála le haghaidh na mblianta féilire 2026 agus 2027, arna bhunú ag na Ballstáit ina bpleananna airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 112(2), pointe (a), agus arna fhorpheas ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 119. Uasteorainn airgeadais arna socrú le dlí an Aontais a bheidh san uasteorainn airgeadais sin.

2. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina gcinneadh Ballstát gan tacaíocht a sholáthar d’íocaíochtaí géarchéime i gcomhréir le hAirteagal 78a, beidh an t-uasmhéid bliantúil is féidir leis an mBallstát sin a fhorchoimeád le haghaidh na n-íocaíochtaí géarchéime forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 41a teoranta do na méideanna bliantúla a leagtar amach in Iarscríbhinn XV, Tábla 2.

Maidir le blianta féilire 2025 agus 2026, ní sháróidh an caiteachas bliantúil iomlán ar na híocaíochtaí géarchéime forlíontacha dá dtagraítear in Airteagal 41a an leithdháileadh tascach airgeadais le haghaidh an chineáil sin idirghabhála le haghaidh na bliana féilire ábhartha, arna bhunú ag na Ballstáit ina bpleananna airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 112(2), pointe (a), agus arna fhorpheas ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 119. Uasteorainn airgeadais arna socrú le dlí an Aontais a bheidh san uasteorainn airgeadais sin.’;

(27) in Airteagal 111, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Ní bheidh feidhm ag pointe (e) den chéad fomhír maidir le hidirghabhálacha faoin gcineál idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí faoi íocaíochtaí díreacha dá dtagraítear in Airteagal 41a, an cineál idirghabhála in earnáil na beachadóireachta dá dtagraítear in Airteagal 55(1), pointí (a) agus (c) go (g), idirghabhálacha faoin gcineál idirghabhála in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 58(1), pointí (h) go (k), na gníomhaíochtaí faisnéise agus cur chun cinn le haghaidh scéimeanna cáilíochta faoin gcineál idirghabhála le haghaidh comhair dá dtagraítear in Airteagal 77, agus idirghabhálacha faoin gcineál idirghabhála le haghaidh íocaíochtaí géarchéime le feirmeoirí faoi fhorbairt tuaithe dá dtagraítear in Airteagal 78a.’;

(28) in Airteagal 115(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) gearrthuairisc ar mhaoiniú breise náisiúnta le haghaidh idirghabhálacha i bhforbairt tuaithe a leagtar síos i dTeideal III, Caibidil IV, agus i gcás idirghabhálacha le haghaidh íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí leagtar síos in Airteagal 41a, a sholáthraítear taobh istigh de raon feidhme an Phlean Straitéisigh CBT, lena n-áirítear méideanna in aghaidh na hidirghabhála agus léiriú ar chomhlíonadh na gceanglas a leagtar síos sa Rialachán seo;’;

(29) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 119:

‘Airteagal 119

Leasuithe ar an bPlean Straitéiseach CBT

1. Féadfaidh na Ballstáit a bPleananna Straitéiseacha CBT a leasú trí iarrataí ar leasú straitéiseach a chur faoi bhráid an Choimisiúin de bhun mhír 2 nó trí fhógra a thabhairt don Choimisiún faoin leasú de bhun mhír 9.

2. Cuirfidh na Ballstáit iarrataí faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh leasuithe straitéiseacha ar a bPleananna Straitéiseacha CBT. Is éard a bheidh sna leasuithe straitéiseacha na leasuithe seo a leanas ar Phleananna Straitéiseacha CBT:

(a) leasuithe lena dtugtar isteach idirghabhálacha nua nó lena scriostar idirghabhálacha ó Phleananna Straitéiseacha CBT;

(b) leasuithe as a n-eascaíonn athruithe ar gharspriocanna nó spriocanna faoi na táscairí toraidh a bhfuil ‘PR’ marcáilte orthu in Iarscríbhinn I;

(c) leasuithe a bhaineann le hAirteagal 17(5), Airteagal 88(7), Airteagail 92 go 98 nó Airteagal 103(1) agus (5);

(d) leasuithe ar an sprioc agus ar na pleananna airgeadais sa Phlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear in Airteagal 112, lena n-áirítear leasuithe ar an ranníocaíocht ó CETFT le InvestEU dá dtagraítear in Airteagal 81, leasuithe ar ranníocaíocht iomlán CETFT le gach cineál idirghabhála le haghaidh na tréimhse iomláine a chumhdaítear leis an bPlean Straitéiseach CBT nó leasuithe a bhaineann le rátaí ranníocaíochta CETFT dá dtagraítear in Airteagal 91.

Beidh údar cuí leis na hiarrataí ar leasuithe straitéiseacha ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus leagfar amach iontu, go háirithe, an tionchar a mbeifear ag súil leis ó na hathruithe ar an bplean maidir leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 6(1) agus (2) a ghnóthú. Beidh an plean leasaithe ag gabháil leo lena n-áirítear na harscríbhinní a tugadh cothrom le dáta de réir mar is iomchuí.

3. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chomhsheasmhacht leasuithe straitéiseacha dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh dá bhun chomh maith le Rialachán (AE) 2021/2116 agus a rannchuidiú éifeachtach leis na cuspóirí sonracha a ghnóthú.

4. Formheasfaidh an Coimisiún an leasú straitéiseach a iarradh ar Phlean Straitéiseach CBT ar choinníoll gur cuireadh an fhaisnéis is gá faoina bhráid agus go bhfuil an leasú straitéiseach comhoiriúnach don Rialachán seo agus do Rialachán (AE) 2021/2116, mar aon leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme arna nglacadh dá mbun.

5. Déanfaidh an Coimisiún a chuid barúlacha a thabhairt ina leith laistigh de 30 lá ón dáta a cuireadh isteach an iarratas ar leasú dá dtagraítear i mír 2. Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis bhreise ar fad is gá don Choimisiún.

6. Déanfar iarraidh ar leasú straitéiseach ar Phlean Straitéiseach CBT a fhormheas tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis don Bhallstát í a chur isteach.

7. Féadfar iarraidh ar leasú straitéiseach ar an bPlean Straitéiseach CBT a thíolacadh dhá uair in aghaidh na bliana féilire, faoi réir díolúintí a d’fhéadfadh a bheith ann dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó atá le cinneadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 122. Ina theannta sin, féadfar trí iarraidh bhreise ar leasú straitéiseach ar an bPlean Straitéiseach CBT a thíolacadh le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le hiarrataí ar leasuithe chun eilimintí an Phlean Straitéisigh atá in easnamh a thíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 118(5).

Ní chuirfear iarraidh ar leasú straitéiseach ar an Plean Straitéiseach CBT a bhaineann le hAirteagal 17(5), Airteagal 88(7) nó Airteagal 103(5) san áireamh i leith na teorann a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo.

8. Gabhfaidh éifeacht le leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT a bhaineann le hAirteagal 17(5), Airteagal 88(7) nó Airteagal 103(1) i ndáil le CERT ón 1 Eanáir den bhliain féilire tar éis na bliana a d'fhormheas an Coimisiún an iarraidh ar leasú straitéiseach agus tar éis an leasú comhfhreagrach a dhéanamh ar na leithdháiltí i gcomhréir le hAirteagal 87(2).

Maidir le leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT a bhaineann le hAirteagal 103(1) i ndáil le CETFT, gabhfaidh éifeacht leis tar éis don Choimisiún an iarraidh ar leasú straitéiseach a fhormheas agus tar éis an leasú comhfhreagrach a dhéanamh ar na leithdháiltí i gcomhréir le hAirteagal 89(4).

Gabhfaidh éifeacht le leasú straitéiseach ar an bPlean Straitéisigh CBT a bhaineann le CERT, cé is moite de na leasuithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, ó dháta a chinnfidh an Ballstát ach gan a bheith níos luaithe ná ón dáta a chuirfear an iarraidh ar leasú faoi bhráid an Choimisiúin. Féadfaidh na Ballstáit dáta éagsúil nó dátaí éagsúla éifeachta a shocrú do gach eilimint éagsúil an leasaithe straitéisigh. I gcás ina bhféadfaidh an leasú straitéiseach na feirmeoirí lena mbaineann a chur i gcás nach bhfuil chomh fabhrach céanna ná mar a bhí siad roimh an leasú sin, cuirfidh na Ballstáit san áireamh, agus dáta éifeachta an leasaithe á chinneadh acu, an gá atá ag feirmeoirí agus tairbhíthe eile a ndóthain ama a bheith acu an leasú a chur san áireamh. An dáta éifeachta atá beartaithe le haghaidh leasú straitéiseach a bhaineann le CERT, sonróidh an Ballstát é san iarraidh ar leasú a dhéanamh ar an bPlean Straitéiseach CBT dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus beidh sé faoi réir fhormheas an Choimisiúin i gcomhréir le mír 10 den Airteagal seo.

9. Féadfaidh na Ballstáit, tráth ar bith, leasuithe eile a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm ar a bPleananna Straitéiseacha CBT, seachas leasuithe straitéiseacha dá dtagraítear i mír 2. Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi na leasuithe eile sin faoin tráth a thosóidh siad á gcur i bhfeidhm agus cuirfidh siad leis an bPlean Straitéiseach CBT leasaithe iad arna chur faoi bhráid in éineacht leis an gcéad iarraidh eile ar leasú i gcomhréir le mír 2. .

I gcás ina dtabharfar isteach leasuithe i ndáil le caighdeáin 1 agus 4 GAEC, áiríteoidh na Ballstáit agus soláthróidh siad údar sonrach nach gcuirfidh na leasuithe sin cuspóirí comhshaoil agus aeráide i mbaol a bhaineann, de réir mar is iomchuí, le caomhnú féarthalaimh bhuain nó le cosaint uiscebhealaí ar thruailliú.

I gcás nach ndéanfaidh an Coimisiún agóid in aghaidh leasuithe ar tugadh fógra ina leith laistigh de 30 lá oibre ón bhfógra a chur faoina bhráid, beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na leasuithe ó dháta an fhógra. Déanfaidh an Coimisiún agóid in aghaidh leasú ar tugadh fógra ina leith má chinneann sé nach bhfuil an leasú comhoiriúnach don Rialachán seo agus do Rialachán (AE) 2021/2116, ná do na gníomhartha tarmlichte agus cur chun feidhme arna nglacadh dá mbun.

Na leasuithe ar tugadh fógra ina leith agus a ndearna an Coimisiún agóidí ina n-aghaidh, ní bheidh éifeachtaí dlíthiúla leo agus scriosfaidh na Ballstáit iad ón bPlean Straitéiseach CBT leasaithe a cuireadh isteach de bhun na chéad fhomhíre den mhír seo. Ní bheidh an caiteachas a thiocfaidh as na leasuithe sin incháilithe le haghaidh ranníocaíocht ó CETFT ná ó CERT. Féadfaidh an Ballstát na leasuithe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhformheas in iarraidh ar leasú straitéiseach dá dtagraítear i mír 2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha a bhaineann le formheas leasuithe straitéiseacha dá dtagraítear i míreanna 2 go 8 agus 10 agus 11 a bhaineann le leasuithe straitéiseacha maidir le formheas leasuithe a ndearna an Coimisiún agóid ina n-aghaidh i gcomhréir leis an dara fhomhír den mhír seo. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 121 den Rialachán seo maidir le teorainneacha ama a ríomh i dtaca le gníomhaíochtaí an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí de bhun na míre seo.

10. Déanfaidh an Coimisiún gach leasú straitéiseach ar an bPlean Straitéiseach CBT, dá dtagraítear i mír 2, a fhorghnóthú trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme gan an nós imeachta coiste dá dtagraítear in Airteagal 153 a chur i bhfeidhm.

11. Gan dochar d'Airteagal 86, ní bheidh éifeachtaí dlí ag leasuithe straitéiseacha ar Phleananna Straitéiseacha CBT dá dtagraítear i mír 2 go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún iad a fhorghnóthú.

12. Ceartúcháin de chineál cléireachais nó earráidí follasacha nó ceartúcháin eagarthóireachta amháin nach ndéanfaidh difear do chur chun feidhme an bheartais agus na hidirghabhála, ní mheasfar iad a bheith mar a bheadh iarraidh ar leasú nó ar fhógra faoin Airteagal seo. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir leis na ceartúcháin sin.'

(30) Scriostar Airteagal 120;

(31) In Airteagal 122, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) nósanna imeachta agus teorainneacha ama maidir le hiarrataí ar leasú agus fógraí faoi leasuithe a chur bhraid;';

(32) in Airteagal 124(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) aon togra ón údarás bainistíochta maidir le Plean Straitéiseach CBT a leasú agus, a mhéid a bhaineann le togra le haghaidh leasú ar Phlean Straitéiseach CBT a bhaineann le CERT, dáta éifeachta an leasaithe arna mholadh ag an údarás bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 119(8).';

(33) Leasaítear Airteagal 134 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Le go gceadófar í, beidh an fhaisnéis ar fad a éilítear i míreanna 4, 5, 7 agus 10 sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don Bhallstát lena mbaineann laistigh de 15 lá oibre ó thíolacadh an tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht i gcás nach bhfuil sí inghlactha, agus mura ndéanfar sin measfar í a bheith inghlactha.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Áireofar san fhaisnéis cháilióchtúil dá dtagraítear i mír 4 an méid a leanas:

(a) na haschuir réadaithe a baineadh amach faoi dheireadh na bliana airgeadais roimhe sin;

(b) an t-ollchaiteachas ag deireadh na bliana airgeadais a bhaineann leis na haschuir dá dtagraítear i bpointe (a), sula gcuirfear aon phionóis nó laghduithe eile i bhfeidhm, agus i gcás CETFT, agus ath-leithdháileadh cistí a cuireadh ar ceal nó a gnóthaíodh de bhun Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/2116 á chur san áireamh;

(c) an cóimheas idir an t-ollchaiteachas dá dtagraítear i bpointe (b) agus na haschuir ábhartha réadaithe dá dtagraítear i bpointe (a) ('aonadmhéid réadaithe');

(d) torthaí agus an t-achar go dtí na garspriocanna comhfhreagracha a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 109(1), pointe (a).

Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), pointe (b) agus pointe (c) a bhriseadh síos in aghaidh an aonadmhéid mar a leagtar amach é sa Phlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 111, pointe (h). Maidir le tascairí aschuir atá marcáilte in Iarscríbhinn I mar rud nach n-úsáidtear ach chun faireachán a dhéanamh, ní áireofar ach an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), den mhír seo.';

(c) scriostar mír 6;

(d) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) aon saincheist a dhéanann difear d’fheidhmíocht an Phlean Straitéisigh CBT, go háirithe a mhéid a bhaineann le diallais ó gharspriocanna, lena soláthraítear na húdair dá dtagraítear in Airteagal 135, nó i gcás inarb iomchuí, na cúiseanna atá leo a thabhairt, agus, i gcás inarb ábhartha, tuairisc a a dhéanamh ar na bearta arna ndéanamh;’;

(e) scriostar mír 8 agus mír 9;

(f) i mír 10, scriostar an dara fomhír;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:

‘13. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt maidir leis na tuarascálacha feidhmíochta bliantúla atá inghlactha, laistigh de mhí amháin ón lá a chuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoina n-inghlacthacht. I gcás nach soláthraíonn an Coimisiún barúlacha laistigh den spriocdháta sin, measfar gur glacadh leis na tuarascálacha. Beidh feidhm ag Airteagal 121 maidir le teorainneacha ama a ríomh i dtaca le gníomhartha an Choimisiúin *mutatis mutandis*.’;

(34) in Airteagal 146, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘I gcás tacaíocht a sholáthraíonn na Ballstáit maidir le hoibríochtaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 42 CFAE agus atá beartaithe chun maoiniú breise a sholáthar le haghaidh idirghabhálacha forbartha tuaithe a leagtar síos i dTeideal III, Caibidil IV den Rialachán seo, agus le haghaidh idirghabhálacha le haghaidh íocaíochtaí géarchéime forlíontacha le feirmeoirí a leagtar síos in Airteagal 41a den Rialachán seo, dá ndeonaítear tacaíocht ón Aontas ag aon tráth le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh CBT, ní fhéadfar í a sholáthar ach amháin má chomhlíonann sí an Rialachán seo agus má áirítear í in Iarscríbhinn V a ghabhann leis na Pleananna Straitéiseacha CBT arna bhformheas ag an gCoimisiún.’;

(35) Scriostar Airteagal 159;

(36) Déantar Iarscríbhinní I, II, agus III a leasú i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(37) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo leis mar Iarscríbhinn XV.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/2116

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9(3), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) an tuarascáil feidhmíochta bhliantúil, dá dtagraítear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 ina léirítear go ndearnadh an caiteachas i gcomhréir le hAirteagal 37 den Rialachán seo;’;

(2) in Airteagal 10(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) an tuarascáil feidhmíochta bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 134 de Rialachán (AE) 2021/2115 a sholáthar don Choimisiún;’;

(3) in Airteagal 12(2), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) cibé acu is ceart nó nach ceart an tuairisciú feidhmíochta maidir le táscairí aschuir agus an tuairisciú feidhmíochta maidir le táscairí toraidh le haghaidh an fhaireacháin feidhmíochta

ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115, lena léirítear go gcomhlíontar Airteagal 37 den Rialachán seo;’;

(4) i dTeideal II, cuirtear an Chaibidil seo a leanas leis:

‘Caibidil III

Rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta CBT

Airteagal 13a

An t-údarás atá i gceannas ar rialachas sonraí faoi CBT

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás amháin a bheidh freagrach as gníomhaíochtaí a dhéanamh nó a chomhordú chun idir-inoibritheacht náisiúnta agus trasteorann a bhaint amach agus a choinneáil ar bun idir córais faisnéise a úsáidtear chun CBT a chur chun feidhme, a riar, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air ar mhaithe le feirmeoirí agus tairbhíthe eile CBT. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn idir-inoibritheacht cumas na gcóras faisnéise idirghníomhú le chéile trí shonraí a chomhroinnt trí bhíthin cumarsáid leictreonach.

2. Seo a leanas na cúraimí a bheidh ar an údarás ainmnithe go háirithe:

(a) treochlár a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar leibhéal an Bhallstáit chun idir-inoibritheacht a bhaint amach agus a choinneáil ar bun (dá ngairtear an ‘Treochlár’ anseo feasta);

(b) cur chun feidhme an Treochláir a chomhordú, nó, de réir mar a chinneadh an Ballstát, cur chun feidhme an Treochláir a chomhordú ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus tráthúil;

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir le hainmniú an údaráis faoin [...] [Oifig na bhFoilseachán: laistigh de 3 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Beidh na heilimintí seo a leanas go háirithe sa Treochlár:

(a) measúnú staid na hidir-inoibritheachtareatha atá ann faoi láthair dá dtagraítear i mír 1, chomh maith le measúnú ar chórais um shainaithint dhigiteach agus ar shásraí comhroinnte sonraí atá in úsáid faoi láthair;

(b) riachtanais a shainaithint chun an idir-inoibritheacht dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach agus a choinneáil ar bun, agus bearta a cheapadh chun aghaidh a thabhairt orthu chomh maith le creat ama le garspriocanna agus spriocanna lena gcur chun feidhme;

(c) sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le tionscnaimh idir-inoibritheachta eile de chuid an Aontais agus le tionscnaimh idir-inoibritheachta náisiúnta a shainaithint.

A mhéid is féidir, bunóidh na Ballstáit a measúnú ar riachtanais agus dearadh na mbeart ar an bprionsabal nach mbailítear sonraí ach aon uair amháin agus nach n-athúsáidtear iad.

4. Cuirfidh na Ballstáit an Treochlár dá dtagraítear i mír 3 faoi bhráid an Choimisiúin faoin 16 Meán Fómhair 2026 ar a dhéanaí.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar Threochláir na mBallstát agus cuirfidh sé a bharúlacha maidir leis na Treochláir in iúl do na Ballstáit faoin 16 Samhain 2026 ar a dhéanaí. Tabharfaidh na Ballstáit lánaird ar bharúlacha an Choimisiúin, agus, más gá, cuirfidh siad leagan athbhreithnithe den Treochlár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 16 Nollaig 2026.

Cuirfidh na Ballstáit leasuithe, más ann dóibh, ar a dTreochláir faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na leasuithe ar an Treochlár agus cuirfidh sé a bharúlacha maidir leis na leasuithe in iúl do na Ballstáit laistigh de 2 mhí tar éis a dtíolactha. Tabharfaidh na Ballstáit lánaird ar bharúlacha an Choimisiúin.

5. Ní bheidh feidhm ag an sainmhíniú dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (c) den Rialachán seo maidir leis an Airteagal seo.’;

(5) in Airteagal 16(1), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Ní úsáidfeadh an cúlchiste le haghaidh bearta lena dtugtar tacaíocht d’fheirmeoirí a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh. Mar sin féin, is féidir an cúlchiste a úsáid le haghaidh bearta lena dtugtar aghaidh ar shuaitheadh sa mhargadh de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha lena n-áirítear bearta arna nglacadh de bhun Airteagail 219 agus 220 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.’;

(6) in Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Gan dochar d’Airteagal 53, Airteagal 54 agus 55, déanfaidh an Coimisiún na híocaíochtaí míosúla do chaiteachas a dhéanann na gníomhaireachtaí íocaíochta creidiúnaithe i rith na míosa tagartha.’;

(7) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 21(2):

‘Más rud é, áfach, nach féidir caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 86(2) de Rialachán (AE) 2021/2115 a dhearbhu don Choimisiún le linn na míosa lena mbaineann toisc go bhfuiltear ag feitheamh ar fhormheas ón gCoimisiún maidir le leasú ar an bPlean Straitéiseach CBT i gcomhréir le hAirteagal 119(10) den Rialachán sin, féadfar an caiteachas sin a dhearbhu sna míonna ina dhiaidh sin den bhliain airgeadais chéanna nó, ar a dhéanaí, i gcuntais bhliantúla na bliana airgeadais sin atá le seoladh chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 90(1), pointe (c)(iii), den Rialachán seo.’;

(8) in Airteagal 32, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Gan dochar d’Airteagal 53 agus 55, déanfaidh an Coimisiún íocaíochtaí eatramhacha laistigh de 45 lá tar éis do dhearbhu caiteachais, lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 6 den Airteagal seo, a bheith cláraithe.’;

(9) Leasaítear Airteagal 40 mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 103(2).

Sula nglacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 agus sa chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoina rún agus tabharfaidh sé deis don Bhallstát a bharúlacha a chur isteach laistigh de thréimhse nach giorra ná 30 lá.’;

(10) in Airteagal 45(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) a mhéid a bhaineann le caiteachas faoi CERT agus CETFT araon, suimeanna faoi Airteagal 38 agus 55 den Rialachán seo agus Airteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 104 den Rialachán seo agus, maidir le caiteachas faoi CERT, suimeanna faoi Airteagal 53 agus Airteagal 56 den Rialachán seo, atá le híoc isteach i mbuiséad an Aontais, mar aon le hús ar na nithe seo a leanas’;

(11) in Airteagal 53(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fhomhír:

Cumhdófar leis na gníomhartha cur chun feidhme sin sláine, cruinneas agus fírinne na gcuntas bliantúil a thíolacfar agus beidh siad gan dochar d'ábhar na ngníomhartha cur chun feidhme a ghlacfar ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 55.';

(12) Scriostar Airteagal 54;

(13) in Airteagal 57, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. Na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, déanfaidh siad ranníocaíochtaí cláir a ndearna neamhrialtachtaí difear dóibh a aisíoc leis na Ballstáit, maille le hús agus aon ghnóthachain eile arna nginiúint ag na ranníocaíochtaí seo.

De mhaolú ar mhír 1, na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme, ní dhéanfaidh siad na méideanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír sin a aisíoc leis na Ballstáit, ar choinníoll go léiríonn na comhlachtaí sin i gcás neamhrialtacht áirithe go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) gur ar leibhéal na bhfaighteoirí deiridh a tharla an neamhrialtacht nó, i gcás ciste sealbhaíochta, gur ar leibhéal na gcomhlachtaí a chuireann cistí sonracha chun feidhme nó na bhfaighteoirí deiridh a tharla sí;

(b) gur chomhlíon na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme a n-oibleagáidí, i ndáil leis na ranníocaíochtaí cláir a ndearna an neamhrialtacht difear dóibh, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus gur ghníomhaigh siad leis an gcúram gairmiúil, an trédhearcacht agus an dúthracht a éilítear ar an gcomhlacht gairmiúil a bhfuil taithí aige ar ionstraimí airgeadais a chur chun feidhme; agus

(c) nárbh fhéidir na méideanna a ndearna an neamhrialtacht difear dóibh a ghnóthú d'ainneoin go ndearna na comhlachtaí a chuireann ionstraimí airgeadais chun feidhme na bearta conarthacha agus dlíthiúla uile b'infheidhme, le dícheall cuí.';

(14) cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 60, mír 1:

‘I gcás inar roghnaíodh tairbhí le haghaidh seiceáil ar an láthair ar iarratas ar chabhair nó ar éileamh íocaíochta nó ar choinníollacht de bhun Airteagal 83, ní roghnóidh na Ballstáit, a mhéid is féidir agus na rioscaí gaolmhara á gcur san áireamh, an tairbhí sin le haghaidh seiceáil agus sampla rialaithe ina dhiaidh sin le haghaidh na bliana sin, ach amháin i gcás ina n-éilítear an dara rialú leis na himthosca chun cosaint éifeachtach leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú. Ní laghdódh an fhoráil sin leibhéal na seiceálacha.';

(15) in Airteagal 67(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Taifeadfaidh agus coinneoidh na Ballstáit aon sonraí agus doiciméadacht ar na haschuir bhliantúla a thuairiscítear i gcomhthéacs an dul chun cinn a thuairiscítear i dtreo spriocanna mar a leagtar amach sa Phlean Straitéiseach CBT agus ar a ndéantar faireachán i gcomhréir le hAirteagal 128 de Rialachán (AE) 2021/2115.';

(16) in Airteagal 68, scriostar mír 3;

(17) in Airteagal 69, scriostar mír 6;

(18) in Airteagal 70, scriostar mír 2;

(19) cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

‘Airteagal 70a

Measúnú cáilíochta an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, caighdeán an chórais iarratais gheo-spásúil agus caighdeán an chórais faireacháin limistéir

Gach bliain déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cháilíocht na n-eilimintí dá dtagraítear in Airteagail 68, 69 agus 70 i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bunú ar leibhéal an Aontais. I gcás ina léireofar sa mheasúnú go bhfuil easnaimh sna córais, déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí nó, dá uireasa sin, iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit plean gníomhaíochta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 42.

Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil mheasúnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus an tráthchlár chun iad a chur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Feabhra tar éis na bliana féilire lena mbaineann.’;

(20) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 72:

‘Airteagal 72

Córas rialaithe agus pionóis

Bunóidh na Ballstáit córas rialaithe agus pionóis dá dtagraítear in Airteagal 66(1), pointe (e). Déanfaidh na Ballstáit, trí na gníomhaireachtaí íocaíochta nó na comhlachtaí arna dtarmhligean acu, seiceálacha riaracháin ar bhonn bliantúil ar an iarratas ar chabhair agus ar na héilimh ar íocaíocht chun dlíthiúlacht agus rialtacht i gcomhréir le hAirteagal 59(1), pointe (a) a fhíorú. Déanfar na seiceálacha sin a fhorlónadh le seiceálacha ar an láthair agus féadfar iad a dhéanamh go cianda trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht.

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit a roghnú gan seiceálacha ar an láthair a dhéanamh i gcás ina ndéantar faireachán ar choinníollacha incháilitheachta na n-idirghabhálacha faoin gcóras faireacháin limistéir dá dtagraítear in Airteagal 70.’;

(21) in Airteagal 74, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) rialacha maidir leis an measúnú cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 70a.’;

(22) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 75:

‘Airteagal 75

Cumhachtaí cur chun feidhme a bhaineann le hAirteagal 68 go 70a

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) an fhoirm agus an t-ábhar agus na socruithe maidir leis an méid seo a leanas a tharchur chuig an gCoimisiún nó a chur ar fáil dó:

(i) na tuarascálacha measúnaithe ar chaighdeán an chórais aitheantais le haghaidh dáileachtaí talmhaíochta, caighdeán an chórais iarratais gheo-spásúil agus caighdeán an chórais faireacháin limistéir;

(ii) na gníomhaíochtaí ceartaitheacha dá dtagraítear in Airteagal 70a;

(b) gnéithe bunúsacha agus rialacha maidir leis an gcóras iarratais ar chabhair faoi Airteagal 69 agus an córas faireacháin limistéir dá dtagraítear in Airteagal 70, lena n-áirítear paraiméadair an mhéadaithe a thiocfaidh ar líon na n-idirghabhálacha de réir a chéile faoin gcóras faireacháin limistéir.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 103(3).’;

(23) Leasaítear Airteagal 83 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) tairbhíthe a fhaigheann íocaíochtaí díreacha faoi Theideal III, Caibidil II, de Rialachán (AE) 2021/2115, cé is moite de na híocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 41a den Rialachán sin;’;

(b) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an gcóras rialúcháin le haghaidh coinníollachta maidir le tairbhíthe íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Beidh tairbhíthe a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo díolmhaithe ó rialuithe faoin gcóras arna bhunú i gcomhréir leis an mír sin i gcás nach mó ná 10 heicteár an limistéar atá incháilithe do na híocaíochtaí agus don tacaíocht dá dtagraítear sa mhír sin, mar a dearbhaíodh san iarratas geospásúil dá dtagraítear in Airteagal 69(1).

3. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na córais rialúcháin agus as an riarachán atá acu cheana chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le coinníollacht.

Beidh na córais sin comhoiriúnach leis na córais rialúcháin dá dtagraítear i mír 1.’;

(d) scriostar mír 4;

(e) leasaítear mír 6 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘6. Chun a n-oibleagáidí rialaithe a leagtar síos i míreanna 1 agus 3 a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) bunófar an sampla rialúcháin le haghaidh na seiceálacha ar an láthair dá dtagraítear i bpointe (a) a bheidh le déanamh gach bliain ar bhonn anailís riosca bhliantúil lena n-áirítear comhpháirt randamach agus lena gcumhdaítear 1 % ar a laghad de na tairbhíthe a liostaítear i mír 1 den Airteagal seo. I gcás, de bhun Airteagal 60(1), an tríú fomhír, nach roghnaíonn Ballstát tairbhí le haghaidh seiceála nó sampla rialúcháin, áiritheoidh sé go n-urramófar an t-íosráta rialúcháin;’;

(24) Leasaítear Airteagal 84 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘1a. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an gcóras smachtbhanna riaracháin le haghaidh coinníollachta maidir le tairbhíthe íocaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2021/2115.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Na tairbhíthe a liostaítear in Airteagal 83(1), beidh siad díolmhaithe ó na pionóis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo i gcás nach mó ná 10 heicteár an limistéar atá incháilithe do na híocaíochtaí agus don tacaíocht dá dtagraítear in Airteagal 83(1), mar a dearbhaíodh san iarratas geospásúil dá dtagraítear in Airteagal 69(1).’;

(25) Leasaítear Airteagal 102 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Is go ceann tréimhse 7 mbliana ón 7 Nollaig 2021 a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11(1), Airteagal 17(5), Airteagal 23(2), Airteagal 38(2), Airteagal 40(3), Airteagal 41(3), Airteagal 44(4) agus (5), Airteagal 47(1), Airteagal 52(1), Airteagal 55(6), Airteagal 60(3), Airteagal 64(3), Airteagal 74, Airteagal 76(2), Airteagal 85(7), Airteagal 89(2), Airteagal 94(5) agus (6), Airteagal 95(2) agus Airteagal 105a ghlacadh. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7

mbliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaith sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 11(1), Airteagal 17(5), Airteagal 23(2), Airteagal 38(2), Airteagal 40(3), Airteagal 41(3), Airteagal 44(4) agus (5), Airteagal 47(1), Airteagal 52(1), Airteagal 55(6), Airteagal 60(3), Airteagal 64(3), Airteagal 74, Airteagal 76(2), Airteagal 85(7), Airteagal 89(2), Airteagal 94(5) agus (6), Airteagal 95(2) agus Airteagal 105 a chúlghairm ag aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 11(1), Airteagal 17(5), Airteagal 23(2), Airteagal 38(2), Airteagal 40(3), Airteagal 41(3), Airteagal 44(4) agus (5), Airteagal 47(1), Airteagal 52(1), Airteagal 55(6), Airteagal 60(3), Airteagal 64(3), Airteagal 74, Airteagal 76(2), Airteagal 85(7), Airteagal 89(2), Airteagal 94(5) agus (6), Airteagal 95(2) agus Airteagal 105i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a bheith tugtha do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

(26) in Airteagal 103(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

Chun críocha Airteagail 11, 12, 17, 18, 23, 26, 32, 39 to 44, 47, 51 go 53, 55, 58, 59, 60, 64, 75, 82, 92, 95 agus 100, a mhéid a bhaineann le hábhair a bhaineann le hidirghabhálacha i bhfoirm íocaíochtaí díreacha, idirghabhálacha in earnálacha áirithe, idirghabhálacha forbartha tuaithe agus comheagrú na margai, tabharfaidh an Coiste um na Cistí Talmhaíochta, Coiste an Chomhbheartais Talmhaíochta arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/2115 agus an Coiste um Chomheagrú na Margai Talmhaíochta arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 faoi seach, cúnamh don Choimisiún.’

Airteagal 3

Forálacha agus bearta idirthréimhseacha

1. Formheas ar leasú ar Phleananna Straitéiseacha CBT a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, is le hAirteagal 119 de Rialachán (AE) 2021/2115 a rialófar iad de réir mar is infheidhme tráth a chuirfear na hiarrataí sin faoi bhráid an Choimisiúin.

2. Modhnuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a dtugtar fógra don Choimisiún ina leith de bhun Airteagal 119(9) de Rialachán (AE) 2021/2115 ach nár fhormheas an Coimisiún roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, áireofar iad sa chéad iarraidh eile ar leasú straitéiseach ar an bPlean Straitéiseach CBT arna chur isteach de bhun Airteagal 119(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, arna leasú leis an Rialachán seo.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 2, pointe (5), ón 16 Deireadh Fómhair 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

AN RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Forais an togra/tionscnaimh.....	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluch a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na ranna seo, is é a chiallaíonn 'breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as gníomhaíocht an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.....	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile.....	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bhainistíochta agus rialúcháin	8
2.2.1.	An bonn cirt atá leis na modhanna buiséid, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe.....	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialúcháin inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara a bhainisítear), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)	8
2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc	9

3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe	28
3.3.	An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA	29
4.1.	Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheacha	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha forbartha tuaithe agus tuarascálacha feidhmíochta bliantúla agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus imréiteach feidhmíochta bliantúil agus rialuithe agus pionóis

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Cnuasach clár 8 - An Beartas Talmhaíochta agus Muirí faoi Cheannteideal 3 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 – Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh earnáil talmhaíochta na hEorpa faoi láthair, is é cuspóir ginearálta an togra seo reachtaíocht agus cur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT a shimpliú, agus ar an geaoi sin rannchuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú agus leis an iomaíochas a mhéadú.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Cuspóir sonrach Uimh.

Is é is aidhm don tionscnamh reachtaíocht agus cur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT a chuíchóiriú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- aitheantas níos fearr a thabhairt do chásanna éagsúla feirmeacha,
- chun feirmeoirí a ullmhú ar bhealach níos fearr mar fhiontraithe,
- feabhas a chur ar an iomaíochas
- agus níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit maidir lena bPleananna a bhainistiú.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Leis an tionscnamh, ba cheart é a dhéanamh níos éasca d'fheirmeoirí iarratas a dhéanamh ar scéimeanna tacaíochta an Phlean Straitéisigh CBT agus iad a chur chun feidhme, ar scéimeanna iad arb é is aidhm dóibh a n-inbhuanaitheacht agus a n-iomaíochas a mhéadú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- oibleagáidí dubailte a sheachaint,
- brú rialúcháin a laghdú trí laghdú a dhéanamh ar an líon cuairteanna allamuigh ar an bhfeirm is gá d'údaráis náisiúnta a dhéanamh,
- nós imeachta cur i bhfeidhm a shimpliú,

- solúbthacht a mhéadú le haghaidh feirmeoirí chun a dtalamh a bhainistiú,
- caoi a thabhairt chun cúiteamh níos fearr a thabhairt d'fheirmeoirí maidir le costais a tabhaíodh agus ioncam a tarscaoileadh i ndáil le hoibleagáidí áirithe a chur chun feidhme,
- deiseanna cistiúcháin a leathnú agus a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr, e.g. beachairí nó feirmeoirí beostoic,
- modh ríofa caillteanais níos oiriúnaithe a bheith ann le haghaidh grúpaí áirithe feirmeoirí nó limistéar a bhfuil riachtanais ar leith acu atá ag gabháil do bhainistiú riosca,
- níos mó tacaíochta a thabhairt d'fheirmeoirí a fhulaingíonn caillteanais de dheasca tubaistí nádúrtha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide,
- deiseanna a leathnú chun iarratas a dhéanamh ar thacaíocht ioncaim chnapshuime agus ar thacaíocht forbartha gnó cnapshuime le haghaidh feirmeoirí beaga,
- cur chun feidhme infheistíochtaí a shimpliú trí úsáid níos mó a bhaint as roghanna costais caighdeánacha.

1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Moltar táscairí nua le haghaidh idirghabhálacha leasaithe nó nua. Thairis sin, úsáidtear táscairí atá ann cheana chun feidhmíocht a thomhas

1.4. **Baineann an togra/tionscnamh le:**

- ☒ beart nua
- ☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart³⁴
- ☐ síneadh ar bheart atá ann cheana
- ☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. **Forais an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Mar obair leantach ar an bhFís a fógraíodh i gClár Oibre an Choimisiúin, is é is aidhm don tionscnamh leasuithe a dhéanamh a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit agus ag feirmeoirí ó 2026 ar aghaidh.

1.5.2. *Breislúach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breislúach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na ranna seo, is é a chiallaíonn 'breislúach a bhaineann le gníomhaíocht an Aontais' an luach a thagann as gníomhaíocht an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Mar gheall ar chineál trasteorann agus domhanda na bpríomhdhúshlán atá roimh thalmhaíocht an Aontais, tá gá le freagairt choiteann ar leibhéal an Aontais, lena ndaingnítear feidhmiú an mhargaidh aonair agus cothrom iomaíochta atá bunaithe cheana féin leis an gComhbheartas Talmhaíochta. Dá réir sin, leasaítear leis an tionscnamh

³⁴ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58, pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

reachtaíocht an Aontais lena rialaítear cur chun feidhme idirghabhálacha a dhéanann na Ballstáit a chistítear ó chistí an Aontais.

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Mar thoradh ar thionscnamh um shimpliú a bhíodhas a shaothrú anuraidh, fágadh go raibh laghdú suntasach ar an ualach riaracháin. Cuireann an tionscnamh seo leis an taithí a fuarthas ó thionscnamh na bliana seo caite. Tá mionsonraí le fáil sa Mheabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an togra.

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile

Tá an tionscnamh comhoiriúnach le CAI.

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh

Fanfaidh aon chaiteachas gaolmhar faoi fho-uasteorainn an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☒ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☒ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- ☐ comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Neamhbhainteach.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Cuireann an tionscnamh leis na rialacha faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana le haghaidh na bPleananna Straitéiseacha CBT.

2.2. Córais bhainistíochta agus rialaithe

2.2.1. *An t-údar atá leis an modh/na modhanna cur chun feidhme buiséid, lesásra/ sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuireann an tionscnamh leis na córais bhainistíochta agus rialúcháin atá ann cheana le haghaidh na bPleananna Straitéiseacha CBT.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialúcháin inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Cuireann an tionscnamh leis na rialacha faireacháin agus tuairiscithe atá ann cheana le haghaidh na bPleananna Straitéiseacha CBT.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an údair atá léi sin (cóimheas idir na costais rialúcháin agus luach na gcistí gaolmhara a bhainisítear), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíochta a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Leis an tionscnamh cuirtear leis na rialacha rialacháin atá ann cheana agus déantar iad a shimpliú maidir le Pleananna Straitéiseacha CBT.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Leis an tionscnamh cuirtear leis na rialacha atá ann cheana arb é is aidhm leo calaois agus neamhrialtachtaí a sheachaint le haghaidh na bPleananna Straitéiseacha CBT.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh

Beidh tionchar buiséadach ag an togra mar gheall ar leasú ar Airteagal 52(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, lena n-éascaítear an méadú ar chúnamh airgeadais an Aontais le haghaidh idirghabhálacha earnála in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí.

An cúnamh airgeadais ón Aontas d'eagraíochtaí táirgeoirí torthaí agus glasraí a rinne na Ballstáit a fhorghnóthú chun cláir oibriochtúla (CO) a chur chun feidhme, beidh sé teoranta do chéatadán áirithe (ó 4,1 % go 5,5 % ag brath ar chineál na dtairbhíthe agus na gcuspóirí atá á saothrú) de luach táirgthe arna mhargú na n-eagraíochtaí táirgeoirí sin. Leis an leasú atá beartaithe ar Airteagal 52(2) de Rialachán (AE) 2021/2115, d'fhéadfaí méadú 0,5 pointe céatadán a dhéanamh ar na teorainneacha áirithe a chomhlíonadh. Ag brath ar rogha na heagraíochtaí táirgeoirí, is féidir leis sin an caiteachas a mhéadú. Ós rud é go gcuirfear na cláir oibriúcháin uile chun feidhme ó 2026 ar aghaidh faoin bPlean Straitéiseach CBT agus go mbeidh siad bunaithe ar fhorghníomhú na hearnála sa bhliain airgeadais 2024 (EUR 1,15 billiún), is é EUR 5,75 milliún (EUR 1,15 billiún x 0.05) an caiteachas breise bliantúil measta. Chun úsáid a bhaint as an méadú a d'fhéadfadh a bheith ann, beidh ar eagraíochtaí táirgeoirí a gclár oibriúcháin a leasú, agus dá bhrí sin déanann an tionchar airgeadais difear do 2026 agus 2027. Fanfaidh aon chaiteachas gaolmhar faoi fho-uasteorainn an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT).

Thairis sin, tá tionchar buiséadach neamh-inchanníochtaithe ag an togra a eascraíonn as an leasú ar Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2021/2116. Leis an leasú atá beartaithe ar an bhforáil sin, eisiatar ón maoiniú faoin gcúlchiste talmhaíochta na bearta lena dtugtar tacaíocht d'fheirmeoirí a ndéanann tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhais thurraingeacha difear dóibh. Ní athraíonn an togra méid foriomlán an chúlchiste. Mar sin féin, d'fhéadfadh caiteachas níos ísle faoin gcúlchiste a bheith mar thoradh ar an bhforáil, i gcás nach n-úsáidfear í le haghaidh bearta in aghaidh shuaití sa mhargadh (Airteagal 219 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013), bearta a bhaineann le galair ainmhithe agus lotnaidí plandaí agus muinín tomhaltóirí a chailliúint (Airteagal 220 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013), bearta eile chun fadhbanna sonracha a réiteach (Airteagal 221 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013) nó comhaontuithe agus cinntí le linn tréimhsí míchothromaíochtaí tromchúiseacha i margaí (Airteagal 222 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013) (tá an dara ceann faoi réir ghlacadh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus teacht i bhfeidhm (togra ón gCoimisiún maidir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a leasú (COM(2024) 577 final)). Ós rud é nach féidir a bheartú roimh ré cé na himthosca eisceachtúla ar féidir leo cáiliú do thacaíocht i bhfoirm bearta eisceachtúla, ní féidir an tionchar buiséadach sin a chainníochtú. D'fhéadfadh éifeacht a bheith ag an leasú atá beartaithe (má thagann na leasuithe atá beartaithe i bhfeidhm faoin am sin) ón 16 Deireadh Fómhair 2025 ar a luaithe, agus dá bhrí sin sa bhliain airgeadais 2026, ós rud é gur leithdháileadh cistí cheana féin faoi chúlchiste 2025 le haghaidh earnálacha a ndéanann teagmhais dhíobhálacha aeráide agus tubaistí nádúrtha difear dóibh. Fanfaidh aon chaiteachas gaolmhar faoi fho-uasteorainn an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT).

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadaisil bhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ³⁵	ó thíortha de chuid CSTE ³⁶	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a ³⁷	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
3	08.02.01 Cúlchiste talmhaíochta	LN	LÍON	LÍON	LÍON	LÍON
3	08.02.02.01 Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí	LN	LÍON	LÍON	LÍON	LÍON
3	08.02.04.01 Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta	LN	/NÍL	/NÍL	/NÍL	TÁ/NÍL
3	08.02.04.02 Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta	/LN	LÍON	LÍON	LÍON	LÍON
3	08.02.04.03 Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga	LN	LÍON	LÍON	LÍON	LÍON
3	08.02.04.04 Scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol	LN	LÍON	LÍON	LÍON	LÍON
3	08.02.04.05 Tacaíocht ioncaim chúpláilte	LN	LÍON	LÍON	LÍON	LÍON

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteide al an chreata airgeadaisil bhliantúil	Líne buiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thíortha de chuid CSTE	ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
3	08.02.04.07 Íocaíochtaí géarchéime forlíontacha	LN	LÍON	LÍON	LÍON	LÍON

³⁵ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

³⁶ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

³⁷ Tiortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarthóirí.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadaisilbhliantúil			Uimhir					
AS: <AGRI>				Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021- 2027
				2024	2025	2026	2027	
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí								
08.02.02.01 Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí	Gealltanais	(1a)			5,750	5,750	11,500	
	Íocaíochtaí	(2a)			5,750	5,750	11,500	
	Gealltanais	(1b)					0,000	
	Íocaíochtaí	(2b)					0,000	
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach ³⁸								
Líne bhuiséid		(3)					0,000	
IOMLÁN leithreasuithe do AS <AGRI>	Gealltanais	=1a+1b+3	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500	
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500	
			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021- 2027	
			2024	2025	2026	2027		
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500	
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500	

³⁸ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTIDEAL <3> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	=4+6	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500
	Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500
			Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021- 2027
• IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta)	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500
	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500
• IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta)		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithefaoi CHEANNTIDIL 1 go 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Gealltanais	=4+6	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500
	Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021- 2027
IOMLÁN leithreasuithefaoi CHEANNTIDIL 1 go 7	Gealltanais	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500
den chreat airgeadais ilbhliantúil	Íocaíochtaí	0,000	0,000	5,750	5,750	11,500

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (ná líonadh gníomhaireachtaí díláraithe é seo isteach)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		Iontráil na blianta ar fad is gá chun fad an tionchair a thaispeáint (féach Roinn 1.6)						IOMLÁN	
	ASCHUIR																	
	Cineál 39	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon iomlán	Costas iomlán
↓																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ⁴⁰ ...																		
- Aschur																		
- Aschur																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁIN																		

³⁹ Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

⁴⁰ Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha...’

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN 2021 - 2027
	2024	2025	2026	2027	
CEANNTIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CEANNTIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CEANNTIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlánlasmuigh de CEANNTIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna
- ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha(FTE_{Enna})⁴¹

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist sa phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)				
20 01 02 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	0	0	0	0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0
01 01 01 01 (Taighde indíreach)	0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)	0	0	0	0
Linte buiséid eile (sonraigh)	0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)				
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')	0	0	0	0

⁴¹ Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid de choibhéis lánaimseartha arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-implonú laistigh de do AS, maille leis na glanriachtanais atá agat.

20 02 03 (AC, AL, END agus JPD i dtoscaireachtaí an Aontais)		0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	- sa Cheanncheathrú	0	0	0	0
	- i dtoscaireachtaí an Aontais	0	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END – Taighde indíreach)		0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach)		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7		0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Ceannteideal 7		0	0	0	0
IOMLÁN		0	0	0	0

I bhfianaise an bhrú fhoriomláin atá i gCeannteideal 7, maidir le soláthar foirne agus leibhéal na leithreasuithe araon, is baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht nó de sheirbhísí eile de chuid an Choimisiúin a chomhlíonfaidh na hacmhainní daonna is gá.

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

	Le cumhdach ag an bhfoireann atá ann faoi láthair atá le fáil i seirbhísí an Choimisiúin	Foireann bhreise eisceachtúil*		
		Le maoiniú faoi Ceannteideal 7 nó Taighde	Le maoiniú ó líne BA	Le maoiniú ó tháillí
Poist sa phlean bunaíochta			Neamhbhainteach	
Foireann sheachtrach (CA, SEnna, INT)				

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh acu seo a leanas:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	
Pearsanra seachtrach	

3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

IOMLÁN na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021 - 2027
	2024	2025	2026	2027	
CEANNTIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CHEANNTIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7					
Caiteachas beartais TF ar chlár	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

oibríochtúla					
Fo-iomlánasmuigh de CHEANTEIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI).
- ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.
- ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ☒ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhoinithe					
IOMLÁN na leithreasuithe cómhoinithe					

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ☒ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ☐ ar acmhainní dílse
 - ☐ ar ioncam eile
 - ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncain:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ⁴²			
		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
Airteagal					

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

⁴² A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Riachtanais a bhaineann le hábhar maidir le cúrsaí digiteacha

Ní áirítear sa togra ceanglais a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leo, ós rud é gur scríosadh oibleagáidí tuairiscithe gaolmhara gan aon cheanglas nua maidir le sreafaí sonraí mar thoradh ar angcleachtadh imréitigh feidhmíochta bhliantúil a bhaint. Mar sin féin, ní toradh díreach é an simpliú sin ar oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú trí uirlisí digiteacha a úsáid, ach is toradh é ar imréiteach feidhmíochta bliantúil a scríosadh. Cé go bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha á n-úsáid ag na Ballstáit chun CBT a chur chun feidhme, níl na leasuithe atá beartaithe ar na hoibleagáidí tuairiscithe nasctha leis na teicneolaíochtaí digiteacha sin.

I bhfianaise an phrionsabail ‘Digitiú mar Réamhshocrú’, lena dtugtar tús áite d’úsáid réiteach digiteach chun seirbhísí poiblí a sholáthar, tugtar isteach Airteagal nua i Rialachán (AE) 2021/2116, Airteagal 13a, chun measúnú a dhéanamh ar staid na hoibre maidir le hidir-inoibritheacht na gcórais faisnéise le haghaidh chur chun feidhme, fhaireachán agus mheastóireacht CBT ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasteorann. Leis an Airteagal nua seo, cuirfear tuilleadh feabhais ar dhigitiú na seirbhísí poiblí, rud a áiríteoidh sreabhadh rianúil sonraí agus a dhéanfaidh beartais a sheasfaidh an aimsir. Dá bhrí sin, tá an togra ailínithe leis an bprionsabal ‘Digiteach mar réamhshocrú’, lena gcuirtear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun cinn chun éifeachtúlacht, éifeachtacht agus inrochtaineacht seirbhísí poiblí a fheabhsú. Feabhsóidh sé freisin cur chun feidhme phrionsabal na haonuaire amach anseo. Go háirithe, leis an tagairt in Airteagal 13a atá beartaithe do chórais um shainaithint dhigiteach a úsáidtear i sócmhainní sonraí agus i gcórais faisnéise chun CBT a chur chun feidhme, chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh air, tugtar tásca d’údarais na mBallstát maidir le conas sonraí a bhailiú aon uair amháin agus iad a úsáid roinnt uaireanta, i gcórais a bhfuil aitheantóirí aonair i bhfeidhm acu.

4.2. Sonraí

Neamhbhainteach.

Ailíniú leis an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí

Neamhbhainteach.

Ailíniú le prionsabal na haonuaire

Ar cheann de na príomhchúiseanna leis na ceanglais faoi Airteagal 13a de Rialachán (AE) 2021/2116 atá beartaithe, tá borradh á chur faoi chur chun feidhme phrionsabal na haonuaire. Go háirithe, tugann an tagairt do chórais um shainaithint dhigiteach tásca coincréiteacha d’údarais na mBallstát maidir le conas sonraí a bhailiú uair amháin agus iad a úsáid roinnt uaireanta i gcórais a bhfuil aitheantóirí uathúla i bhfeidhm acu.

Mínigh an chaoi a bhfuil sonraí nuachruthaithe inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach

agus in-athúsáidte, agus an chaoi a gcomhlíonann siad caighdeáin ardcháilíochta.

Neamhbhainteach, toisc go n-áirítear cineálacha sonracha sonraí in Airteagal 2(3).

4.3. Réitigh dhigiteacha

Neamhbhainteach, toisc nach sainordaítear réiteach sonrach leis na ceanglais. Mar sin féin, ina measúnú, breithneoidh na Ballstáit ar ailíniú le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014, **Neamhbhainteach** héidis chaineann le dáte Triachtóg sonrach dhéiridh a d'inglaíodh mar sin féin, i ndiaidh na dáte chaineann, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar ghnéithe idir-**Neamhbhainteacha** n-áirítear an ghné thrasteorann.

4.4. Measúna

4.5. Bearta c